# An Clár Cóiríochta do Thaistealaithe

## Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh

## 2025-2029

Arna ghlacadh ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh



Comhairle Cathrach & Contae Luimnigh
Limerick City & County Council

ATLANTIC EDGE LIMERICK EUROPEAN EMBRACE

# CLÁR ÁBHAR


| | | |
|---|---|---|
| **Brollach** | | 4 |
| **1.** | **Cuid 1** | 5 |
| 1.1 | An Cúlra Reachtach | 5 |
| 1.2 | Struchtúir Rialtais Áitiúil | 6 |
| 1.3 | An tAcht um Stádas Comhionann 2000 – 2018 | 7 |
| 1.4 | Beartas | 8 |
| **2.** | **Cuid 2** | 12 |
| 2.1 | Torthaí Chlár 2019-2024 | 12 |
| 2.2 | An Soláthar Reatha Cóiríochta | 13 |
| 2.3 | Measúnú ar Riachtanas Tithíochta | 14 |
| 2.4 | Riachtanas Tuartha | 19 |
| **3.** | **Cuid 3** | 20 |
| 3.1 | Feidhmíocht, Monatóireacht agus Tomhas | 20 |
| **4.** | **Cuid 4** | 21 |
| 4.1 | Straitéis | 21 |
| 4.2 | Bearta Molta | 23 |
| 4.3 | Tithíocht Chineálach | 23 |
| 4.4 | Cóiríocht Shonrach do Thaistealaithe | 23 |
| **5.** | **Cuid 5** | 27 |
| 5.1 | Conclúid agus athbhreithniú | 27 |
| 6. | Aguisín – Aighneachtaí | 28 |

# LIOSTA GIORRÚCHÁN

| | |
|---|---|
| CCCL | Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh |
| CCCT | An Coiste Comhairleach ar Chóiríocht do Thaistealaithe |
| CCT | An Clár Cóiríochta do Thaistealaithe |
| CFPÁ | Coiste Forbartha Pobail Áitiúil |
| CISGP | An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail |
| ENR | Eagraíocht Neamhrialtasach |
| ÍCT | Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta |
| SCC | Scéim Cóiríochta Cíosa |

# BROLLACH

Tá soláthar Cóiríochta do Thaistealaithe ina ghné lárnach d'fheidhmeanna Údarás Áitiúil agus ullmhaíodh an clár seo i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta mar atá leagtha amach san Acht Tithíochta (Cóiríocht do Thaistealaithe) 1998. I mí an Mhárta 2017, d'fhógair Rialtas na hÉireann aitheantas foirmiúil do Thaistealaithe mar ghrúpa eitneach sainiúil sa stát.

Tugadh aird chuí freisin agus an clár seo á ullmhú ar na ceanglais reachtúla ábhartha go léir agus ar cheanglais ábhartha an bheartais náisiúnta. Beidh tionchar ag an mBeartas Náisiúnta Tithíochta, **"Tithíocht do Chách – Plean Tithíochta Nua d'Éirinn 2021 -2030"** agus ag treoirlínte náisiúnta eile ar sholáthar gach seirbhíse áitiúla, lena n-áirítear cóiríocht do Thaistealaithe.

Tagrófar do Chomhairle Cathrach agus Contae mar "an Chomhairle" sa chlár seo.
Tá sé i gceist go gcuirfidh an clár cóiríochta seo le cúinsí feabhsaithe cóiríochta do na teaghlaigh Taistealaí sin a dhéantar a mheasúnú go bhfuil riachtanas cóiríochta acu. Beidh rath an chláir ag brath ní hamháin ar an maoiniú atá ar fáil ach freisin ar rannpháirtíocht dhearfach gach príomhpháirtí leasmhair, lena n-áirítear baill de phobal na dTaistealaithe. Oibreoidh an Chomhairle i gcomhar le gníomhaireachtaí ábhartha agus le Taistealaithe le cinntiú go ndéanfar soláthar comhordaithe seirbhísí agus é mar aidhm toradh dearfach a bhaint amach do gach duine atá rannpháirteach.

I gcomhréir le hAlt 10 d'Acht 1998, threoraigh an tAire go gclúdóidh an chéad Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe eile an tréimhse ó mhí Eanáir 2025 go 31 Nollaig 2029.

Shonraigh an tAire gurb é an 31 Nollaig 2024 an dáta is deireanaí le glacadh leis an gclár cóiríochta.

# CUID 1:

# An Reachtaíocht, Struchtúir Rialtais Áitiúil agus an Beartas

## 1.1 An Cúlra Reachtach

Ullmhaíodh an clár cóiríochta le haghaidh na tréimhse 2025-2029 i gcomhréir leis na forálacha atá leagtha amach san Acht Tithíochta (Cóiríocht do Thaistealaithe) 1998.

Cuirfear an clár i bhfeidhm agus aird tugtha ar an reachtaíocht ábhartha go léir i ndáil le tithíocht agus ar an reachtaíocht ábhartha eile agus coinneofar i gcuimhne ceanglais na mbeartas ábhartha agus na dtreoirlínte agus na gciorclán roinne ábhartha.

Tá sé ar intinn ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh, agus an clár cóiríochta á chur i bhfeidhm, go mbainfear amach comhaontú idir na páirtithe leasmhara go léir áit is féidir. I gcás ar bith, cuirfear gníomhartha i bhfeidhm ar an mbonn go ndéantar freastal leo ar riachtanais chóiríochta teaghlach agus aird tugtha ar riachtanais agus chúinsí an phobail áitiúil.

Leis an Acht Tithíochta (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 cuirtear creat reachtach ar fáil chun tacú le gealltanas an Rialtais chun cóiríocht do Thaistealaithe a sholáthar. Leis an Acht rinneadh leasú ar na hAchtanna Tithíochta, 1996-1997 agus ar Acht Rialtais Áitiúil (Pleanáil agus Forbairt) 1963 go 1998. Is é cuspóir an Achta agus an Chláir Chóiríochta ina dhiaidh sin ná na nósanna imeachta, na hacmhainní agus na háiseanna riachtanacha a chur i bhfeidhm le cinntiú go dtugann Údaráis Tithíochta aghaidh go straitéiseach ar riachtanais chóiríochta Taistealaithe.

Achoimre ar phríomhfhorálacha an Acht Tithíochta (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998:

- Ceanglaítear ar gach údarás áitiúil clár 5-bliana um Chóiríocht do Thaistealaithe a ullmhú le haghaidh a gceantair.
- Feidhm fhorchoimeádta atá i gceist le glacadh leis an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe. I gcás go mainníonn an Chomhairle glacadh leis an gClár laistigh den amhfhráma atá sonraithe ag an Aire, glacfaidh an Méara, le hordú, leis an gclár.
- Ceanglaítear ar an údarás áitiúil fógra cuí agus comhairliúchán a chur ar fáil don phobal, i dtaobh an clár a ullmhú agus glacadh leis.
- Ceanglaítear ar an údarás áitiúil céimeanna réasúnta a ghlacadh le cur i bhfeidhm an Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe a bhaint amach.
- Ceanglaítear ar an údarás pleanála cuspóirí a bhaineann le pleananna Cóiríochta do Thaistealaithe a chur san áireamh ina chuid pleananna forbartha.
- An Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Chóiríocht do Thaistealaithe a bhunú ar bhonn reachtúil chun comhairle a chur ar an Aire i ndáil le gach gné de chóiríocht do Thaistealaithe.
- Coiste Comhairleach Áitiúil ar Chóiríocht do Thaistealaithe a bhunú agus ionadaíocht ag gach ball agus oifigeach údaráis áitiúil agus ag Taistealaithe.
- Leis an Acht leathnaítear an tacaíocht reachtúil chun tacaíocht airgeadais a sholáthar atá ar fáil d'údaráis áitiúil agus don earnáil dheonach le cóiríocht do Thaistealaithe a sholáthar agus a bhainistiú.
- Chun forálacha ábhartha an Acht Tithíochta (Forálacha Ilghnéitheacha), 1997 a chur i bhfeidhm go háirithe maidir le hiompraíocht fhrithshóisialta ar Chóiríocht Shonrach do Thaistealaithe arna cur ar fáil ag an údarás áitiúil nó ag comhlachtaí deonacha le cúnamh an údaráis áitiúil.
- Leis an Acht feabhsaítear cumhachtaí an údaráis áitiúil chun déileáil le teaghaisí sealadacha údaraithe i gcás ina bhfuil cóiríocht mhalartach le seirbhísí ar fáil, nó laistigh d'aon mhíle amháin ó chóiríocht reatha beag beann ar cibé acu an bhfuil cóiríocht mhalartach ar fáil.

## 1.2 Struchtúir an Rialtais Áitiúil

Mar thoradh ar an Acht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil 2014 rinneadh athruithe suntasacha ar sholáthar sheirbhísí Údaráis Áitiúil i Luimneach agus bunaíodh údarás aonadach do Luimneach. Leis an struchtúr nua sin um rialtas áitiúil rinneadh soláthar do chomhordú méadaithe ar sholáthar cóiríochta do Thaistealaithe agus tacaí gaolmhara do bhaill de phobal na dTaistealaithe i Luimneach. I dteannta le saincheisteanna i ndáil le cóiríocht, déantar soláthar leis na struchtúir nua freisin um chur chuige straitéiseach neartaithe i dtreo thacaí pobail, lena n-áirítear Pobal na dTaistealaithe, i roinnt clár arna maoirsiú ag an gCoiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ). Áiríodh leo siúd an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (CISGP), cláir sláinte agus fholláine faoi Luimneach Sláintiúil agus Pobail Shláintiúla Sláintecare, agus scéimeanna áitiúla deontas pobail mar an gClár um Feabhsú Pobail. D'aithin an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail i Luimneach Taistealaithe mar spriocghrúpa um thacaí sonracha lena n-áirítear tacaí duine le duine a sholáthar do Thaistealaithe aonair agus tacaíocht do ghrúpaí deonacha agus pobail lena bhfuil baint ag Taistealaithe agus/nó a dhéanann ionadaíocht ar leasanna Taistealaí. Maidir leis na trí chuideachta forbartha áitiúla i Luimneach: Ballyhoura Development, West Limerick Resources (Acmhainní Luimnigh Thiar) agus PAUL Partnership (Comhpháirtíocht PAUL) tá conradh acu le soláthar ag leibhéal áitiúil ar fud bhailte agus cheantar tuaithe Luimnigh. Is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a chuireann maoiniú ar fáil tríd an gComhairle chun tacú leis an Tionscadal Exchange House do Thaistealaithe i Luimneach agus don tionscadal Rathkeale Together i Ráth Caola.

Beidh gach seirbhís Rialtais Áitiúil ar fáil do bhaill de phobal na dTaistealaithe i gcomhréir lena gcuid riachtanas agus teidlíochtaí mar shaoránaigh sa cheantar údaráis áitiúil.

Tacaítear freisin le rannpháirtíocht agus cuimsiú phobal na dTaistealaithe i gClár Athnuachana Luimnigh, agus é dírithe ar na ceantair is mó atá faoi mhíbhuntáiste sa chathair agus é á sholáthar ag an gComhairle ó bhí 2013 ann. Is í an aidhm atá i gceist ná tacú le hathnuachan chuimsitheach ar na pobail sin trí chur chuige comhtháite thar cholúin fhisiceacha, shóisialta agus eacnamaíocha. Tacóidh an Stiúrthóireacht Athnuachana leis an aonad cóiríochta do Thaistealaithe trí mháistirphlean agus roghanna cóiríochta eile a fhorbairt, agus iad deartha i gcomhpháirt le pobal na dTaistealaithe.

Ba cheart go dtabharfaí aghaidh leis an máistirphlean sin ar riachtanais chóiríochta phobal na dTaistealaithe a bhfuil cónaí orthu i gceantair athnuachana na cathrach, agus go dtabharfaí aghaidh ar an gceangal atá acu leis an bpobal i gcoitinne. Ba cheart go mbainfeadh teaghlaigh Taistealaí leas as an gclár Athnuachana.

Ar an 7 Meitheamh 2024, vótáil muintir Luimnigh ar son an chéad Mhéara a thogh siad go díreach agus cumhachtaí feidhmiúcháin ag an ról. Tá an Méara freagrach as an Straitéis Tithíochta a dhréachtú, lena n-áirítear an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe.

Tá ceantar riaracháin Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh déanta suas de cheithre Cheantar, mar seo a leanas: Ceantar Uirbeach Luimnigh, agus na trí Cheantar Uirbeach, Áth Dara/Ráth Caol, An Caisleán Nua agus an Cheapach Mhór/Cill Mocheallóg.

## 1.3 Na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2018

### Comhionannas agus Cearta Daonna

D'fhorbair an chomhairle creat chun Dualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Ceart Daonna a chur i bhfeidhm faoi Alt 42 den Acht um Choimisiún na hÉireann um Chearta agus Chomhionnanas 2014. Le dualgas na hearnála poiblí i ndáil le comhionannas agus cearta daonna ceanglaíodh ar údaráis áitiúla measúnú a dhéanamh ar na saincheisteanna comhionannais agus ceart daonna atá ábhartha dá gcuid feidhmeanna. Tá ballraíocht de phobal na dTaistealaithe ar cheann de na naoi bhforas cosanta faoin reachtaíocht i leith comhionannais. Faoin dualgas, ceanglaítear orainn na céimeanna seo a leanas a ghlacadh:

**Measúnú a dhéanamh:** Tabhairt faoi mheasúnú fianaise-bhunaithe agus rannpháirteach ar shaincheisteanna comhionannais agus ceart daonna a mbíonn ar Thaistealaithe plé leo i ndáil le cóiríocht, atá ábhartha d'fheidhmeanna an údaráis tithíochta.

**Déileail leo:** Aon ghníomhartha a shainaithint agus a chur i bhfeidhm atá curtha i bhfeidhm nó a bhfuil sé beartaithe a chur i bhfeidhm ag an gComhairle le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna mar atá measúnaithe, mar chuid den chlár cóiríochta do Thaistealaithe.

**Tuairisciú:** Tuairisciú ar bhonn rialta ar dhul chun cinn atá déanta maidir leis an dualgas a chomhlíonadh agus aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna comhionannais agus cearta daonna de réir mar a rinneadh measúnú orthu sa phlean.

Is é an tAonad Cóiríocha do Thaistealaithe atá freagrach as an bPlean Gníomhaíochta um Chomhionnanas de chuid Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh i ndáil le cóiríocht do Thaistealaithe. Tabharfar tuairiscí rialta ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta um Chomhionnanas do Choiste Comhairliúcháin Luimnigh ar Chóiríocht do Thaistealaithe agus do gach grúpa Taistealaithe i Luimneach. Cuireadh oiliúint chuí ar fhoireann go léir an aonaid chóiríochta do Thaistealaithe. Cuirfear oiliúint ar fáil de réir mar is cuí d'fhoireann eile na comhairle. Leanfar ar aghaidh le hoiliúint ar bhonn leanúnach de réir mar a theastaíonn.

Glacann an Chomhairle cur chuige atá bunaithe ar luachanna i dtreo Dhualgas na hEarnála Poiblí i leith Comhionannais agus Ceart Daonna a chomhlíonadh. Is iad na cúig chroíluach ná Dínit, Cuimsiú, Rannpháirtíocht, Neamhspleáchas agus Acmhainní.

Is é atá i gceist le dínit ná meas a léiriú agus bheith neamhbhreithiúnach agus baineann bá agus comhbhá léi. Is é atá i gceist le cuimsiú ná muintearas, pobal agus fáilte a chur roimh an éagsúlacht, agus teastaíonn inrochtaineacht agus in-oiriúnaitheacht lena aghaidh.
Is é atá i gceist le rannpháirtíocht ná plé fiúntach, comhairliúchán agus oscailteacht. Leis an rannpháirtíocht bíonn guth ag daoine agus déantar iad a chumhachtú chun iad féin a chur in iúl.
Cumasú agus rogha atá i gceist leis an neamhspleáchas. Leis an neamhspleáchas bíonn an cumas ag daoine labhairt ar a son féin agus ar son a bpobail.
Baineann acmhainní le cothroime, trédhearcacht agus oscailteacht. Is é atá i gceist leis ná go nglactar cur chuige réamhghníomhach agus fianaise-bhunaithe i dtreo acmhainní a úsáid.

Glacadh an cur chuige sin atá bunaithe ar luachanna agus an PCT á fhorbairt. Feidhmíonn an Chomhairle beartas leathan comhionannais agus aird tugtha ar an ngá le leithcheal a dhíbirt, comhdheiseanna a chur chun cinn agus cearta daonna foirne agus úsáideoirí seirbhíse a chosaint.

**AN tAONAD CÓIRÍOCHTA DO THAISTEALAITHE**

Bhunaigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh Aonad Cóiríochta tiomnaithe do Thaistealaithe laistigh den stiúrthóireacht Tithíochta in 2022. Foireann ildisciplíneach í sin, a oibríonn go sonrach le baill den phobal na dTaistealaithe i Luimneach. Ionad ilfhreastail atá in Aonad Cóiríochta na dTaistealaithe a thacaíonn le Taistealaithe maidir le tacaí cóiríochta agus a chabhraíonn le tionóntaí nó iarratasóirí a threorú chuig tacaí eile de réir mar a theastaíonn. Glacann an fhoireann páirt i gcruinnithe le grúpaí tacaíochta do Thaistealaithe, le heagraíochtaí neamhrialtasacha, le comhlachtaí reachtúla agus le ranna eile san údarás áitiúil i ndáil le hábhair a bhaineann le cóiríocht. Tugann baill foirne tuairiscí ar chóiríocht do na páirtithe leasmhara ábhartha, trí chruinnithe míosúla le teaghlaigh Taistealaí aonair agus do bhainisteoirí sinsearacha sa Chomhairle.

## 1.4 Beartas

- Tá sé mar bheartas ag an gComhairle cabhrú le Taistealaithe a dhéantar a mheasúnú go bhfuil riachtanas cóiríochta acu le cóiríocht lena ndéanfar freastal ar a riachtanas tithíochta.

- Sainítear Taistealaithe in Alt 13(1) d'Acht na dTithe 1988 (arna leasú ag Acht na dTithe 1998 (Cóiríocht don Lucht Siúil) mar "an aicme sin daoine a chleachtann nó a chleacht saol fánaíochta ó thraidisiún". Aithníonn Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh stíl mhaireachtála, traidisiúin agus riachtanais difriúla Phobal na dTaistealaithe mar ghrúpa sainiúil; leis an gclár seo féachtar chuig tacaí cóiríochta agus tacaí a bhaineann le cóiríocht a chur ar fáil agus aird tugtha air sin.

- Déanfar measúnú ar an riachtanas cóiríochta i gcomhréir leis an reachtaíocht ar thithíocht le hAcht na dTithe (Cóiríocht do Thaistealaithe) 1998.

- Ní mór iarratas ar chóiríocht a dhéanamh trí mheán an fhoirm iarratais chaighdeánaigh um thithíocht agus déanfar gach iarratas a mheas. Cuirfear comhairle agus cúnamh ar fáil d'iarratasóirí agus/nó dá gcuid ionadaithe, má iarrann an t-iarratasóir amhlaidh, chun aghaidh a thabhairt ar aon difríochtaí a d'fhéadfadh a theacht chun cinn agus an próiseas iarratais a chur i gcrích. Tugadh isteach foirmeacha iarratais tithíochta nua i mí Dheireadh Fómhair 2021, lena ligtear d'iarratasóirí ar Taistealaithe iad, iad a féin a aithint mar Thaistealaí ar an bhfoirm iarratais tithíochta. Ceadaíonn an fhoirm tithíochta nua sin freisin d'iarratasóirí cóiríocht shonrach do Thaistealaithe a roghnú má theastaíonn.

- Déanfar iarratasóirí ar chóiríocht a mheasúnú agus a mheas i gcomhthéacs an chláir seo agus na Rialachán um Mheasúnú ar Thithíocht Shóisialta 2011. Déanfar iarratasóirí cáilithe a mheas um chóiríocht oiriúnach i gcomhréir le Scéim na dTosaíochtaí Ligin agus le beartais ábhartha eile lena n-áirítear an Straitéis um Iompar Frithshóisialta mar a bhaineann le gach iarratasóir cáilithe.

- Tá sé mar bheartas ag an gComhairle, áit is indéanta, go ndéanfaí an rogha tosaíochta a mheas i ndáil leis an gcineál cóiríochta a iarrtar. Murar féidir é sin a dhéanamh, déanfar roghanna cóiríochta eile a mheas agus féadfar iad a thairiscint do theaghlaigh aonair. Má dhiúltaíonn teaghlaigh aonair, gan chúis mhaith, don tairiscint sin, d'fhéadfadh go laghdófaí an tosaíocht a thabharfaí dá n-iarratas ar chóiríocht i gcomhréir le forálacha reachtúla.

- Cuirfidh an Chomhairle an clár sin i bhfeidhm ar bhonn comhairliúcháin le teaghlaigh Thaistealaí aonair, le gníomhaireachtaí reachtúla eile, leis an gCoiste Comhairleach Áitiúil ar Chóiríocht do Thaistealaithe, leis an earnáil dheonach agus le comhlachtaí agus eagraíochtaí ábhartha eile de réir mar is cuí. Tá breithniú déanta ag an aonad cóiríochta do Thaistealaithe ar dhualgas na hearnála poiblí i leith comhionannais agus ceart daonna agus aird tugtha ar an ngá le leithcheal a dhíbirt agus comhdheiseanna a chur chun cinn do gach duine. Tabharfar aird i gcónaí ar oibleagáidí reachtúla na Comhairle, ar an maoiniú atá ar fáil agus ar indéantacht na moltaí arna ndéanamh maidir leis an gclár a chur i bhfeidhm.

- Ní mór go gcomhlíonfadh iarratasóirí na ceanglais reachtúla chun go gcáileoidís do thacaí tithíochta agus cóiríochta. Má tá iarratas á dhéanamh cois bóthair nó ó láithreán neamhoifigiúil eile ní mór dóibh fianaise a thabhairt le léiriú gur fhiosraigh siad roghanna cóiríochta eile. Má tá roghanna eile ar fáil mar réitigh eatramhacha ní mór go mbeadh an Chomhairle cinnte gur réasúnta cinneadh an iarratasóra cois bóthair nó láithreán neamhoifigiúil eile a roghnú agus aird tugtha ar na cúinsí aonair. Má tá an Chomhairle cinnte nach bhfuil rogha eile ag iarratasóirí, tabharfar faomhadh d'iarratas ó chois bóthair nó ó láithreán neamhoifigiúil eile má mheastar go bhfuil gá ag na hiarratasóirí le cúnamh agus go gcomhlíonann siad na critéir cháilitheacha eile.

- Ar chúinsí ina n-imíonn tionóntaí ó chóiríocht údaráis áitiúil agus ina ndéanann siad iarratas arís ar chóiríocht cuirfear gach fachtóir san áireamh agus an t-iarratas nua á mheasúnú. Ní mór go mbeadh an Chomhairle cinnte gur réasúnta na cúiseanna atá tugtha le himeacht ón gcóiríocht roimhe sin, go raibh siad chun leas an tionónta, agus nár imíodh díreach ar mhaithe le cóiríocht mhalartach a fháil. Déanfaidh an Chomhairle an measúnú agus treoir Rialachán 2011 ar Mheasúnú ar Thithíocht Shóisialta á leanúint.

- Tá sé mar bheartas ag an gComhairle go dtabharfar tosaíocht do chóiríocht bhuan a sholáthar agus nach measfar láithreáin a sholáthar nach bhfuil ach áiseanna teoranta ag gabháil leo mar atá sainithe in Alt 29 Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) ach ar chúinsí eisceachtúla de réir mar a shaineoidh an Chomhairle.

- Ní chuirfear ar fáil láithreáin nach bhfuil ach áiseanna teoranta ag gabháil leo mar atá sainithe in Alt 29 d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, má dhiúltaítear do thairiscint cóiríochta, nó dá mbeadh cóiríocht tugtha don iarratasóir cheana nó má tá na hacmhainní acu lena gcóiríocht féin a sholáthar ach amháin ar chúinsí eisceachtúla de réir mar a shainíonn an Chomhairle.

- D'iarr Coimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus um Comhionannas ar Chomhair le Cathrach agus Contae Luimnigh Plean Gníomhaíochta don Chomhionannas a ullmhú agus a chur i bhfeidhm lena dhírítear ar Chóiríocht do Thaistealaithe. Ba é a bhí i gceist le cuid den phlean sin ná aghaidh a thabhairt ar an ngá le cóiríocht shealadach láithreáin le freastal ar Thaistealaithe ag a bhfuil stíl mhaireachtála fánaíochta. D'oibrigh an Chomhairle as lámh a chéile le gach páirtí leasmhar i Luimneach. Ba í aidhm an phlé sin ná socrú an bhfuil gá le láithreáin sealadacha i Luimneach. Níor socraíodh go bhfuil gá measúnaithe le soláthar láithreán sealadach i gceantar feidhmiúil na Comhairle. Reáchtáladh comhairliúchán leis na grúpaí seo a leanas:

    - Coiste Comhairleach Luimnigh ar Chóiríocht do Thaistealaithe
    - Líonra Taistealaithe Luimnigh
    - Clár Sláinte na dTaistealaithe de chuid Chathair Luimnigh
    - An Tionscadal Cúraim Sláinte Phríomhúil do Thaistealaithe
    - Tionscadal Sláinte na dTaistealaithe de chuid Oirthear Luimnigh
    - Rathkeale Together

- Le linn na gcruinnithe sin, fiafraíodh de na grúpaí sin go léir cibé acu, dar leo, go bhfuil gá le láithreáin sealadacha a sholáthar i Luimneach. Shonraigh gach grúpa gur mheas siad nach raibh gá le láithreáin sealadacha faoi láthair. D'ardaigh gach grúpa imní maidir le cén chaoi a ndéanfaí láithreáin sealadacha a bhainistiú. An tionchar a bheadh ag na láithreáin sin ar Thaistealaithe áitiúla. D'ardaigh siad saincheisteanna mar aighneas agus choinbhleacht i measc teaghlaigh Taistealaí. Cheistigh siad cé chomh fada is a d'fhéadfadh teaghlach fanacht i láithreán sealadach.

- Tar éis comhairliúcháin le húdaráis áitiúla chomharsanacha, dearbhaíodh nach bhfuil Taistealaithe áitiúla ar son láithreán sealadach faoi láthair. Leanfaidh Luimneach ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh le páirtithe leasmhara agus le húdaráis áitiúla chomharsanacha mar gheall ar an gceist. Ní dhéanfar breithniú ar láithreáin sealadacha ach má tá Taistealaithe ar a son.

- Ní mór aird a thabhairt ar na cúinsí speisialta i mbaile Ráth Caola agus leanfar ar aghaidh le láithreáin shonracha a sholáthar laistigh de na hacmhainní atá ann. I dteannta leis sin, déantar soláthar chun láithreáin phríobháideacha a sholáthar i gceantair shainithe sa bhaile sa Phlean Forbartha Ceantair Áitiúil 2022 - 2028. Déantar sin chun freastal ar Thaistealaithe áitiúla a mbíonn stíl mhaireachtála neamhchónaitheach, agus a maoin féin a fhorbairt, arb í an rogha is fearr leo.

- Tá sé mar bheartas ag an gComhairle nach mór do na Taistealaithe féin príomhfhreagracht a ghlacadh as a gcuid gníomhaíochtaí áitiúla lena n-áirítear riar agus cúram capall. Áit is féidir, tabharfar aird ar thacú le Taistealaithe chun gníomhaíochtaí eacnamaíocha dlisteanacha a chleachtadh.

- Ceanglaítear ar dhaoine atá ina n-úinéirí capaill cloí le ceanglais an Achta um Rialú Capall 1996, leis an reachtaíocht ar leas ainmhithe agus ar Fhodhlíthe 2017 na Comhairle um Rialú Capall.

- Tá sé mar bheartas ag an gComhairle cur chuige idirghníomhaireachta a fhorbait chun seirbhísí Taistealaí a sholáthar. Cuirfear soláthar nua cóiríochta agus/nó seirbhísí tacaíochta ar fáil mar chuid den chur chuige straitéiseach idirghníomhareachta i dtreo seirbhísí a sholáthar. Is í an fhoireann oibre sóisialta san Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe a dhéanfaidh comhordú ar an ngníomh sin.

## SÁBHÁILTEACHT DÓITEÁIN

- Tá roinnt gníomhartha glactha ag an gComhairle chun sábháilteacht dóiteáin agus feasacht faoi shábháilteacht dóiteáin a choinneáil maidir le láithreáin sonracha do Thaistealaithe. D'fhostaigh muid oifigigh seirbhísí dóiteáin sa Chomhairle chun iniúchadh sábháilteachta dóiteáin a dhéanamh ar an gcóiríocht uile do Thaistealaithe.

- Cuireann an Chomhairle trealamh ar fáil lena n-áirítear pluideanna dóiteáin, aláraim dhe-ocsaíd charbóin agus braiteoirí dóiteáin do na tionóntaí go léir. Déantar cigireachtaí rialta ar sholáthairtí leictreachais agus shuiteálacha gáis.

- Cuirfear oiliúint ar fheasacht dóiteáin ar fáil le linn an chláir seo. Eagróidh baill foirne ón Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe agus an tOifigeach Cothaithe Pobail é sin

## COTHABHÁIL & DEISIÚ

- Eagrófar cóiríocht do thaistealaithe ar an mbonn céanna le beartas na Comhairle um chothabháil agus bhainistíocht a soláthar tithíochta. Ba cheart do thionóntaí bheith feasach faoina gcuid freagrachtaí maidir le cothabháil na maoine mar atá leagtha amach ina gcomhaontú tionóntachta nó ceadúnais. Tá conraitheoir príobháideach fostaithe ag an gComhairle faoi láthair chun seirbhís chothabhála a chur ar fáil do gach láithreán cóiríochta sonrach do Thaistealaithe i gceantar Uirbeach Luimnigh. Cuirtear an tseirbhís sin ar fáil 365 lá sa bhliain.

- Déanfar ceanglais na dtreoirlínte náisiúnta a mheas agus cóiríocht do Thaistealaithe á tógáil, á cothabháil agus á bainistiú.

## TIONÓNTACHTAÍ TACAITHE

- Cabhróidh an Chomhairle le hiarratasóirí roimh agus i ndiaidh leithdháileadh cóiríochta agus cuirfear oiliúint ar fáil i dteannta le clár oiliúna réamh-thionóntachta na Comhairle. I dteannta le gníomhaireachtaí eile tacóidh an Chomhairle le tionóntachtaí chun páirt a ghlacadh i gcláir tionóntachta agus phobail. Le linn shaolré chlár 2019 – 2024, tugadh tacaíocht do 108 teaghlach le haistriú chuig a gcóiríocht nua tríd an gclár reamh-thionóntachta.

## IOMPAR FRITHSHÓISIALTA

- Ceanglófar ar gach tionónta a gcuid freagrachtaí a chomhlíonadh mar atá leagtha amach sa Chomhaontú Ligin a ndeachthas isteach ann eatarthu féin agus idir an Chomhairle agus beidh siad faoi réir na gcoinníollacha atá cuimsithe sa Straitéis Iompair Fhrithshóisialta. Tá Oifigeach Cothaithe Pobail fostaithe ag an gComhairle chun tacú le tionóntaí Taistealaí.

- Cuirfear tacaíocht ar fáil do gach tionónta mar chuid de sheirbhísí tacaíochta Tionónta na Comhairle chun páirt a ghlacadh go hiomlán ina dtimpeallacht chónaithe féin agus ról fiúntach a bheith acu i bhforbairt na timpeallachta sin.

- Má mhainníonn tionóntaí cloí le ceanglais an Chomhaontú Ligin, lena n-áirítear na forálacha maidir le hiompar frithshóisialta, d'fhéadfadh go gceanglófaí ar na tionóntaí sin a gcóiríocht a ghéilleadh. Más gá, féadfaidh an Chomhairle seo imeachtaí dlí a thionscain, lena n-áirítear iarratas ar ordú eisiata. Oibreoidh an Chomhairle le cónaitheoirí nó grúpaí pobail chun saincheisteanna a phlé a bhaineann le bainistíocht agus cothabháil ar chóiríocht do Thaistealaithe. Aimseofar speisialtóirí eadrána más gá chun deacrachtaí aighnis a láimhseáil.

## EASPA DÍDINE

- Aithníonn an Chomhairle leochaileacht na dTaistealaithe a thagann chuici agus iad gan dídean. Tuigeann CCCL an deacracht bhreise a bhíonn ag Taistealaithe i ndáil le hEaspa Dídine. Tuigeann CCCL na deacrachtaí a bhíonn ag Taistealaithe maidir le haonaid mhaoine ÍCT a aimsiú. Tabharfar na tacaí agus na seirbhísí atá cuimsithe i bPlean Gníomhaíochta an Iarthair Láir um Easpa Dídine 2022 – 2025 do na hiarratasóirí sin. Déanfar measúnú ar champaí neamhúdaraithe i gcomhréir le ceanglais na reachtaíochta cuí de réir mar is cuí. Sula n-iarrfar ar theaghlaigh bogadh nó imeacht ó cheantar, nach bhfuil údaraithe um páirceáil carbhán, i dteannta leis an Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe fiosróidh an Fhoireann Ghníomhaíochta um Easpa Dídine cúinsí an teaghlaigh d'fhonn a shocrú an bhfuil siad cuimsithe sa chlár cóiríochta.

- Tráth a bhfuil iarratasóirí ag fanacht le cóiríocht, tacóidh an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe le hiarratasóirí. Cuirfear an tacaíocht agus an treoir chuí ar fáil le linn na tréimhse sin chun cabhrú le hiarratasóirí rochtain a fháil ar sheirbhísí do dhaoine gan dídean.

- Níl aon rud sa roinn seo a chiallaíonn go gcoinneofar ó mhachnamh a dhéanamh ar chabhrú le teaghlaigh Taistealaí le cóiríocht i gcásanna eisceachtúla.

## EASPA DÍDÍNE DAOINE ÓGA

- Straitéis 3-bliana atá i dTithíocht do Chách - An Straitéis um Dhaoine Óga gan Dídean 2023-2025 lena ndírítear ar dheireadh a chur le heaspa dídine do dhaoine óga 18-24 bliana d'aois trí chosc agus trí himeacht; agus eispéireas daoine óga a fhaigheann rochtain ar chóiríocht éigeandála a fheabhsú
- Le Tithíocht do Chách – An Straitéis do Dhaoine gan Dídean 2023-2025 aithnítear Taistealaithe óga mar cheann de na sé chohórt leochaileach atá i mbaol an easpa dídine. Tá idirghabháil luath agus comhar idirghníomhaireachta ina bhfuil ról ag Údaráis Áitiúla, ag an gCoiste Comhairleach ar Chóiríocht do Thaistealaithe, Grúpaí Ionadaíochta Taistealaí agus Fóram Réigiúnach an FSS ar Shláinte Taistealaithe bunriachtanach chun cabhrú le Taistealaithe óga a ullmhú lena rogha cóiríochta a aimsiú agus rochtain a fháil ar aon tacaí riachtanacha sa phobal.
- Cinnteoidh an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe i gComhairle Cathrach & Contae Luimnigh fós go ndéanfar idirchaidreamh luath leanúnach le hoibrithe cúraim sláinte pobail agus leis an Údarás Áitiúil maidir le riachtanais tithíochta Taistealaithe óga. Ba cheart roghanna tithíochta, le haghaidh tithíochta sealadaí, idirthréimhsí agus buaine, a fhiosrú chun nach mbeadh ar dhaoine óga rochtain a fháil ar sheirbhísí príomhshrutha do dhaoine gan dídean.
- Oibreoidh an Rannóg Easpa Dídine agus an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe le Taistealaithe óga atá i mbaol easpa dídine agus tabharfaidh siad treoir maidir le headráin, cothú tionóntachta agus tacaí eile atá ar fáil de réir mar is gá.
- Cuirfidh an tÚdarás Áitiúil oiliúint rialta ar oibrithe cúraim sláinte pobail chun cur ar a gcumas cabhrú le Taistealaithe óga iarratas ar thacaíocht tithíochta sóisialta a chomhlánú agus a leagan isteach chomh luath is féidir.

## TRÉDHEARCACHT & CUNTASACHT

- Cuirfear trédhearcacht agus cuntasacht ar fáil trí thuairisciú ar dhul chun cinn don Choiste Comhairleach Áitiúil do Thaistealaithe, don Fhoireann Bainisteoirí Sinsearacha, do na Dúichí agus don Choiste Beartais Straitéisigh Tithíochta ar bhonn rialta.

# CUID 2:

# Dul chun cinn le linn an Chláir dheireanaigh, Soláthar Reatha & Measúnú riachtanas

## 2.1 Torthaí Chlár 2019 - Bealtaine 2024

Socraíodh spriocanna sa chlár cúig bliana roimhe sin. Príomhsprioc nó príomhtháscaire feidhmíochta ab ea líon na dtairiscintí cóiríochta buaine do theaghlaigh Thaistealaí a fuarthas le measúnú go raibh riachtanas tithíochta acu. Sháraigh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh an sprioc seo a bhí socraithe ag 105 tar éis gur glacadh le 108 tairiscint (Féach ar Thábla 1). Baineadh é sin amach le linn tréimhse de dhúshláin thromchúiseacha in earnáil soláthair na tithíochta sóisialta agus le linn phaindéim COVID.

I dteannta leis na spriocanna atá socraithe thíos, rinneadh na hoibreacha athchóirithe i roinnt láithreán carbhán cónaitheach sa Cheantar Uirbeach.

**Tábla 1: 2019 – Bealtaine 2024 Spriocanna agus Torthaí**

| Sprioc | Líon na dTeaghlach ar táirgeadh cóiríocht bhuan dóibh | |
|---|---|---|
| | Sprioc | Aschur |
| Líon na dTeaghlach | 105 | 108: Glactha<br>(45 dhiúltú do thairiscint) |
| Aistrithe | Aistrithe táirgthe do 22 Theaghlach | |
| Iasachtaí Carbháin | 14 curtha ar fáil | |
| Carbháin éigeandála | 11 curtha ar fáil | |

### CLINICÍ DO THAISTEALAITHE

Chuir Oibrithe Sóisialta údaráis áitiúil tacaí ar fáil do theaghlaigh Thaistealaí. Eagraíodh sainchlinicí chun cabhrú le teaghlaigh i ndáil lena gcóiríocht nó lena gcuid saincheisteanna bainteach le cóiríocht. I rith thréimhse an Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe 2019 – Bealtaine 2024 eagraíodh 38 gclinic agus bhain 366 cliant leas as an rogha tacaíochta sin. Bhí tionchar mór ag Covid 19 ar reáchtáil na gclinici toisc nach bhféadfaí cruinnithe duine le duine a reáchtáil ar feadh roinnt míonna. Leanfar ar aghaidh leis na clinicí fad is a bheidh an clár seo i bhfeidhm.

## 2.2 Soláthar Reatha Cóiríochta

Chabhraigh Comhairle Cathrach agus Contae le teaghlaigh Thaistealaí le cóiríocht le cúig bliana anuas. I measc na cóiríochta a cuireadh ar fáil bhí cóiríocht shonrach do Thaistealaithe agus tithíocht ilchineálach. Tá cónaí ar fhormhór na dteaghlach Taistealaí ar fud Luimnigh i dtithíocht chaighdeánach. Tá traidisiún láidir le chóiríocht láithreán stad (Láithreáin Carbhán Cónaithe) i gCeantar Uirbeach Luimnigh, ach le linn thréimhse an chláir is deireanaí, d'aistrigh 18 dtionónta ó chóiríocht láithreán stad go tithíocht ilchineálach.

Maidir le formhór na dtionóntaí agus na n-iarratasóirí tithíochta a bhfuil cónaí orthu fós i gcóiríocht láithreáin stad tá rogha tithíochta i ngrúpthithíocht áirithe curtha in iúl acu. I gcoitinne, tugtar tacaíocht d'iarratasóirí tithíochta agus do thionóntaí chun leas a bhaint as raon de na roghanna tithíochta sóisialta is fearr a oireann dá riachtanas cóiríochta.

**AITHEANTÓIR EITNEACH TAISTEALAÍ**

Rinneadh teagmháil le gach Taistealaí atá faofa um thithíocht shóisialta agus an clár seo á ullmhú chun an rogha cóiríochta ab fhearr leo a aithint agus ligean d'iarratasóirí iad féin a aithint mar bhall de phobal na dTaistealaithe. Cheadaigh sé sin don Chomhairle riachtanais sonracha cóiríochta na n-iarratasóirí tithíochta faofa go léir a thuiscint, d'fhonn socrú cén cineál cóiríochta a bhí ag teastáil. Go dtí seo, as na 172 iarratasóir tithíochta atá faofa, thug 161 iarratasóir freagra le litir, rinneadh teagmháil leo ar an nguthán, chomhlánaigh siad an Achoimre ar Thithíocht Shóisialta 2023 nó tá aithne ag foireann an aonaid chóiríochta do Thaistealaithe orthu, agus mar sin ní raibh gá le teagmháil. Maidir leis na 11 iarratasóir tithíochta eile fuair siad comhfhreagras breise chun moladh dóibh freagairt agus ina dhiaidh sin tabharfar cuairt orthu sa bhaile. Tá gach Taistealaí atá parcáilte cois bóthair curtha san áireamh sa mheasúnú seo. Bíonn an Chomhairle feasach ar chúrsaí litearthachta i gcónaí, agus féachann an fhoireann oibre sóisialta chuig cabhrú le tacú le hiarratasóirí leis na deacrachtaí sin.

Sa tábla seo a leanas tugtar achoimre ar chineálacha agus ionad reatha na cóiríochta sonraí do Thaistealaithe.


**Tábla 2: Cóiríocht Shonrach do Thaistealaithe Atá Ann Cheana**

***Forbairtí measctha iad roinnt ceantar**

| Láithreáin Charbhán Chónaithe | Grúpscéimeanna Tithíochta |
|---|---|
| Droichead Bhánaí, Cathair Luimnigh | Ráth Caola x 3, Co. Luimnigh |
| An Bóthar, Co. Luimnigh | An Réabóg, Cathair Luimnigh |
| Láithreán Stad Nua an Chorráin, Cathair Luimnigh | Kilmurry View, Caladh an Treoigh |
| *Cluain an Longaigh, Cathair Luimnigh | Cluain Draighneach, Bóthar na hInse |
| An Cosán Fada, Cathair Luimnigh | Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh |
| Ráth Caola, Co. Luimnigh | *Cluain an Longaigh, Cathair Luimnigh |
| Toppins Field, Cathair Luimnigh | Eas Géitine, Co. Luimnigh |

I dTábla 3 leagtar amach an cineál cóiríochta atá curtha ar fáil ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh agus líon na dtionóntaí Taistealaí a bhfuil cónaí orthu sa chóiríocht sin. Ní áirítear leis sin láithreáin phríobháideacha ná láithreáin faoi úinéireacht phríobháideach a soláthraíonn Taistealaithe féin acmhainní lena n-aghaidh. Tugtar cóiríocht d'fhormhór na dtionóntaí i dtithíocht atá ar cíos ón údarás áitiúil.

**Tábla 3: Cóiríocht arna cur ar fáil le Cúnamh Údaráis Áitiúil. 2019 – Bealtaine 2024 (Líon na dteaghlach)**




## 2.3 Measúnú ar riachtanas Tithíochta

Thug an tÚdarás Áitiúil faoi mheasúnú ar riachtanas tithíochta i mí an Mhárta agus i mí Aibreáin 2024 mar atá forordaithe faoi Alt 9 d'Acht na dTithe 1988. Leis an measúnú reachtúil sin ar riachtanas rinneadh measúnú ar gach iarratasóir a iarrann cúnamh le cóiríocht. D'iarr 172 iarratasóir Taistealaí faofa cúnamh le cóiríocht ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh. Áirítear leis sin iad siúd a fhaigheann an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta agus an Scéim Cóiríochta Cíosa faoi láthair.


**Tábla 4: Liosta Feithimh Tithíochta d'Iarratasóirí Taistealaí**

| | |
|---|---|
| Iarratasóirí Tithíochta Faofa | 120 |
| Iarratasóirí Aistrithe Faofa | 27 |
| Iarratasóirí atá Tacaithe ag ÍCT | 21 |
| Iarratasóirí atá Tacaithe ag SCC | 4 |
| **Iomlán** | **172** |

**Tábla 5: Iarratasóirí de réir Ceantair Bhardasaigh**

| Ceantar Bardasach | Líon |
|---|---|
| Uirbeach | 92 |
| Áth Dara / Ráth Caola | 35 |
| An Cheapach Mhór / Cill Mocheallóg | 17 |
| An Caisleán Nua | 28 |
| **Iomlán** | **172** |

**Tábla / Cairt 6: Cineál Leapa Faofa**




| Ceantar | 1 Seomra Leapa | 2 Sheomra Leapa | 3 Sheomra Leapa | 4 Sheomra Leapa | 5 Sheomra Leapa |
|---|---|---|---|---|---|
| Ceantar Uirbeach Chathair Luimnigh | 29 | 20 | 31 | 11 | 1 |
| Áth Dara Ráth Caola | 7 | 12 | 10 | 5 | 1 |
| An Cheapach Mhór Cill Mocheallóg | 3 | 4 | 8 | 2 | |
| An Caisleán Nua | 3 | 9 | 11 | 5 | |
| **Iomlán** | **42** | **45** | **60** | **23** | **2** |

Ní féidir iarratasóirí a chur san áireamh sa mheasúnú riachtanais, agus dá bhrí sin a mheas le haghaidh cóiríochta ach amháin má dhéantar na foirmeacha iarratais cuí a chomhlánú agus a chur faoi bhráid an Údaráis Áitiúil. Nuair atá siad curtha isteach, tugtar faoi mheasúnú d'fhonn an riachtanas cóiríochta a shocrú i gcomhréir leis na rialacháin ar mheasúnú reachtúil. Tugtar tacaíocht d'iarratasóirí leis an bpróiseas agus is ar na hiarratasóirí a bhfuil an dualgas na foirmeacha cuí a chomhlánú agus a chur isteach.

**Tábla 7: Méid an Teaghlaigh**


| | | | |
|---|---|---|---|
| A | 1 duine fásta 0 leanbh | H | 3 duine fásta 1 – 2 leanbh |
| B | 1 duine fásta 1 -2 leanbh | I | 3 duine fásta 3 leanaí nó níos mó |
| C | 1 duine fásta 3 leanaí nó níos mó | J | 4 duine fásta 0 leanbh |
| D | 2 duine fásta 0 leanbh | K | 4 duine fásta 1 – 2 leanbh |
| E | 2 duine fásta 1 – 2 leanbh | L | 4 duine fásta 3 leanaí nó níos mó |
| F | 2 duine fásta 3 leanaí nó níos mó | M | 5 duine fásta a bhfuil leanaí orthu |
| G | 3 duine fásta 0 leanbh | N | 6 duine fásta 0 leanbh nó níos mó |

| Ceantar | A | B | C | D | E | F | G | H | I | J | K | L | M | N |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceantar Uirbeach Chathair Luimnigh | 23 | 10 | 7 | 6 | 11 | 22 | 3 | 0 | 3 | 1 | 3 | 0 | 1 | 2 |
| Áth Dara Ráth Caola | 3 | 5 | 2 | 4 | 9 | 9 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 1 | 0 | 0 |
| An Cheapach Mhór Cill Mocheallóg | 4 | 3 | 2 | 0 | 3 | 3 | 0 | 1 | 0 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 |
| An Caisleán Nua | 0 | 7 | 1 | 3 | 5 | 9 | 1 | 0 | 1 | 0 | 0 | 0 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **30** | **25** | **12** | **13** | **28** | **43** | **4** | **2** | **4** | **1** | **5** | **1** | **2** | **2** |

**Tábla 8: Fad Ama ar an Liosta Feithimh**

| Ceantar | < 12 mhí | 1 -2 bhliain | 3- 7 bliana | 7 - 15 bliana | 15 – 20 bliain | 20+ bliain |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceantar Uirbeach Chathair Luimnigh | 16 | 12 | 36 | 27 | 1 | 0 |
| Áth Dara Ráth Caola | 5 | 2 | 19 | 9 | 0 | 0 |
| An Cheapach Mhór Cill Mocheallóg | 4 | 2 | 6 | 5 | 0 | 0 |
| An Caisleán Nua | 4 | 7 | 8 | 8 | 1 | 0 |
| **Iomlán** | **29** | **23** | **69** | **49** | **2** | **0** |

## Fad Ama ar an Liosta Feithimh




**Tábla 9: Daoine óga 16 - 21 i Láithreáin Stad agus i nGrúpscéimeanna Tithíochta**

| Limistéar | Fir | Mná | Iomlán |
|---|---|---|---|
| Droichead Bhánaí | 0 | 0 | 0 |
| Cluain Draighneach | 1 | 2 | 3 |
| Cluain an Longaigh | 8 | 6 | 14 |
| Kilmurry View | 0 | 0 | 0 |
| An Cosán Fada | 1 | 0 | 1 |
| Láithreán Stad Nua an Chorráin | 8 | 2 | 10 |
| An Réabóg | 0 | 0 | 0 |
| Toppins Field | 3 | 4 | 7 |
| **Iomlán** | **21** | **14** | **35** |
| | | | |

**Tábla 10: Líon na dTaistealaithe i Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean de réir rogha ceantair agus chineál cóiríochta a theastaíonn**

| Ceantar | 1 Seomra Leapa | 2 Sheomra Leapa | 3 Sheomra Leapa | 4 Sheomra Leapa | 5 Sheomra Leapa | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceantar Uirbeach Chathair Luimnigh | 1 | 4 | 1 | | | 6 |
| Áth Dara Ráth Caola | | 1 | 1 | | 1 | 3 |
| An Cheapach Mhór Cill Mocheallóg | | | 1 | | | 1 |
| An Caisleán Nua | | | | 1 | | 1 |
| **Iomlán** | **1** | **5** | **3** | **1** | **1** | **11** |

**Tábla 11: Teaghlaigh agus Iarratasóirí Singile i gcineál seirbhíse do dhaoine gan dídean agus cois bóthair**

| Teaghlaigh agus Iarratasóirí Singile i gCóiríocht do Dhaoine gan Dídean | | |
|---|---|---|
| **Suíomh** | **Iarratasóirí Taistealaí Gan Dídean** | **Iomlán na Tithíochta do Dhaoine gan Dídean** |
| Brú | 1 | 147 |
| Óstán agus B&B | 8 | 117 |
| Mol Teaghlaigh | 2 | 16 |
| Cois Bóthair | 5 | |
| **Iomlán** | **16** | **280** |

**Tábla 12: Bonn Riachtanais de réir rogha ceantair**

| Ceantar | Gan Dídean | Míchumas/ Leigheas | Roinn Neamhdheonach/ Róphlódaithe | Teastaíonn ÍCT | Mí-oiriúnach | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceantar Uirbeach Chathair Luimnigh | 6 | 14 | 19 | 12 | 41 | 92 |
| Áth Dara Ráth Caola | 3 | 8 | 7 | 6 | 11 | 35 |
| An Cheapach Mhór Cill Mocheallóg | 1 | 1 | 6 | 5 | 0 | 0 |
| An Caisleán Nua | 1 | 3 | 3 | 9 | 17 | 0 |
| **Iomlán** | **11** | **27** | **35** | **31** | **68** | **172** |

**Tábla 13: Stádas Fostaíochta**

| Ceantar Bardasach | Míchumas | Pinsinéir | Fostaithe/ Féinfhostaithe | Dífhostaithe | Eile | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| Ceantar Uirbeach Chathair Luimnigh | 4 | 2 | 7 | 79 | 4 | 92 |
| Áth Dara Ráth Caola | 1 | | 1 | 31 | | 35 |
| An Cheapach Mhór Cill Mocheallóg | 1 | | 2 | 11 | 1 | 0 |
| An Caisleán Nua | | | | 28 | | 0 |
| **Iomlán** | **6** | **2** | **10** | **149** | **5** | **172** |

## LÁITHREÁIN SHEALADACHA

Le hAlt 6 d'Acht 1998 ceanglaítear ar Údaráis Áitiúla measúnú a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta Taistealaithe a dhéantar a mheasúnú faoi alt 20 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009. Mar chuid den phróiseas sin, ní mór an gá le láithreáin shealadacha a mheasúnú. Reáchtáil Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh cruinnithe le páirtithe leasmhara, agus ina measc an LTACC, Líonra Taistealaithe Luimnigh, Clár Chathair Luimnigh um Shláinte Taistealaithe, an Tionscadal Cúraim Phríomhúil do Thaistealaithe, Rathkeale Together agus Tionscadal Oirthear Luimnigh um Shláinte Taistealaithe.

Tar éis comhairliúcháin ag na cruinnithe sin, ba léir nach bhfuil aon éileamh ar láithreán sealadach a sholáthar sa cheantar Uirbeach ná i dtrí cheantar Bardasach Luimnigh. Ardaíodh imní maidir le bainistíocht láithreán sealadach agus tionchar na láithreán sin ar Thaistealaithe áitiúla. Comhoibreoidh an Chomhairle leis na comhlachtaí náisiúnta lena n-áirítear Bord an Chláir agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, maidir le cur chuige a fhiosrú i dtreo líonra láithreán sealadach a sholáthar ar leibhéal réigiúnach agus áitiúil.

## 2.4 Riachtanas tuartha

I dteannta leis an riachtanas measúnaithe reatha, tá aird tugtha freisin ar an riachtanas tuartha um chóiríocht le linn thréimhse an chláir seo. Leis an taithí a fuarthas ó chláir roimhe agus tar éis tosca eile a bhreithniú tugtar le tuiscint gurb ionann an méadú tuartha agus méadú de 7% in aghaidh na bliana ar a laghad. Bunaithe air sin tuartar go bhféadfadh go mbeadh 60 iarratasóir breise ag lorg cúnaimh chóiríochta ón údarás áitiúil le linn thréimhse an chláir seo. Ní mór a aithint, nach mór go mbeadh an t-ionchas réalaíoch ó thaobh spriocanna cóiríochta. Is gá an fháil ar sholáthar tithíochta sóisialta agus an fhíric go mbíonn tréimhse feithimh i gceist do gach iarratasóir faofa nua sula gcuirtear cóiríocht údaráis áitiúil ar fáil a chur san áireamh.

Trí chruinnithe le páirtithe leasmhara, ba léir freisin nach bhfuil aon éileamh ar ghrupthithíocht ná cóiríocht láithreán stad i gceantair Bhardasacha Luimnigh. Laistigh den Cheantar Bardasach, níor shonraigh na páirtithe leasmhara gurbh fhearr leo cineál sonrach cóiríochta agus measadh gurbh cinneadh aonair é. Shonraigh Líonra Taistealaithe Luimnigh ar bhonn a dtaighde nach í an tithíocht shóisialta ilchineálach atá mar rogha fhormhór mór na dTaistealaithe a bhfuil cónaí orthu ar láithreáin i gCathair Luimnigh. Shonraigh gach páirtí leasmhar, áfach, go raibh gá le grúpthithíocht shonrach do Thaistealaithe chun cur ar chumas teaghlach cónaí le chéile. Shonraigh na grúpaí éagsúla a raibh cruinniú acu gurbh í an tithíocht shóisialta ghinearálta an rogha tithíochta i gContae Luimnigh.



# CUID 3:

# Feidhmíocht, Monatóireacht agus Tomhas

Tá athrú suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar roghanna cóiríochta chun riachtanais tithíochta sóisialta a chomhlíonadh agus roghanna nua soláthair tithíochta tugtha isteach mar an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT), Léasú Fadtéarmach agus an Scéim Cúnaimh Chíosa (SCC). Leis an mbeartas náisiúnta déantar soláthar do mheicníochtaí nua le bheith i bhfeidhm chun cinntiú go bhféadann an t-Údarás Áitiúil na roghanna soláthair nua a aimsiú agus a chur ar fáil. Chuaigh an t-éileamh méadaithe ar thithíocht agus an easpa tithíochta atá ar fáil san earnáil phríobháideach i bhfeidhm ar an athrú ar an mbeartas náisiúnta. Tá an fheidhmíocht ar leibhéal áitiúil ag brath ar mhaoiniú náisiúnta a bheith ar fáil agus an tuiscint nach mór na roghanna soláthair nua a chur san áireamh. Bíonn tionchar ag timpeallacht athraithe earnáil na tithíochta sóisialta ar sheachadadh ar leibhéal áitiúil agus ní mór do gach páirtí leasmhar é sin a choinneáil i gcuimhne.

Agus na tosca go léir atá i gceist measta, moltar cabhrú le 120 teaghlach le cóiríocht nua nó fheabhsaithe laistigh de raon na roghanna soláthair tithíochta le linn thréimhse an chláir. Áirítear leis na roghanna soláthair ach níl siad teoranta don chóiríocht Údaráis Áitiúil (Ilchineálach agus Sonrach do Thaistealaithe), Comhlachtaí Tithíochta Faofa agus Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta. Déanfar monatóireacht ar bhonn bliantúil ar na spriocanna beartaithe (24 X 5).

Moltar an sprioc seo i gcomhthéacs na timpeallachta eacnamaíche reatha agus beidh baint amach na spriocanna sin ag brath ar sholáthar, ar na hacmhainní atá ar fáil, agus ar chomhar na n-iarratasóirí.
Beidh an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe freagrach as seachadadh straitéiseach an chláir lena n-áirítear spriocanna a chur i bhfeidhm agus forbairt oibreacha caipitil i ndáil leis an gclár. Cuirfear Tuairisceáin Mhonatóireachta faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil &Oidhreachta de réir mar a theastaíonn.

Bunófar Coiste Comhairleach Áitiúil nua ar Chóiríocht do Thaistealaithe le haghaidh Chomhairle Cathrach agus Chontae Luimnigh agus cuirfear tuairiscí ar chur i gcrích an chláir seo faoi bhráid an choiste ag gach cruinniú. Beidh cruinnithe ag an gcoiste ceithre uaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Tá príomhról comhairleach ag an gcoiste maidir le cóiríocht do Thaistealaithe a sholáthar agus a bhainistiú. Cuirtear an Coiste Comhairleach Áitiúil ar Chóiríocht do Thaistealaithe ar an eolas faoi gach gné d’fhorbairt cóiríochta do Thaistealaithe agus ábhair bhainteacha le cinntiú go bpléitear go córasach le gach saincheist.

Tugann an Stiúrthóireacht Tithíochta tuairiscí dul chun cinn ar a Plean Gníomhaíochta um Sholáthar Tithíochta do gach Ceantar ar bhonn ráithiúil. Cuirfear tuairiscí dul chun cinn ar an CCT san áireamh sna tuairiscí sin.

Cuirfear achoimre ar na gníomhaíochtaí i ndáil le cóiríocht do Thaistealaithe san áireamh freisin i dtuarascáil bhliantúil na Comhairle, an Ard-Stiúrthóra agus an Mhéara, agus an Choiste Beartais Straitéisigh ar Fhorbairt Tithe & Shóisialta.

# CUID 4:
# An Straitéis Fheidhmithe agus na Bearta Molta

## 4.1 Straitéis

Laistigh de thréimhse an chláir cúig bliana sin, féachfaidh an Chomhairle chuig freastal ar riachtanais chóiríochta Taistealaithe ar iarratasóirí faofa iad. Cuirfear cóiríocht, seirbhísí oibre sóisialta agus tacaí bainteach le cóiríocht ar fáil ar bhealach comhtháite atá cuimsitheach agus a léiríonn riachtanais phobal na dTaistealaithe.
Cuirfear an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe i bhfeidhm i dteannta leis an Stiúrthóireacht Athnuachana agus Plean Forbartha Luimnigh 2022 – 2028, agus i gcomhréir le gach straitéis tithíochta náisiúnta.
Is é toradh mianaithe an chláir seo ná ní hamháin cóiríocht ardchaighdeáin a sholáthar do bhaill de phobal na dTaistealaithe, ach go mbeidh tionchar ag na tairbhí ar ghnéithe eile dá saol, agus ar an gcaoi sin go bhfeabhsófar a gcáilíocht bheatha.

**ROCHTAIN UILÍOCH**
Tá an Chomhairle geallta chun cóiríocht rochtana uilíche a chur ar fáil. Tá an cineál sin cóiríochta ionchuimsitheach do gach ball de shochaí, agus ligeann sé do dhaoine cónaí go neamhspleách ina dteach. I measc príomhghnéithe de thithíocht míchumais le rochtain uilíoch tá bealaí isteach agus amach inrochtana, inrochtaineacht taobh istigh, seomraí folctha inoiriúnaithe agus gnéithe sábháilteachta. Tá sé sin mar chuid dár gcuid iarrachtaí i gcoitinne an dearadh ionchuimsitheach a chur chun cinn agus cinntiú go bhfreastalaíonn an timpeallacht thógtha ar riachtanais na ndaoine aonair go léir, tacú leis an neamhspleáchas agus an cháilíocht bheatha a fheabhsú do dhaoine faoi mhíchumas.

**COTHÚ POBAIL**
Tá tacaíocht do thionóntaí agus cothú pobal mar phrionsabal treorach agus tithíocht shóisialta á soláthar i Luimneach agus beidh sé ag croílár chur i bhfeidhm an chláir seo. Cuireann an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe fáilte roimh agus spreagann sé rannpháirtíocht tionóntaí, go háirithe laistigh de chóiríocht shonrach do Thaistealaithe. Ceapadh Oifigeach sonrach um Chothú Pobail chun tacú le tionóntaí Taistealaí i Luimneach in 2022. Oibríonn an tOifigeach um Chothú Pobal i ndlúthpháirt leis an Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe, chun forbairt acmhainne a spreagadh agus tacú le bunú ghrúpaí cónaitheoirí chun úinéireacht a ghlacadh ar a gceantar. Baineann an fhoireann úsáid as maoiniú cuntas díomhaoin chun teaghlaigh atá i gcóiríocht shonrach do Thaistealaithe a spreagadh agus tacú leo lena dtimpeallacht chónaithe a fheabhsú. Beidh ceanglais na mbeartas áitiúil agus náisiúnta ag croílár na straitéise chun an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe a

**ROGHANNA TITHÍOCHTA**
Cuirfidh Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh chun cinn an raon iomlán de thacaí cóiríochta le haghaidh thionóntaí Taistealaí / iarratasóirí tithíochta atá leagtha amach thíos anseo:

- Tithíocht Chaighdeánach Údaráis Áitiúil
- Iasachtaí Tí faoi Atógáil Éireann
- Deontais le haghaidh Foirgneamh Tréigthe
- Grúpthithíocht
- Láithreáin Charbhán Chónaithe
- Scéim Iasachtaí agus Deontas le haghaidh Carbhán
- Iasachtaí Blianachta/Deontas Taistealaí chun teach a cheannach.
- An Scéim Deontas Áiseanna Soghluaisteachta
- Cúnamh Tithíochta do Dhaoine Scothaosta
- An Deontas um Oiriúnú Tithe do Dhaoine faoi Mhíchumas
- Léasú fadtéarmach
- Comhlachtaí Tithíochta Faofa

- An Scéim Cóiríochta Cíosa (SCC)
- Íocaíochtaí Cúnaimh Tithíochta (ÍCT)
- Scéim Phríobháideach um Choigeartú Méide
- Deontais Iarfheistithe

Cinnteoidh oifigigh ó Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh go ndéanfar iarratais ar mhaoiniú ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta agus go gcoinneofar riachtanais chóiríochta Taistealaithe i gcuimhne i bpleananna cuí na Comhairle.

Tugtar aird ar riachtanais chóiríochta Taistealaithe agus straitéisí á n-ullmhú le haghaidh tithíochta i Luimneach chomh maith le Plean Forbartha Luimnigh 2022 - 2028. Ar an gcaoi chéanna, tacaítear le riachtanais shóisialta agus eacnamaíocha Taistealaithe chun ionchuimsitheacht a chur chun cinn agus bearta chun cumhachtú Taistealaithe a chur chun cinn i spriocanna faoin bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail 2023 – 2028.

Forbróidh an Chomhairle agus déanfaidh sí a clár cóiríochta a sheachadadh ar bhealach comhtháite agus déanfaidh sí comhairliúchán agus idirchaidreamh le soláthraithe seirbhíse eile trí struchtúir reatha agus nua de réir mar is cuí.

Molfaidh an Chomhairle agus tacóidh sí le soláthar agus bainistíocht cóiríochta do Thaistealaithe ag earnáil na tithíochta deonaí.

Ar bhonn measúnaithe ar riachtanas reatha agus tuartha, tá na tograí sa chlár seo san áireamh chun críocha freastal ar na riachtanais mheasúnaithe an oiread is féidir, agus aird tugtha ar fháil acmhainní chun é sin a dhéanamh, ar cheanglais agus shrianta dlí, ar chomhar ó iarratasóirí, agus áit is féidir, tacaíocht ón bpobal.

Déanfar athbhreithniú ar an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe atá glactha ag Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh laistigh de thrí bliana ón am ar glacadh leis nó ag aon am eile de réir mar a threoródh an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta. Is féidir athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár uair ar bith má mheasann an tÚdarás Áitiúil gur gá sin.

Tabharfar tacaíocht do thionscnaimh phobal-bhunaithe a éascóidh Taistealaithe agus an pobal socraithe le hoibriú níos mó le chéile agus a chuirfidh ar chumas Taistealaithe ról gníomhach a bheith acu ina gcuid pobal áitiúil. Iarrfaidh an Chomhairle acmhainní breise chun cabhrú le rannpháirtíocht thábhachtach Taistealaithe.

Tabharfar aird ar thacú le tionscadail le haghaidh Taistealaithe ar úinéirí maoine acu, ach a dteastaíonn cúnamh uathu le cóiríocht chun na haonaid mhaoine sin a fheabhsú nó a fhorbairt le freastal ar a gcuid riachtanas cóiríochta féin agus/nó riachtanais a dteaghlaigh shínte.

Molfar do Thaistealaithe a bhfuil a maoin féin acu na haonaid mhaoine sin a fheabhsú más gá agus bainfidh an Chomhairle leas as na forálacha reachtúla cuí chun dul i ngleic le háiteanna ina bhfuil foirgnimh thréigthe.

## 4.2 Bearta Molta

Tá cur i bhfeidhm na mbeart seo a leanas ríthábhachtach chun go mbainfí amach na spriocanna atá leagtha amach sa chlár seo agus teastaíonn gealltanas na bpáirtithe leasmhara go léir chun an clár a chur i gcrích. Bainfear amach na spriocanna trí thithíocht ilchineálach agus cóiríocht shonrach do Thaistealaithe a chur ar fáil. Cuimsítear leis freisin uasghrádú ar roinnt cóiríochta reatha. Ceanglaítear ar an gComhairle feidhmiú de réir shrianta na timpeallachta eacnamaíche agus na gcistí atá ar fáil. Beidh ar iarratasóirí mianta réalaíocha a bheith acu freisin agus é mar thosaíocht go ndéanfaí freastal ar riachtanais chóiríochta. Mar gheall air sin d'fhéadfadh nach gcuirfí an rogha is fearr leis na hiarratasóirí ar fáil i gcónaí.

Bainfear amach na bearta chun na cuspóirí a chomhlíonadh faoi dhá phríomh-cheannteideal:

- Tacaí Tithíochta Ilchineálaí
- Cóiríocht Shonrach do Thaistealaithe

## 4.3 Tacaí Tithíochta Ilchineálaí

Déanfar freastal ar riachtanais chóiríochta de chuid iarratasóirí Taistealaí a chuireann in iúl gurb í an tithíocht a rogha cóiríochta tríd na roghanna éagsúla soláthair tithíochta mar atá leagtha amach i straitéis fheidhmithe an chláir seo.
Ní dhéanfar ceannach tithe aonair a mheas ach i gcásanna eisceachtúla ina bhfuil riachtanais speisialta i gceist agus áit nach féidir cóiríocht chuí a aimsiú i soláthar tithíochta an údaráis áitiúil nó tríd na roghanna soláthair tithíochta atá ar fáil.

Ní chuimsítear leis an gclár tograí i ndáil le roghanna sonracha maidir leis an soláthar tithíochta ilchineálaí. Baineann siad siúd le hiarratasóirí a bhfuil cónaí orthu ar fud na cathrach agus an chontae agus déanfar iad a mheasúnú agus a mheas le haghaidh na cóiríochta sin i gcomhréir leis na ceanglais reachtúla ábhartha atá i bhfeidhm lena n-áirítear Scéim na dTosaíochtaí Ligin.

Go traidisiúnta, roghnaíonn Taistealaithe an soláthar tithíochta ilchineálaí i Mainistir na Féile, in Eas Géitine, sa Cheapach Mhór, i gCill Mocheallóg, sa Chaisleán Nua, i dTobar Phádraig agus i gCathair Luimnigh. Is féidir le Taistealaithe ar mian leo iarratas a dhéanamh ar roghanna ón soláthar tithíochta ilchineálaí a gcuid roghanna ceantair a shonrú san fhoirm iarratais tithíochta agus níl siad srianta do na ceantair atá liostaithe thuas. Déanfaidh an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe measúnú agus tabharfaidh sé tosaíocht áit is féidir, do chóiríocht le haghaidh iarratasóirí faoi mhíchumas trí héadalacha a dhéanamh.

Tá an rogha ag Taistealaithe a bhfuil cónaí orthu i láithreán príobháideach ar Bhóthar Bhaile Mhic Shíomóin iarratas a dhéanamh ar Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh le haghaidh tacaí tithíochta.

Tabharfar tacaíocht freisin d'earnáil na gComhlachtaí Tithíochta Faofa chun cabhrú le baill de phobal an Lucht Taistil.

## 4.4 Cóiríocht Shonrach do Thaistealaithe

Tabharfaidh an Chomhairle tosaíocht d'fheabhsú ar chúinsí cónaithe na dtionóntaí a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht shonrach do Thaistealaithe sa chás nach gcomhlíonann an chóiríocht atá acu a riachtanas reatha. Is dúshlánach do gach dream atá rannpháirteach é sin a bhaint amach agus tabharfar faoi na gníomhartha seo a leanas le linn thréimhse an chláir. Tá cur i gcrích na ngníomhartha molta faoi réir maoiniú a bheith curtha ar fáil don Chomhairle agus comhlíonadh rathúil na gceanglas reachtúil, lena n-áirítear ceanglais Phleanála agus Fhorbartha.

**Páirc Carbhán Cónaithe Dhroichead Bhánaí**

Tá an láithreán déanta suas de láithreán stad buan ina bhfuil ocht mbá, agus aonaid seirbhíse i ngach bá. Threoraigh an tÚdarás Sláinte & Sábháilteachta gan aon fhorbairtí nua ná méaduithe ar fhorbairtí reatha a cheadú laistigh de cheantar criosach an láithreán Sevoso. (Treoir 96/82/CE ón gComhairle maidir le mórghuaiseacha tionóisce a rialú.). Níl rogha ann an láithreán seo a mhéadú chun freastal ar riachtanais chóiríochta ball de theaghlaigh shínte mar gheall ar an srian ar fhorbairtí nua sa cheantar.
Thug roinnt tionóntaí a bhfuil cónaí orthu ar an láithreán le fios gur mhaith leo cóiríocht a bheith acu i bhforbairt grúpthithíochta nó i dtithíocht ilchineálach. Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag obair leis na tionóntaí agus na hiarratasóirí tithíochta sin trí thalamh nó thithíocht ilchineálach a aithint le freastal ar a gcuid riachtanas cóiríochta faoi réir maoinithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**An Bóthar, Contae Luimnigh**

Láithreán Sealadach
Is gá freastal ar riachtanais cóiríochta buaine an teaghlaigh shínte sin. Tá sé curtha in iúl ag an teaghlach gur mian leis fanacht ina ionad reatha agus gurbh fhearr leis cóiríocht a bheith aige i gcóiríocht shonrach do Thaistealaithe ar an talamh reatha. Fiosrófar soláthar cóiríochta buaine san ionad seo, agus aird iomlán tugtha ar cheanglais reachtúla pleanála agus forbartha agus aird tugtha ar ionad an láithreáin ar phríomhbhealach náisiúnta. Braitheann soláthar cóiríochta buaine don teaghlach sínte san ionad seo ar mhaoiniú a bheith curtha ar fáil ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Beidh na roghanna ón soláthar tithíochta príomhshrutha ar fáil do na teaghlaigh freisin mar roghanna malartacha i gcás go ndéanfaidís iarratas ar an rogha sin.
Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag déanamh idirchaidrimh leis an teaghlach i ndáil leis an rogha seo a chur chun cinn.

**Radharc Chill Mhuire, Grúpthithíocht, Bóthar Bhaile Átha Cliath, Caladh an Treoigh, Luimneach**

Aimsíodh maoiniú chun na trí bhá eile a thiontú go tithíocht agus an t-ionad pobail a thiontú go haonad seomra leapa amháin bunaithe ar riachtanais chóiríochta na dteaghlach a raibh cónaí orthu i Radharc Chill Mhuire le linn PCT 2019 – 2024. Cuireadh tús le hoibreacha sa dara ráithe de 2019 agus bhí siad críochnaithe ag tús 2020. Scéim Grúpthithíochta atá san fhorbairt sin anois, agus ocht n-aonad ann.
Leanfaidh an t-aonad cóiríochta do Thaistealaithe ar aghaidh ag obair leis na tionóntaí i Radharc Chill Mhuire. Cuirfidh siad cúnamh ar fáil le cóiríocht de réir mar a thosóidh foirmiú teaghlach nua. Is féidir le tionóntaí agus le hiarratasóirí tithíochta freisin iarratas a dhéanamh ar roghanna ón soláthar tithíochta ilchineálaí.

**Bóthar Childers (Láithreán an Chorráin Nua) Páirc Carbhán Cónaithe, Luimneach**

Tá an láithreán carbhán cónaithe sin déanta suas de 11 bhá agus d'ionad pobail nach bhfuil in úsáid a thuilleadh. Rinneadh roinnt oibreacha feabhsúcháin ar an láithreán sin i rith thréimhse an chláir ó 2019-2024 chun cabhrú le róphlódú a mhaolú ar an láithreán.
Fiosraíodh an rogha roinnt aonad ó chóiríocht láithreán stad a thiontú go forbairt grúpthithíochta le linn an chláir is deireanaí ach ní dhearnadh aon dul chun cinn. D'fhostaigh an Chomhairle CENA (Comhlacht Tithíochta Faofa do Thaistealaithe) agus tionscadal teaghlaigh Rae Bedford le hoibriú le teaghlaigh i ndáil le cóiríocht fheabhsaithe nó mhalartach; ní dhearnadh aon dul chun cinn. Níl tús curtha leis an bhforbairt bheartaithe fós mar gheall ar amhras roinnt tionóntaí a bhfuil cónaí orthu ar an láithreán.
Féachfaidh an Chomhairle chuig aghaidh a thabhairt ar amhras na dtionóntaí sin agus é ar intinn aici na cúinsí cóiríochta a fheabhsú le haghaidh na dteaghlach sin. Leanfaidh an Chomhairle uirthi ag plé leis na teaghlaigh i Láithreán Nua an Chorráin maidir le moltaí CENA. Déanfaidh an Chomhairle idirchaidreamh leis na tionóntaí chomh maith, agus le grúpaí áitiúla faoi stiúir Taistealaithe chun teacht ar réiteach i ndáil leis na fadhbanna cóiríochta reatha.
Is féidir le tionóntaí agus le hiarratasóirí tithíochta atá ag lorg cúnaimh iarratas a dhéanamh freisin ar roghanna ón soláthar tithíochta ilchineálaí. Faoi réir maoinithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Páirc Chluain Draighneach, Grúpthithíocht, Bóthar na hInse, Luimneach**

Tá an fhorbairt sin déanta suas de chúig theach déag.
Leanfaidh an t-aonad cóiríochta do Thaistealaithe ar aghaidh ag obair le tionóntaí i gCluain Draighneach agus go háirithe leis na daoine óga atá ag cruthú teaghlach nua. Déanfar measúnú ar an talamh go léir atá sa láithreán maidir lena oiriúnacht do thithíocht.
Is féidir le hiarratasóirí tithíochta nua agus tionóntaí iarratas a dhéanamh ar roghanna ón soláthar tithíochta ilchineálaí. Faoi réir maoinithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Cóiríocht Taistealaithe Chluain an Longaigh**

Tá an fhorbairt sin déanta suas de chúig theach agus de dheich mbá.
Tá an t-aonad cóiríochta do Thaistealaithe i mbun plé leanúnaigh le tionóntaí Chluain an Longaigh maidir lena gcuid roghanna cóiríochta. Teastaíonn plean straitéiseach fadtéarmach chun freastal ar riachtanais reatha agus tuartha na dtionóntaí / na n-iarratasóirí tithíochta. Leanfaidh an t-Aonad Cóiríochta do Thaistealaithe ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh leis an Stiúrthóireacht Athnuachana agus leis an Roinn Pleanála maidir le gach plean le haghaidh Chluain an Longaigh.
Moltar gur fearr fadhbanna a réiteach le laghdú ar mhéid an láithreáin reatha, agus chun é sin a bhaint amach beidh sé riachtanach roinnt cónaitheoirí a aistriú. Is é an plean mar sin ná an láithreán reatha a laghdú/a athdhearadh go tionscadal grúpthithíochta agus aistreofar roinnt tionóntaí chun é sin a bhaint amach.
Ní chuirfear an plean sin i bhfeidhm ach le comhaontú iomlán ó na tionóntaí a bhfuil cónaí orthu i gCluain an Longaigh faoi láthair, agus faoi réir maoinithe ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
Leanfaidh an tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe air ag déanamh measúnaithe ar riachtanais chóiríochta an láithreáin seo, trí hidirghníomhú rialta leis na teaghlaigh. Leis an gcomhairliúchán sin, is féidir plean a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais chóiríochta na dteaghlach. Tabharfar tuairisc ar na hidirghníomhuithe sin ag na cruinnithe ráithiúla den CCÁCT.
Samhlaítear, nuair a bheidh sé déanta, go soláthróidh an láithreán do dhálaí maireachtála níos fearr le haghaidh na dtionóntaí a bheidh ann fós agus go gcabhróidh sé le struchtúir bhainistíochta fheabhsaithe.
Is féidir le tionóntaí agus le hiarratasóirí tithíochta atá ag lorg cúnaimh iarratas a dhéanamh freisin ar roghanna ón soláthar tithíochta ilchineálaí.

**Páirc Carbhán Hillview, An Clochán Caol, Ráth Caola, Contae Luimnigh**

Tá an fhorbairt sin déanta suas de láithreán le haon bhá déag. Tá sé beartaithe athchóiriú a dhéanamh ar gach aonad reatha ar an láithreán seo, agus obair le tosú i R4 2024. Toilíonn tionóntaí Láithreán Stad Hillview do na hoibreacha sin agus déantar iad i gcomhar le “Rathkeale Together” grúpa pobail a oibríonn le Taistealaithe agus leis an bpobal socraithe araon i Ráth Caola. Beidh na hoibreacha déanta i 2025. Tá maoiniú faofa ag an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

**Cill Mocheallóg, Contae Luimnigh**

Chuir iarratasóirí Taistealaí i gceantar Chill Mocheallóg in iúl gur fearr leo tithíocht agus tabharfar cóiríocht d’iarratasóirí tríd na roghanna ón soláthar tithíochta ilchineálaí. Déanfar soláthar chóiríocht grúpthithíochta do theaghlaigh sínte Taistealaí sa cheantar a mheas i gcás go bhfuil ball teaghlaigh ina n-úinéir maoine agus go meastar nach bhfuil na hacmhainní acu leis an mhaoin a fhorbairt.
Ní féidir é sin a bhaint amach ach le toiliú an úinéir mhaoine agus is rogha í ar féidir a mheas i gcás go n-iarrfadh an teaghlach í. Déanfar machnamh ar chóiríocht oiriúnach a sholáthar le freastal ar riachtanais an róphlódaithe i scéimeanna tithíochta ilchineálaí atá ann cheana, agus ina bhfuil cóiríocht ag Taistealaithe. Beidh sé sin faoi réir maoiniú a bheith ar fáil.
Leanfaidh an t-aonad cóiríochta do Thaistealaithe ar aghaidh ag obair le tionóntaí i ngrúpthithíocht faoi úinéireacht na comhairle de réir mar a theastaíonn.

**Páirc Carbhán Shealadach an Chosáin Fhada, Cathair Luimnigh**

Láithreán sealadach é sin agus ní féidir réiteach buan cóiríochta a chur ar fáil do na tionóntaí san ionad seo. Le tuarascáil measúnachta timpeallachta a choimisiúnaigh Comhairle Cathrach Luimnigh in 2005 (White, Young agus Green Consultant Engineers) sonraíodh nach oiriúnach an láithreán chun Tionscadal Grúpthithíochta Shonrach do Thaistealaithe a sholáthar.
Rinneadh oibreacha feabhsúcháin fairsinge ar an láithreán sealadach ó shin. Laghdaíodh achar an láithreáin de réir mar a d'iarr na tionóntaí le cúig bliana anuas ó sheacht mbá déag go hocht mbá.
Chuir roinnt tionóntaí in iúl gurbh fhearr leo grúpthithíocht agus tá sé beartaithe láithreá(i)n oiriúnach(a) a aithint sa cheantar chun í sin a chur ar fáil mar a moladh sa chlár roimhe.
Tá cur i gcrích an tionscadail ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus ar láithreán a bheith aitheanta le haghaidh grúpthithíochta.
Déanfar tionóntaí agus iarratasóirí tithíochta ar an láithreán seo a mheas freisin um thacaí tithíochta príomhshrutha.

**Grúpthithíocht na Réabóige, Cathair Luimnigh**

Tá an fhorbairt sin déanta suas de dhá theach anois, ina bhfuil cóiríocht ag teaghlach sínte amháin. Baineadh amach beart roimhe sin chun cóiríocht a thabhairt do na tionóntaí in ionaid dhifriúla le linn an chláir is deireanaí. Mar thoradh air sin, laghdaíodh lorg an láithreáin ag breis is dhá thrian. Leanann an t-aonad cóiríocht do Thaistealaithe ar aghaidh ag déanamh idirchaidrimh leis na tionóntaí atá fágtha, tá sé de rún ag an gComhairle fós a cuid freagrachtaí reachtúla a chomhlíonadh agus freastal ar na riachtanais chóiríochta mar atá measúnaithe agus, áit is féidir, ar roghanna cóiríochta na gcónaitheoirí eile i scéim Grúpthithíochta na Réabóige.
Beidh sé riachtanach tionóntaí agus iarratasóirí tithíochta i Réabóg a mheas freisin um thacaí tithíochta príomhshrutha.

**Páirc Carbhán Cónaithe Toppins Field, Cathair Luimnigh**

Tá an fhorbairt sin déanta suas de thrí bhá. Laghdaíodh achar an láithreáin le linn an chláir is deireanaí tar éis iarratais ó na tionóntaí. Ní fhreastalaíonn an láithreán go leordhóthanach faoi láthair ar riachtanais chóiríochta na dtionóntaí a bhfuil cónaí orthu ar an láithreán. Tar éis breithniú a dhéanamh ar na tosca go léir sa chás seo dhéanfaí freastal ar a gcuid riachtanas fadtéarmach cóiríochta le soláthar Grúpthithíochta agus réiteach cóiríochta oiriúnach a bheadh ann do na tionóntaí sin, má tá siad ar aon fhocal. Leanfaidh an t-aonad cóiríochta do Thaistealaithe ar aghaidh ag plé leis na tionóntaí sin d'fhonn a gcuid riachtanas cóiríochta reatha a fheabhsú. Moltar sa chlár seo grúpthithíocht a chur ar fáil do thionóntaí ar spéis leo cónaí le chéile sa cheantar áitiúil. Beidh na roghanna tithíochta eile go léir ar fáil freisin do thionóntaí agus d'iarratasóirí tithíochta.
Tabharfar faoi na roghanna cóiríochta a sheachadadh do na tionóntaí i gcomhairle leis an stiúrthóireacht Athnuachana don cheantar. Tá an togra ag brath ar mhaoiniú a bheith ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta, agus ar chomhar na dtionóntaí sin.

# CUID 5:

# Conclúid agus athbhreithniú

Sa chlár seo leagtar amach an riachtanas reatha agus tuartha um Chóiríocht do Thaistealaithe agus bearta molta chun na cúinsí cóiríochta a fheabhsú le haghaidh Taistealaithe i Luimneach ar feadh na tréimhse 2025 - 2029. Tá na beartais leagtha amach maidir le Cóiríocht do Thaistealaithe, an straitéis um chur i bhfeidhm agus na spriocanna. Oibreoidh an Chomhairle le Taistealaithe, le hionadaithe Taistealaí, le pobail áitiúla agus le gníomhaireachtaí eile chun an clár a chur i gcrích agus cóiríocht ardchaighdeáin a sholáthar do bhaill de phobal na dTaistealaithe. Agus an clár seo á fhorbairt, chuaigh baill foirne ón aonad cóiríochta do Thaistealaithe i gcomhairle le gach grúpa atá faoi stiúir Taistealaithe i Luimneach agus le Coiste Comhairleach Luimnigh ar Chóiríocht do Thaistealaithe chun a n-ionchur a fháil.

Tá an clár seo bunaithe ar chomhairliúchán oscailte leis an CCÁCT, le Líonra Taistealaithe Luimnigh, le Clár Chathair Luimnigh um Shláinte Taistealaithe, le Rathkeale Together agus le Tionscadal Oirthear Luimnigh um Shláinte Taistealaithe, ar chloí le prionsabail na hearnála poiblí, aitheantas do riachtanais phobal na dTaistealaithe agus na forálacha reachtúla a bhaineann le cóiríocht agus comhionannas tríd an Acht um Stádas Comhionann 2000 - 2018.

Chun an clár seo a chur i bhfeidhm teastaíonn gealltanas ó gach dream atá rannpháirteach chun oibriú le chéile agus chun na moltaí comhaontaithe a chur i bhfeidhm. Tá na moltaí atá cuimsithe sa chlár faoi réir maoiniú riachtanach a bheith ar fáil ón Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Déanfar athbhreithniú ar an gclár seo laistigh de thrí bliana ó ghlacadh leis nó uair ar bith de réir mar a mheasann an Chomhairle nó an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil & Oidhreachta a bheith riachtanach.

Déanfar athbhreithniú ar spriocanna bliantúla ar bhonn leanúnach le cinntiú go leantar ar aghaidh leis an dul chun cinn. Déanfar tuairisciú rialta don Fhoireann Bainisteoirí Sinsearacha, don Choiste Beartais Straitéisigh um Thithíocht, agus don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tabharfar tuairisc ar na hoibreacha go léir gach ráithe don Choiste Comhairleach Áitiúil ar Chóiríocht do Thaistealaithe. Cuirfear tuairiscí dul chun cinn ar an PCT san áireamh i dtuairiscí an Cheantair ar an bPlean Gníomhaíochta um Sheachadadh Tithíochta.

Le hAlt 17 (1) (a) d'Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998 déantar foráil go ndéanfaidh údarás tithíochta ábhartha athbhreithniú ar a chlár cóiríochta uair amháin ar a laghad le linn gach tréimhse trí bliana, nó pé uair a threoróidh an tAire. Ní mór leasú ar bith ar an gclár cóiríochta atá molta tar éis an athbhreithnithe sin a dhéanamh laistigh de sheacht mí agus tá sé faoi réir na nósanna imeachta agus na gceanglas céanna lena n-áirítear comhairliúchán poiblí.

Tá sé treoraithe ag an Aire, faoi alt 17 (1) d'Acht na dTithe 1998, gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an gcéad chlár cóiríochta eile tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2027.

# AGUISÍN – AIGHNEACHTAÍ

| |
|---|
| CENA |
| Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta an FSS um Shláinte Taistealaithe |
| Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir Chuimsiú Sóisialta FSS |
| Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann |
| MABS Náisiúnta na dTaistealaithe |
| Irish Coalition to End Youth Homelessness |



## Aguisín –
## Aighneachtaí ar an Dréachtchlár Cóiríochta do Thaistealaithe

### Aighneacht do Chomhairle Cathrach agus Contae Luimnigh maidir le Clár Cóiríochta do Thaistealaithe a ullmhú

Comhlacht Tithíochta Faofa é Cena, mar is eol duit is dócha. Oibrímid ar riachtanais chóiríochta as lámh a chéile le baill de phobal na dTaistealaithe, agus atá le haghaidh baill de phobal na dTaistealaithe amháin.
Eagraíocht muid atá stiúrtha ag Taistealaithe agus tá ár gcuid oibrithe for-rochtana agus Oifigeach Idirchaidrimh Tionóntaí go léir ina mbaill lán-oilte de phobal na dTaistealaithe.

**An Próiseas um 'Measúnú Riachtanas'**

Dar le Cena is fíorthábhachtach an próiseas um measúnú riachtanas. Chomh maith le tithe a cheannach agus a thógáil i go leor ceantair údaráis áitiúil go dtí seo, bhí plé domhain againn le teaghlaigh Taistealaí (trí 'Staidéir Indéantachta') in ocht gcontae suas go dtí seo. Tugadh faoi na tionscnaimh sin go léir ar bhonn Taistealaí-go-Taistealaí, agus d'fhoghlaim muid go bhfuil na torthaí atá ag teacht chun cinn i bhfad níos iontaofa ná mar a baineadh amach trí mhodhanna níos traidisiúnta suas go dtí seo. Tá dhá chúis leis an iontaofacht mhéadaithe sin:

1. Ar an gcéad dul síos, tá an bonn Taistealaí-le-Taistealaí ríthábhachtach do chomhairliúchán. Tá an mhuinín ar féidir a chothú agus anailís á déanamh ar riachtanais chóiríochta bunriachtanach chun tuiscint réalaíoch agus iontaofa a fháil ar an gcaoi ar féidir freastal ar riachtanais chóiríochta san fhadtéarma.
2. Ar an dara dul síos, mar gheall ar fhairsinge agus nádúr na riachtanas cóiríochta tá cur chuige difriúil dearbhriachtanach. Níl sé éasca ceist a fhreagairt faoi riachtanais chóiríochta reatha i gcás ina bhfuil cónaí ar an teaghlach nó an duine aonair i gcás géarchéime – agus gur minic go raibh siad i gcás géarchéime le roinnt ama. Is í ár dtaithí féin, agus plé le Taistealaithe cothaithe againn, ná nár fiafraíodh riamh an cheist faoi riachtanais agus roghanna fadtéarmacha. Mar shampla:
    - **a.** Is é atá i gceist leis an bpróiseas um measúnú riachtanas a bhfuil cur amach ag daoine air ná an cineál cóiríochta a aithint atá ag teastáil (A nó B nó C). I gcás ina bhfuil teorainn le roghanna, ansin bíonn na freagraí teoranta freisin (ní mheastar riamh na roghanna D E nó F)
    - **b.** Tá sé thar a bheith deacair dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i gcás géarchéime machnamh a dhéanamh ar na riachtanais chóiríochta a d'fhéadfadh a bheith acu san fhadtéarma. Is dóchúla go léireoidh freagraí an méid atá ag teastáil ó dhaoine 'an tseachtain seo chugainn' (mar fhreagra ar dhrochdhálaí cónaithe ag an am) seachas an méid a theastaíonn dar leo ionas go ndéanfar freastal ar riachtanais a gcuid leanaí (agus a gcuid garpháistí freisin) ar bhealach inbhuanaithe. D'áiteoimis go gcuireann na cineálacha freagraí gearrthéarmacha sin le fadhbanna le cóiríocht Taistealaí, seachas na fadhbanna sin a mhaolú. Glacfaidh daoine le tairiscintí cóiríochta nach bhfuil oiriúnach ná inbhuanaithe – a chuirfidh le fadhbanna dóibh féin, dá gcomharsana, agus d'údaráis áitiúla a fhaigheann go bhfuil na teaghlaigh ar an liosta tithíochta arís tar éis tréimhse ama réasúnta gairid.

Seachas 'measúnú riachtanas', is fearr linn cur síos ar an bpróiseas atá forbartha againn trí Cena mar 'spás a chruthú ina bhféadann daoine a gcuid riachtanas féin a shocrú ar bhealach eolach'. Mar thoradh air faightear tuiscint níos iontaofa ar a d'fhéadfadh a bheith i gceist le réitigh inbhuanaithe. Cabhraíonn sé le cinntiú freisin, áfach, gur réalaíoch na moltaí – agus iad bunaithe ar thuiscint ag na freagróirí ar an méid is féidir agus nach féidir a bhaint amach.

**Teimpléad Contae-Uile a Chruthú don Anailís Riachtanas**

Faoi láthair tá Cena i mbun an próiseas sin a chur i bhfeidhm den chéad uair, ar bhonn contae-uile. Táthar ag tabhairt faoi sin i gcomhpháirt le Comhairle Contae an [1] agus seo a leanas a bhfuil i gceist leis:

- Próiseas dian oiliúna, agus na rannpháirtithe go léir ina mbaill de phobal na dTaistealaithe. Leis an oiliúint sin cuirtear an t-eolas agus na scileanna ar fáil do rannpháirtithe a theastaíonn chun plé le teaghlaigh

[1] Tá an FSS ag tacú freisin le próiseas an Chláir, trí CISGP, agus i gcomhar le Tionscadal an Chláir um Forbairt Pobail Taistealaithe

Taistealaí ar fud an chontae. Cuireadh é sin i gcrích i seacht modúl thar thréimhse dhá-sheachtain déag.

- Plé domhain le gach teaghlach Taistealaí sa Chontae – agus úsáid á baint as teimpléad mionsonraithe chun freagraí a thaifeadadh.
- Torthaí a chur i mbunachar sonraí tiomnaithe.
- Taifeadadh ar chonclúidí agus mholtaí chun freastal ar riachtanais.
- Anailís ar thorthaí laistigh de chreat 'mheitheal oibre'. Beidh Cena ag plé le Comhairle Contae an Chláir go tréimhsiúil de réir mar a thiomsófar na torthaí i gcaitheamh na míonna atá le teacht. Beidh na torthaí sin ina mbonn daingean chun riachtanais a léirmhíniú agus freagairt fhéideartha a aithint thar thréimhse ama níos faide. Mar sin d'fhéadfadh go sáródh go leor de na pleananna chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas, go mór an chéad PCT atá á ullmhú faoi láthair. Ach cuirfear an bhéim is mó ar aghaidh a thabhairt ar an méid is féidir a bhaint amach thar na cúig bliana amach romhainn (ról féideartha Cena agus CTFanna eile a aithint, chomh maith le ról lárnach an údaráis áitiúil i seachadadh).

Tá Cena ag baint úsáide as an teimpléad céanna le hanailís riachtanas a dhéanamh i Longfort. Tá sé sin srianta anois do theaghlaigh Taistealaí i mBaile an Longfoirt, agus é ar intinn é sin a shíneadh ar fud an chontae uair éigin – agus go deimhin é ar intinn na torthaí sin a chuimsiú sa chéad CCT do Longfort (agus úsáid á baint as an tsamhail chéanna 'comh-mheitheal oibre' mar a bunaíodh sa Chlár

**An tSamhail Rannpháirtíochta a Leathnú agus a Mhéadú**

Tuigimid go hiomlán na gealltanais ama agus na srianta sceidealaithe faoina bhfuil údaráis áitiúla ag feidhmiú anois chun cinntiú go gcríochnaítear an próiseas pleanála CCT.

Molaimid go láidir, áfach, laistigh de raon feidhme do chéad CCT eile, breithniú a dhéanamh ar:

1. Aitheantas ar an ngá (agus ar an tairbhe sa deireadh) a bhaineann le measúnú níos doimhne, níos cuimsithí agus níos piarbhunaithe ar riachtanais chóiríochta Taistealaí.
2. Tosaíocht a thabhairt dó sin mar ghníomh sonrach i do chéad PCT eile. Tuigimid na srianta ama atá i gceist agus nach féidir an cineál sin próisis a chur i gcrích sula síneofar do chéad PCT. Dá sonrófaí é seo mar ghníomh sa chéad chéim de do chéad PCT eile, áfach, ansin bheadh na torthaí ón bpróiseas ar fáil ag céim an athbhreithnithe eatramhaigh. Agus d'fhéadfaí iad sin a chuimsiú sa dara céim de chur i bhfeidhm.

Tá sé ar intinn againn seimineáir tiomnaithe a eagrú, bunaithe ar an bpróiseas agus na torthaí ó Chontae an Chláir. Reáchtálfar iad siúd ar bhonn réigiúnach nó cúige i dtosach – ag tosú le cúige Mumhan roimh dheireadh 2024. Tabharfar cuireadh do gach comhalta údaráis áitiúil leasmhar freastal.

Aighneacht MABS Náisiúnta na dTaistealaithe d'ullmhú an Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2025 – 2029

Feabhra 2024

**Maidir le MABS Náisiúnta na dTaistealaithe**

Tá MABS Náisiúnta na dTaistealaithe, a bunaíodh in 2005, ina phríomh-urlabhraí ar son rannpháirtíocht airgeadais na dTaistealaithe in Éirinn.

Oibríonn MABS Náisiúnta na dTaistealaithe chun bochtaineacht agus leithcheal a laghdú chomh maith le heisiamh airgeadais Taistealaithe. Oibrímid le pobal na dTaistealaithe agus le heagraíochtaí Taistealaí chun an beartas agus an cleachtas a mbíonn tionchar airgeadais aige ar Thaistealaithe a athrú.

Baineann ár gcuid oibre le cabhrú le Taistealaithe rochtain a fháil ar sheirbhísí MABS agus Faisnéise do Shaoránaigh, oideachas pobail, taighde, agus forbairt bheartais.

Oibríonn MABS Náisiúnta na dTaistealaithe le deireadh a chur le heisiamh airgeadais Taistealaithe mar seo:

- Cláir oideachais airgeadais atá oiriúnach go cultúrtha a chur chun cinn agus a fhorbairt.
- Tacú le forbairt caidrimh oibre comhoibrithigh idir MABS áitiúil, Taistealaithe áitiúla, agus eagraíochtaí ábhartha eile.
- Oibriú le heagraíochtaí comhpháirtí chun aghaidh a thabhairt ar eisiamh trí roghanna malartacha a fhorbairt in áit choigilteas agus iasachtaí príomhshrutha
- Aird a tharraingt ar fhadhbanna ró-fhiachais agus eisiamh ó institiúidí airgeadais, freagraí cuí a thabhairt trínár gcuid oibre taighde agus beartais

San am atá thart thacaigh MABS Náisiúnta na dTaistealaithe le rochtain a fháil ar chóiríocht atá oiriúnach go cultúrtha trí roinnt Scéimeanna rathúla um Ráthaíocht Iasacht Carbháin. Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar na scéimeanna sin in 2015 rinneadh roinnt moltaí a d'fhéadfadh soláthar scéimeanna cosúlachta a threorú[2]. In 2018 thugamar faoi staidéar freisin ar an gcostas as tithe soghluaiste/leantóirí. Rinneadh roinnt moltaí sa staidéar sin freisin maidir le cóiríocht bhreosla-éifeachtúil inacmhainne a sholáthar atá oiriúnach go cultúrtha[3]. In 2022, thugamar faoi tuilleadh taighde i gcomhar le hOllscoil an Atlantaigh Sligeach ar éifeachtúlacht fuinnimh tithe soghluaiste agus rinneamar moltaí breise maidir le tithe atá tíosach ar fuinneamh agus oiriúnach go cultúrtha a chur ar fáil[4]. Tá imlíne scríofa againn freisin um scéim cíosa leantóra a mheasaimid ar cheart í a rith taobh leis an scéim iasachta leantóra chun deis a thabhairt do theaghlaigh cónaí i dtithe cónaithe caighdeánacha atá tíosach ar fhuinneamh beag beann ar a n-ioncam.

Tá ról lárnach le himirt ag údaráis áitiúla maidir le cuimsiú airgeadais Taistealaithe a chinntiú tríd an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe a fhorbairt agus cinntiú go dtugtar aghaidh i gceart ar riachtanais chóiríochta Taistealaithe ina gceantar ar bhealach atá cothrom agus oiriúnach go cultúrtha.

**Ar fud na haighneachta seo úsáidimid an focal leantóir agus muid ag tagairt do charbhán/theach soghluaiste. Is é leantóir an téarma is fearr le Taistealaithe.**

---

[2] MABS Náisiúnta na dTaistealaithe, Athbhreithniú ar Scéimeanna Ráthaíochta Iasachta Carbhán atá tacaithe ag MABS, (Baile Átha Cliath, 2015) https://www.ntmabs.org/publications/policy/2015/a-review-of-national-traveller-mabs-supported-caravanloan-guarantee-scheme.pdf

[3] T Stamp, Stuart, & Kearns, Michelle, Accommodating Ethnicity Addressing Energy Poverty Among Travellers Living in Mobile Homes and Trailers, (Baile Átha Cliath, 2019) https://www.ntmabs.org/publications/development/2019/ntmabs-energypoverty-report.pdf

[4] National Traveller MABS, Research on the Energy Efficiency of Mobile Homes for Irish Traveller Communities, (Baile Átha Cliath, 2023) https://www.ntmabs.org/publications/education/2022/mobile-homes-energy-efficiency-report-final-versionoct2022.pdf

[5] National Traveller MABS, Proposal for a National Caravan Rental Scheme - The case for an alternative, (Dublin, 2023) https://www.ntmabs.org/publications/education/2022/caravan-rental-scheme.pdf

**Moltaí don Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029**

- Go gcuimseodh údaráis áitiúla próiseas iarratais inrochtana agus trédhearcach agus gur cheart dóibh gach iarratasóir féideartha a threorú chuig MABS ina gceantar féin le comhairle airgeadais neamhspleách a fháil saor in aisce agus meicníocht um dhéaduchtú ag an bhfoinse a sholáthar le haghaidh íocaíochtaí.
- Go méadófaí an méid atá á thairiscint um iasacht leantóra go figiúr idir €60,000 agus €80,000.
- Go dtabharfadh Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe isteach scéim cíosa carbhán do theaghlaigh nach bhfuil sé ar a gcumas ceannach leantóra chónaithe chaighdeánaigh a mhaoiniú.
- Molann MABS Náisiúnta na dTaistealaithe do gach údarás áitiúil tacú le Taistealaithe chun rochtain a fháil ar leantóirí cónaithe caighdeánacha agus go mbeadh gach aonad a chuirfeadh an t-údarás áitiúil ar fáil do Thaistealaithe ag cloí le caighdeán cónaithe.
- Ba cheart d'údaráis áitiúla tionscnaimh eolais ar éifeachtúlacht fuinnimh a éascú do Thaistealaithe a bhfuil cónaí orthu i dtithe soghluaiste.
- Ba cheart d'údaráis áitiúla níos mó gníomhaíochtaí taispeántais phraiticiúil agus gníomhaíochtaí píolótacha a chuimsiú i ndáil le bearta um éifeachtúlacht fuinnimh atá dírithe ar Thaistealaithe sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe.
- Go reáchtálfaí comhairliúchán iomlán agus daingean le pobal na dTaistealaithe i gceantar an údaráis áitiúil.
- Go gcuirfeadh údaráis áitiúla fáilte iomlán roimh Dhualgas na hEarnála Poiblí agus an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe á cheapadh.
- Ba cheart don údarás áitiúil cinntiú go ndéanfaí athbhreithnithe comhionannais a oiriúnú sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe i gcomhréir le moladh an IHRC.

**Moltaí um Fhorbairt an Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe 2025 – 2029**
Le forálacha Acht na dTithe **(Cóiríocht don Lucht Siúil)** 1998 déantar foráil d'ionchur agus do chomhairliúchán pobail ag céim d'ullmhú agus de chur i bhfeidhm na gClár Cóiríochta do Thaistealaithe. Sa liosta thíos gheofar moltaí MABS Náisiúnta na dTaistealaithe don Dréachtchlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029:

**An Scéim Iasachta Leantóirí**

Is eol do MABS Náisiúnta na dTaistealaithe gur thug údaráis áitiúla isteach arís an scéim iasachta leantóra ar bhonn píolótach le roinnt blianta anuas. Cuirimid fáilte roimh an tacaíocht sin do Thaistealaithe chun rochtain a fháil ar chreidmheas le leantóirí a cheannach.

Molann MABS Náisiúnta na dTaistealaithe do gach údarás áitiúil próiseas iarratais a bheith acu atá inrochtana go héasca. Seo a leanas a bheadh i gceist leis sin:
- An scéim a fhógairt ar láithreán gréasáin an údaráis áitiúil, an eagraíocht/na heagraíochtaí áitiúil/áitiúla Taistealaí a chur ar an eolas go bhfuil an scéim i bhfeidhm, cinntiú gurb eol don CCÁCT go bhfuil an scéim i bhfeidhm agus an scéim a fhógairt i nuachtáin áitiúla le cinntiú gurb eol don phobal go bhfuil an scéim á feidhmiú.
- Foirmeacha iarratais agus sonraí na scéime a chur ar fáil ar líne mar a dhéantar le gach scéim tithíochta sóisialta eile.
- Ba cheart sonraí chun iarratas a dhéanamh ar an scéim a fhógairt go soiléir ar láithreán gréasáin an údaráis áitiúil.
- Ba cheart cloí le treoirlínte NALA um Béarla Simplí sna foirmeacha iarratais agus san eolas faoi na scéimeanna le cinntiú go dtuigtear iad. Tá deacracht litearthachta ag 1 as 4 aosach in Éirinn agus tá an líon sin cuid mhaith níos airde i bpobal na dTaistealaithe.
- Gach iarratasóir féideartha a threorú chuig plé le seirbhísí tacaíochta um bainistíocht airgid amhail an oifig MABS ina gceantar féin. Ba cheart go bhfágfaí faoin iarratasóir féideartha a chinneadh cibé acu an mbeidh plé acu le MABS ach ba cheart a chur ar a n-eolas go bhfuil an tseirbhís ar fáil dóibh i gcás go mbeadh sí ag teastáil uathu.

- Soláthar a dhéanamh chun aisíocaíochtaí a dhéanamh ag an bhfoinse, faoi réir ceisteanna ioncaim chosanta. Ba í an Scéim Buiséid Teaghlaigh an rogha meicníochta um iarratasóirí a bhraitheann ar leas sóisialta.

**Moladh: Go gcuimseodh údaráis áitiúla próiseas iarratais inrochtana agus trédhearcach agus gur cheart dóibh gach iarratasóir féideartha a threorú chuig MABS ina gceantar féin le comhairle airgeadais neamhspleách a fháil saor in aisce agus meicníocht um dhéaduchtú ag an bhfoinse a sholáthar le haghaidh íocaíochtaí.**

Ní leor an maoiniú atá leithdháilte le haghaidh na scéime chun freastal ar riachtanais phobal na dTaistealaithe, agus mar thoradh air sin cruthaítear liostaí feithimh fada agus moilleanna maidir le rochtain ag teaghlaigh ar iasachtaí. Is é an t-uasmhéid iasachta atá ar fáil faoin scéim reatha ná €40,000. Fuarthas tar éis taighde a rinne MABS Náisiúnta na dTaistealaithe i gcomhar le hOllscoil an Atlantaigh Sligeach in 2023 gurb é €60,000 an costas tosaithe as leantóirí a chloíonn le Caighdeán na Breataine BS 3632, caighdeán a chiallaíonn go bhfuil an leantóir oiriúnach le cónaí ann i rith na bliana go léir agus go gcloíonn siad le stádas tíosach ar fhuinneamh. Ní chuimsítear leis an bpraghas diúscairt, suiteáil, seachadadh ná táillí gaolmhara a fhéadann €10,000 breise a chur le praghas an leantóra.

Anuas air sin lagaíodh cumhacht cheannaigh na hiasachta toisc go bhféadfadh go méadódh soláthraithe praghsanna aonaid dá mba eol dóibh go bhfuil an ceannaitheoir ag ceannach faoin scéim. Mar gheall ar na tosca sin i dteannta a chéile tá go leor teaghlach atá ag baint leasa as an scéim ag ceannach leantóirí atá faoi bhun caighdeán, nach bhfuil oiriúnach um chónaí i gcaitheamh na bliana go léir, agus a mbeidh saolré theoranta acu. Chun cúiteamh a dhéanamh ar na fadhbanna sin mholfadh MABS Náisiúnta na dTaistealaithe an méid iasachta a mhéadú.

**Moladh: Go méadófaí méid an iasacht leantóra atá á tairiscint go figiúr idir €60,000 agus €80,000.**

### An Scéim Cíosa Leantóra

Tar éis an staidéar taighde a rinneamar le déanaí ar chostas leantóirí fuarthas raon leantóirí ar chostais éagsúla idir €15,000 agus breis is €100,000. Ba é praghas tosaigh leantóir cónaithe caighdeánach, ceann atá oiriúnach um chónaí i rith na bliana go léir agus a chloíonn le caighdeán na Breataine BS3626.2015, áfach ná €60,000 le haghaidh leantóir dhá leaba. Tá leantóirí caighdeáin chónaithe, i gcomparáid le haonaid a úsáidtear mar thithe saoire, níos breosla-éifeachtúla agus cuireann siad caighdeán níos fearr cóiríochta ar fáil do theaghlaigh. Aithnímid agus is eol dúinn nach mbeidh sé ar chumas ag roinnt teaghlach Taistealaí a bhfuil ioncam íseal acu leantóir caighdeáin chónaithe a cheannach ná cáiliú don scéim iasachta leantóra agus is eolas é sin a fuaireamar ó chomhairleoirí airgid MABS agus ó údaráis áitiúla le linn an leagain reatha den scéim iasachta leantóra. Le scéim chíosa chinnteofaí go mbeadh teaghlaigh Thaistealaí in ann rochtain a fháil ar chóiríocht dhea-chaighdeáin inacmhainne. Leis an bhfoilseachán deireanach dár gcuid iarradh agus míníodh conas a d'fhéadfadh scéim cíosa leantóra feidhmiú agus bheith chun tairbhe teaghlach agus an údaráis áitiúil agus an Rialtais[6].

Moladh: Leis na Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe tugtar isteach scéim cíosa leantóra do theaghlaigh nach bhfuil sé ar a gcumas ceannach leantóir caighdeáin chónaithe a mhaoiniú.

### Dul i ngleic le bochtaineacht bhreosla

Tá MABS Náisiúnta na dTaistealaithe dírithe ar bhochtaineacht bhreosla a laghdú agus a dhíbirt i bpobal na dTaistealaithe. Tagann bochtaineacht bhreosla chun cinn ón gcaidreamh idir ioncam teaghlaigh, éifeachtúlacht fuinnimh na teaghaise agus praghsanna breosla agus is fadhb ghéar í le haghaidh grúpaí ioncaim ísil ach go háirithe. Meastar go bhfuil bochtaineacht breosla á fulaingt ag teaghlach má chaitheann siad 10% nó níos mó dá n-ioncam ar bhreosla [7].

---

[6] Proposal for a National Caravan Rental Scheme - The case for an alternative https://www.ntmabs.org/publications/education/2022/caravan-rental-scheme.pdf

[7] McAvoy, H. All Ireland Paper on Fuel Poverty and Health, (Baile Átha Cliath, an Institiúid um Shláinte Phoiblí in Éirinn, 2007)

Le taighde a rinne MABS Náisiúnta na dTaistealaithe in 2019 fuarthas go raibh bochtaineacht fuinnimh á fulaingt ag 77% de Thaistealaithe a raibh cónaí orthu i leantóirí mar gheall ar an drochinsliú agus an easpa beart tíosach ar fhuinneamh[8]. Léirigh staidéar leantach a rinneadh in 2022 maidir le formhór mór na dteaghlach Taistealaí a raibh cónaí orthu i leantóirí agus a ndearnadh suirbhé orthu (≈75%) go raibh siad ag íoc idir €120 - €360 ar leictreachas, agus €105- €400 ar bhreoslaí téimh (i.e. gás, gual, adhmad) ar bhonn míosúil[9]. Bhí na meastacháin ar chaiteachas fuinnimh ón suirbhé a rinneadh sa taighde seo cosúil leis na meastacháin i dtuarascáil 2019, rud a léiríonn nár tháinig aon fheabhas mór ó thaobh costais fhuinnimh do Thaistealaithe a bhfuil cónaí orthu i leantóirí a laghdú sna blianta idir an dá linn. Bailíodh na sonraí roimh na méaduithe praghais mar thoradh ar an ngéarchéim fhuinnimh agus tháinig méadú níos mó fós ar na figiúir sin le dhá bhliain anuas.

Léirigh taighde MABS Náisiúnta na dTaistealaithe go soiléir nach bhfuil leantóirí caighdeáin chónaithe chomh breosla-éifeachtúil leo siúd a dhéantar a mhonarú de réir caighdeáin chónaithe. Cosnaíonn na leantóirí sin méid mór le téamh agus tá sé nach mór dodhéanta an teas a choinneáil nuair a mhúchtar an fhoinse teasa mar gheall ar easpa inslithe agus déghloinithe. Tá impleachtaí ag baint leis sin dá bhrí sin um chaiteachas teaghlaigh agus bhochtaineacht bhreosla.

**Moladh: Molann MABS Náisiúnta na dTaistealaithe do gach údarás áitiúil tacú le Taistealaithe chun rochtain a fháil ar leantóirí cónaithe caighdeánacha agus go mbeadh gach aonad a chuirfeadh an t-údarás áitiúil ar fáil do Thaistealaithe ag cloí le caighdeán cónaithe.**

I dteannta leis an SEAI agus leis an Roinn Aeráide agus Cumarsáide agus an Roinn Tithíochta ba cheart don Roinn Tithíochta Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta
tionscnaimh eolais um éifeachtúlacht fuinnimh a éascú do Thaistealaithe a bhfuil cónaí orthu i leantóirí. Tosófar é sin le hiarrachtaí spriocdhírithe measartha agus tá súil ann go mbainfear amach teist ratha trí dhíriú ar bhearta éifeachtúlachta fuinnimh atá inrochtana (i.e. úsáid shoilse LED) a chuirfeadh le laghdú ar chaiteachas fuinnimh. D’fhéadfaí é sin a bhaint amach trí Thaistealaithe a fhostú agus oiliúint a chur orthu i ngach ceantar údaráis áitiúil chun gníomhú mar sheaimpíní fuinnimh dílse i bPobal na dTaistealaithe. Ba cheart na tionscnaimh eolais sin ar éifeachtúlacht fuinnimh a chur san áireamh sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe toisc gur cheart iad a thairiscint i dteannta le haon iarfheistiú atá á dhéanamh sa cheantar údaráis áitiúil.

**Moladh: Ba cheart d’údaráis áitiúla tionscnaimh eolais ar éifeachtúlacht fuinnimh a éascú do Thaistealaithe a bhfuil cónaí orthu i leantóirí.**

---

[8] Stamp, Stuart, & Kearns, Michelle, Accommodating Ethnicity Addressing Energy Poverty Among Travellers Living in Mobile Homes and Trailers, (Baile Átha Cliath, 2019) https://www.ntmabs.org/publications/development/2019/ntmabs-energypoverty-report.pdf

[9] MABS Náisiúnta na dTaistealaithe, Research on the Energy Efficiency of Mobile Homes for Irish Traveller Communities, (Dublin, 2023) https://www.ntmabs.org/publications/education/2022/mobile-homes-energy-efficiency-report-final-versionoct2022.pdf 9 IBID

Tá gá le níos mó gníomhaíochtaí taispeántais phraiticiúil agus gníomhaíochtaí píolótacha i ndáil le héifeachtúlacht fuinnimh a dhíriú ar Thaistealaithe[10]. Tá údaráis áitiúla i suíomh lárnach le bheith chun tosaigh sna tionscnaimh sin. Agus cónaí ar 77% de Thaistealaithe i leantóirí le bochtaineacht fhuinnimh in 2019 is eol dúinn go bhfuil cúrsaí imithe chun donais arís sna blianta idir an dá linn[11]. Mar chuid den iarfheistiú ar chóiríocht shonrach do Thaistealaithe agus nuair atá láithreáin nua á bpleanáil ba cheart aird a thabhairt ar theicneolaíochtaí fuinnimh ghlais a shuiteáil. D'fhéadfadh go n-áireofaí leo siúd tuirbíní gaoithe a shuiteáil ar láithreáin a d'fhéadfadh an láithreán stad iomlán a chumhachtú, agus deireadh a chur leis an ngá le leictreachas tráchtála agus freisin ligean don údarás áitiúil bheith in ann fuinneamh a dhíol ar ais leis an eangach náisiúnta. Réiteach féideartha eile é pleanáil chun painéil ghaoithe a shuiteáil ar láithreáin stad. Faoi láthair tá fadhbanna maidir le painéil a sholáthar ar láithreáin stad mar gheall ar thoisí dochta na mbánna agus rialacháin i ndáil le gaire na struchtúr do bhallaí dóiteáin etc. Le beagáinín fadchinn agus comhairle theicneolaíoch fhónta ó shaineolaithe teicniúla i SEAI chomh maith le deontais ó chistí pobail SEAI etc. tá cumas uathúil ag údaráis áitiúla bheith chun tosaigh agus teicneolaíochtaí glasa á gcuimsiú i gcóiríocht shonrach do Thaistealaithe chomh maith le bochtaineacht bhreosla a laghdú i measc an phobail.

**Moladh: Ba cheart d'údaráis áitiúla níos mó gníomhaíochtaí taispeántais phraiticiúil agus gníomhaíochtaí píolótacha a chuimsiú i ndáil le bearta um éifeachtúlacht fuinnimh atá dírithe ar Thaistealaithe sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe. Comhairliúchán Pobail**

Is tábhachtach comhairliúchán pobail d'údaráis áitiúla agus Clár Cóiríochta do Thaistealaithe á cheapadh in Éirinn ar roinnt cúiseanna:

1. Ionchuimsitheacht: Cinntíonn comhairliúchán pobail go mbíonn ról ag gach páirtí leasmhar, lena n-áirítear baill de phobal na dTaistealaithe, sa phróiseas cinnteoireachta. Cabhraíonn sé sin le clár níos ionchuimsithí agus ionadaíche a chruthú lena dhéantar freastal ar riachtanais gach cónaitheora.
2. Trédhearcacht: Cabhraíonn dul i gcomhairle leis an bpobal le muinín a chothú agus le trédhearcacht sa phróiseas cinnteoireachta. Ceadaíonn sé do chónaitheoirí an réasúnaíocht atá taobh thiar de chinntí a thuiscint agus tugtar deis leis um aiseolas agus ionchur.
3. Eolas áitiúil: Is minic go mbíonn léargais agus eolas luachmhar ag cónaitheoirí áitiúla faoi riachtanais agus roghanna phobal na dTaistealaithe ina gceantar. Cabhraíonn comhairliúchán le leas a bhaint as an eolas áitiúil sin agus cinntiú go gcuirtear an clár in oiriúint do riachtanais shonracha an phobail.
4. Ceanglais an dlí: Ceanglaítear ar údaráis áitiúla in Éirinn de réir an dlí dul i gcomhairle le cónaitheoirí agus páirtithe leasmhara agus Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe á bhforbairt. Má mhainnítear dul i gcomhairle d'fhéadfadh go dtarlódh dúshláin dlíthiúla agus moilleanna maidir leis an gclár a chur i bhfeidhm. Le Ciorclán 35/2018 leagtar béim ar an tábhacht a bhaineann le húdaráis áitiúla a bheith ag obair i ndlúthpháirt le comhlachtaí ionadaíocha um phobal na dTaistealaithe.

Ar an iomlán, tá comhairliúchán pobail bunriachtanach chun cuntasacht, dlisteanacht, agus éifeachtacht a chur chun cinn agus Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe á bhforbairt in Éirinn. Cabhraíonn sé le cinntiú go bhfuil an clár eolach, ionchuimsitheach, agus go léiríonn sé riachtanais agus mianta gach cónaitheora.

**Moladh: Go reáchtálfaí comhairliúchán iomlán agus daingean le pobal na dTaistealaithe i gceantar an údaráis áitiúil.**

---

[10] National Traveller MABS, Research on the Energy Efficiency of Mobile Homes for Irish Traveller Communities, (Baile Átha Cliath, 2023) https://www.ntmabs.org/publications/education/2022/mobile-homes-energy-efficiency-report-finalversion-oct2022.pdf

[11] Stamp, Stuart, & Kearns, Michelle, Accommodating Ethnicity Addressing Energy Poverty Among Travellers Living in Mobile Homes and Trailers, (Baile Átha Cliath, 2019) https://www.ntmabs.org/publications/development/2019/ntmabs-energypoverty-report.pdf

**Dualgas na hEarnála Poiblí**

In Éirinn, is é atá i gceist le dualgas na hearnála poiblí ná oibleagáid dhlíthiúil a chuirtear ar chomhlachtaí poiblí chun comhionannas a chur chun cinn agus leithcheal a chosc agus a gcuid seirbhísí á seachadadh. Tá an dualgas sin leagtha amach san Acht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 agus tá feidhm aige maidir le gach comhlacht poiblí in Éirinn, lena n-áirítear ranna rialtais, údaráis áitiúla agus gníomhaireachtaí stáit.

Réimse amháin ina bhfuil dualgas na hearnála poiblí ábhartha ach go háirithe é soláthar na cóiríochta do Thaistealaithe. Grúpa mionlaigh eitnigh iad Taistealaithe in Éirinn agus riachtanas sonrach cóiríochta acu mar gheall ar a stíl mhaireachtála shiúlach agus thraidisiúnta. Faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998, tá oibleagáid reachtúil ar údaráis áitiúla cóiríocht leordhóthanach agus chuí a sholáthar do theaghlaigh Thaistealaí.

Agus an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe á chur i bhfeidhm, ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí a chinntiú go bhfuil comhionannas á chur chun cinn acu agus go bhfuil leithcheal i gcoinne Taistealaithe á chosc acu agus seirbhísí cóiríochta á bpleanáil, á ndearadh agus á soláthar. Áirítear leis sin dul i gcomhairle le pobail Taistealaí, cinntiú go ndéantar freastal ar riachtanais sonracha Taistealaí, agus bearta a ghlacadh chun dul i ngleic le haon neamhionannas nó baic a d'fhéadfadh a bheith ann.

Le dualgas na hearnála poiblí freisin ceanglaítear ar chomhlachtaí poiblí monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar a gcuid beartas agus cleachtas chun cinntiú go bhfuil siad ag cloí leis an reachtaíocht ar chomhionannas agus chearta daonna. Má mhainnítear cloí leis an dualgas d'fhéadfadh go gcuirfí an dlí i bhfeidhm agus go ngearrfaí pionóis.

Ar an iomlán, tá ról ríthábhachtach ag dualgas na hearnála poiblí in Éirinn ó thaobh cinntiú go mbíonn Taistealaithe in ann rochtain a fháil ar chóiríocht leordhóthanach agus chuí a fhreastalaíonn ar a gcuid riachtanas sonrach agus lena dtugtar meas ar a gcuid cearta mar ghrúpa mionlaigh eitnigh agus tá sé ríthábhachtach aird a thabhairt air sa Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe.

**Moladh: Go gcuirfeadh údaráis áitiúla fáilte iomlán roimh Dhualgas na hEarnála Poiblí agus an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe á cheapadh.**

**Athbhreithnithe Comhionannais**

Ba cheart na ceachtanna atá foghlamtha ó athbhreithnithe comhionannais an IHRC a chur in oiriúint sa PCT. Comhlacht neamhspleách reachtúil in Éirinn é Coimisún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas agus leagtar cúram air as cearta an duine agus comhionannas a chur chun cinn agus a chosaint. Tharraing an Coimisiún aird ar athbhreithnithe comhionannais agus measúnú á dhéanamh agus feabhas á chur ar Chláir Chóiríocha do Thaistealaithe in Éirinn. I dtuarascáil a foilsíodh in 2021, tharraing an Coimisiún aird ar an neamhionannas agus an t-imeallú leanúnach a dtugann pobal na dTaistealaithe aghaidh orthu agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar chóiríocht oiriúnach agus leordhóthanach [12].

Leag an Coimisiún béim ar an ngá le monatóireacht agus measúnú éifeachtach ar Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann siad caighdeáin idirnáisiúnta um chearta an duine agus go dtugtar aghaidh go héifeachtach leo ar riachtanais phobal na dTaistealaithe. D'iarr an Coimisiún go nglacfaí cur chuige cearta-bhunaithe agus na cláir sin á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm, agus béim curtha ar rannpháirtíocht fhiúntach Taistealaithe i bpróisis chinnteoireachta agus ar chomhairliúchán leo.

Is é seasamh an Choimisiúin ar athbhreithnithe comhionannais agus Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe ná gur uirlisí bunriachtanacha iad chun cearta daonna agus comhionannas a chur chun cinn do phobal na dTaistealaithe in Éirinn.

**Moladh: Ba cheart don údarás áitiúil a chinntiú go gcuirfí an méid atá foghlamtha ó na hathbhreithnithe comhionannais in oiriúint don Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe.**

---

[12] IHRC, Accounts of First Council-by-Council Equality Review on Traveller Accommodation in History of State Published https://www.ihrec.ie/accounts-of-first-council-by-council-equality-review-on-traveller-accommodation-in-historyof-state-published/

## Aighneacht d'Fhorbairt an Chlár Chóiríochta do Thaistealaithe 2025 - 2029

## ag Gluaiseacht Náisiúnta na dTaistealaithe, Fóram Náisiúnta na dTaistealaithe Mná agus Ionad Pavee um Thaistealaithe agus Romaigh

**Feabhra 2024**

**Ár gcomhpháirtíocht:** Cuirtear an tuarascáil seo isteach mar chomhpháirtíocht idir trí heagraíocht náisiúnta a oibríonn i dtreo cearta Taistealaí agus Romaigh a bhaint amach in Éirinn.

Déanann **Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann** ionadaíocht ar leasanna Taistealaí i suíomhanna rialtais náisiúnta, idirnáisiúnta agus ceart daonna, cuireann siad in aghaidh an chiníochais - idir ciníochas aonair, cultúrtha agus struchtúrach a tharlaíonn do Thaistealaithe agus cuireann siad chun cinn cearta daonna agus comhionannas.

Is eagraíocht neamhrialtasach náisiúnta é **Ionad Pavee um Thaistealaithe agus Romaigh** atá ag obair i dtreo cearta daonna a bhaint amach do Thaistealaithe agus Romaigh in Éirinn agus ar fud an domhain ó bhí 1985 ann.

Is é atá i **Fóram Náisiúnta na dTaistealaithe Mná** ná líonra d'eagraíochtaí
Taistealaithe mná ar fud na hÉireann lena n-aithnítear an leatrom áirithe ar Thaistealaithe mná sa tsochaí.

**Eitneacht Taistealaithe**

Mionlach eitneach dúchasach iad Taistealaithe, atá, mar atá dearbhaithe le foinsí stairiúla, rannpháirteach i sochaí na hÉireann leis na céadta bliain.
Ar an 1 Márta 2017, d'fhógair an Taoiseach Enda Kenny aitheantas foirmiúil do Thaistealaithe mar ghrúpa mionlaigh eitnigh sa Stát.

**Moltaí um Fhorbairt an Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe 2025 – 2029**

Le forálacha Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 déantar foráil d'ionchur agus do chomhairliúchán pobail ag céim d'ullmhú agus de chur i bhfeidhm na gClár Cóiríochta do Thaistealaithe. Tá na moltaí seo a leanas bunaithe ar an reachtaíocht reatha, ar athbhreithnithe ar PCTanna roimhe, agus ar léargas agus thaithí ár gcuid ball.

**1. Cloí leis na Treoirlínte:** RTRÁO (2023) Treoirlínte um Ullmhú, Ghlacadh agus Chur i bhFeidhm Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe de chuid Údarás Áitiúil 2025-2029 le glacadh leo go hiomlán ag gach Údarás Áitiúil

**2. Comhairliúchán Pobail:** Tá sé fíorthábhachtach CCTanna a ullmhú agus a athbhreithniú le dóthain comhairliúcháin agus maoirseachta. Mar atá sonraithe i gCiorclán 35/2018, ba cheart d'údaráis áitiúla oibriú i ndlúthpháirt le comhlachtaí ionadaíocha do phobal na dTaistealaithe. Trí ról a thabhairt do phobal na dTaistealaithe agus dá gcuid Ionadaithe, cuirfidh eispéiris agus léargais phearsanta go mór le rath an chláir.

**3. Riachtanas a Shocrú:** Ní mór go mbainfeadh an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe leis na riachtanais chóiríochta reatha agus an riachtanas tuartha a thiocfaidh chun cinn le linn thréimhse na gclár, thar raon roghanna cóiríochta lena n-áirítear tithíocht chaighdeánach agus grúpthithíocht, láithreáin chónaithe bhuana do charbhán/leantóir agus láithreáin sealadacha. Ní mór go mbeadh spriocanna soiléir i bhfeidhm ar féidir a thomhas.

**4. Cuimsiú i bPleananna Forbartha:** Ní mór go gcuimseofaí spriocanna chun cóiríocht a sholáthar do Thaistealaithe agus úsáid na n-áiteanna áirithe don chuspóir sin i bPleananna Forbartha Contae, Cathrach, agus Ceantair Áitiúil.

**5. Ailíniú le Straitéisí Tithíochta:** Ba cheart cóiríocht do Thaistealaithe a phleanáil ar bhealach trasnach, agus é treoraithe ag Tithíocht do Chách, An Straitéis/Na Straitéisí Náisiúnta Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas 2019 – 2027, An Plean Gníomhaíochta ar 'Roghanna Tithíochta dár nDaonra atá ag Dul in Aois', Tús Áite don Tithíocht (Straitéis do Dhaoine gan Dídean) agus an Straitéis Náisiúnta um Dhaoine Óga gan Dídean.

**6. Glacadh le hAthbhreithnithe Comhionannais:** Moladh i dtuarascáil Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas ar Athbhreithnithe Comhionannais iad siúd a chur i bhfeidhm mar bhonn do na chéad PCTanna eile.

**7. Cóiríocht a Bhrostú:** Iarraimid tosaíocht a thabhairt do sholáthar do theaghlaigh Taistealaí atá i gcóiríocht roinnte agus róphlódaithe & deireadh a chur le róphlódú mar ábhar práinne.

**8. Buiséid:** Ba cheart do gach Údarás Áitiúil costáil a chur ar fáil um chur i bhfeidhm iomlán an Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029, lena n-áirítear Cothabháil, Tionscadail Chaipitil agus aon leithdháiltí eile chun tacú le PCTanna.

**9. Ailíniú le Cinntí maidir le Sláinte:** Tacaímid le moltaí Aonad Sláinte na dTaistealaithe do Réigiún an Oirthir bonn eolais a chur faoi dhréachtú na bPleananna Cóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029 ag Údaráis Áitiúla. Ba cheart go mbeadh Measúnuithe Tionchair Sláinte ina réamhriachtanas agus cóiríocht do Thaistealaithe á dearadh. Ba cheart iad a dhéanamh ar chóiríocht atá ann cheana agus iad a athbhreithniú le linn shaolré an PCT.

**10. Cóiríocht do Thaistealaithe a Mhapáil sa PCT:**
• Ba cheart machnamh a dhéanamh le gach PCT ar mholadh an OPR mar a thagraítear dó i gCiorclán 28/2022 ón RTRÁO Páipéar Cás-Staidéir 'Cóiríocht do Thaistealaithe agus Plean Forbartha an Údaráis Áitiúil, go bhfeabhsódh údaráis áitiúla naisc idir na Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe, cibé acu gur pleananna reatha nó leasaithe atá i gceist, agus a gcuid Pleananna Forbartha. • Láithreáin a mhapáil sa PCT chun críoch soláthair shealadaigh.

**11. Dualgas na hEarnála Poiblí:** Ba cheart oibleagáid reachtúil na Comhairle faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí chun deireadh a chur le leithcheal agus comhionannas a chur chun cinn a shonrú sa PCT. Ba cheart riachtanais chultúrtha Taistealaithe a mheas agus a mheasúnú le linn an phróisis chomhairliúcháin.

**12.** Ba cheart an riachtanas dúchasach a athbhreithniú d'fhonn a chinntiú nach bhfuil aon leithcheal i gceist nuair a chuirtear i gcomparáid é le riachtanais an phobail i gcoitinne maidir le rochtain ar thithíocht shóisialta, i.e. ba cheart go mbeadh sé roghnach, seachas doshéanta, d'fhonn leithcheal mídhleathach féideartha in aghaidh Taistealaithe a chosc.

**13. Creat don tSláinte Timpeallachta:** Ba cheart cúrsaí Timpeallachta agus Athraithe Aeráide a chur san áireamh agus Cóiríocht do Thaistealaithe á pleanáil agus ba cheart iarfheistiú fuinnimh tosaíochta a áireamh agus forbairtí nua tógtha de réir na gcaighdeán fuinnimh is airde leis na teicneolaíochtaí fuinnimh is deireanaí chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fhuinnimh.

**14.** Ba cheart **áiseanna súgartha** a chur san áireamh i gcóiríocht shonrach do Thaistealaithe ar aon dul le Gníomh 61 i NTRIS1.

**15. Cur chuige bunaithe ar chearta daonna** i dtreo Cóiríochta do Thaistealaithe a chur i bhfeidhm lena n-áirítear oiliúint frithchiníochais do bhaill foirne údaráis áitiúil.

**16.** Ba cheart **Aitheantóir Eitneach Ginearálta** a úsáid san iarratas tithíochta sóisialta, de réir an dea-chleachtais i gcreat ceart daonna, seachas ceisteanna a bhaineann le Taistealaithe amháin, agus ba cheart sonraí a bhailiú go sonrach i ngach comhairle do Thaistealaithe atá gan dídean agus a thuairisciú trí PASS.

**17. CCCT:** Is gá go mbeadh cathaoirleach neamhspleách ag gach CCÁCT. Ba cheart do gach CCÁCT tuarascáil bhliantúil a chur ar fáil, agus PCT mar mhír bhuan inti, lena n-áirítear tuairiscí dul chun cinn.

**18.** In **Athbhreithniú Meántéarma** ar an gClár Cóiríochta do Thaistealaithe ba cheart forbairt an Chlár PCT 2030-2034 a chur san áireamh, le feasacht agus tuiscint ar riachtanas na todhchaí agus riachtanas tuartha.

**Na hOibleagáidí Dlíthiúla agus Beartais i ndáil le Cóiríocht do Thaistealaithe**

Tá gealltanas an Rialtais chun cóiríocht do Thaistealaithe léirithe faoi ionstraimí dlíthiúla agus beartais lena n-áirítear Acht na dTithe (Cóiríocht do Thaistealaithe), 1998. Leis an Acht tugadh sainordú d'Údaráis Áitiúla

**a)** cóiríocht atá oiriúnach go cultúrtha a sholáthar i ngach foirm, lena n-áirítear: láithreáin stad, scéimeanna grúpthithíochta, tithe caighdeánacha agus cóiríocht shealadach i bPoblacht na hÉireann do Thaistealaithe.

**b)** Coistí Comhairleacha Áitiúla ar Chóiríocht do Thaistealaithe, CCÁCTanna, a bhunú i ngach ceantar Údaráis Áitiúil chun comhairle a thabhairt maidir le cóiríocht do Thaistealaithe a sholáthar agus a bhainistiú.

**Ceanglaítear leis an Acht Pleanála agus Forbartha 2000**[2], mar atá leasaithe, gur cheart na gnéithe úsáide talún de PCTanna a léiriú i bplean forbartha an údaráis áitiúil. Faoi Alt 10(2)(i) d'Acht 2000, ní mór go gcuimseofaí sa phlean forbartha cuspóirí um "sholáthar cóiríochta do Thaistealaithe, agus úsáid áiteanna áirithe le haghaidh an chuspóra sin."

**D'eisigh an tAire Treoirlínte Pleananna Forbartha 2007**[3], faoi Alt 28 d'Acht 2000 lenar sonraíodh cur chuige an phlean forbartha i dtreo déileáil le riachtanais chóiríochta phobal na dTaistealaithe.

**Leis an Measúnú ar Riachtanas agus Éileamh Tithíochta, (MRÉT),** a eascraíonn ón gCreat Náisiúnta Pleanála (NPF), tá sé ina cheangal sonrach aghaidh a thabhairt ar chatagóirí sainriachtanas lena n-áirítear cóiríocht do Thaistealaithe.

**I gClár an Rialtais 2020**[4]**,** díríodh ar chinntiú go ndéanfaí freastal ar riachtanais chóiríochta phobal na dTaistealaithe agus go dtarraingeofaí aníos agus go mbainfí leas as cláir cistithe chaipitil don chóiríocht sin.

**Tá sé mar shainchúram i Tithíocht do Chách 2021**[5], aschur na cóiríochta sonraí do Thaistealaithe a mhéadú agus a fheabhsú, agus tá gealltanas ann ón Rialtas freisin chun oibriú le hÚdaráis Áitiúla agus CTFanna.

**An tAcht fán nGníomhaireacht um Fhorbairt Talún 2021**[6] faoin alt Seirbhísí d'údaráis, 15 (1) (a) 'Féafaidh údarás áitiúil iarraidh ar Ghníomhaireacht; seirbhísí a sholáthar dó i ndáil le láithreáin fhorbartha mhórscála, iltionachta nó úsáide measctha a d'fhéadfadh go n-áireofaí leo láithreáin atá ceaptha go hiomlán nó i bpáirt chun cur i bhfeidhm chlár iomlán cóiríochta nó cuid den chlár sin a bhaint amach, laistigh de bhrí Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.

**Ceanglaíonn an Straitéis Náisiúnta um Dhaoine Óga gan Dídean**[7] ar chomhairlí

**a)** Gníomhartha sonracha a chur san áireamh i gCláir Chóiríochta do Thaistealaithe (CCTanna), amach anseo chun dul i ngleic le heaspa dídine i measc daoine óga.

**b)** Oibriú leis na CCÁCTanna le haon tacaí breise a mheas agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil a theastaíonn chun cabhrú le Taistealaithe atá i mbaol easpa dídine a bheith acu'.

**Moratóir Cuid 8**[8] den phróiseas pleanála Bhí tairbhe fhéideartha ag gabháil leis an moratóir shealadach le torainn ama ar Chuid 8 den phróiseas pleanála, Eanáir (2023) ó thaobh tionscadail shonracha do Thaistealaithe a bhrostú.

**Leasuithe agus Athbhreithnithe Beartais ón CCT 2019-2024**

**An t-Athbhreithniú Saineolaithe ar Chóiríocht do Thaistealaithe 2019**[9]. Sa tuarascáil leagtar amach sraith chomhtháite moltaí atá ceaptha chun feabhas a chur ar éifeachtacht na socruithe chun cóiríocht a sholáthar do bhaill de phobal na dTaistealaithe, a bunaíodh le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Leis na moltaí sin tugtar aghaidh ar cheithre théama lárnach: seachadadh lena léirítear riachtanas, pleanáil, acmhainn agus acmhainní, agus rialachas.

**Athbhreithniú Comhionannais Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas (2019)**[10]
Thug an Coimisiún cuireadh do 31 údarás áitiúil tabhairt faoi athbhreithniú ar a soláthar cóiríochta do Thaistealaithe agus athbhreithniú a dhéanamh ar na cleachtais, na nósanna imeachta, agus fachtóirí ábhartha eile maidir le cistiú caipitil a tharraingt aníos agus seirbhísí cóiríochta sonraí do Thaistealaithe a chur ar fáil.

**Thug Oifig an Rialaitheora Pleanála faoi Pháipéar Cás-Staidéir dar teideal Cóiríocht do Thaistealaithe agus Plean Forbartha an Údaráis Áitiúil 2021**[11], agus rinneadh suirbhé ar phleananna forbartha údaráis áitiúil atá ann cheana (1) agus ar Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe (2) (CCT) le hiniúchadh a dhéanamh ar naisc idir a gcuid beartas agus cuspóirí i ndáil le cóiríocht shonrach do Thaistealaithe. An cuspóir a bhí i gceist ná aghaidh a thabhairt ar bhearnaí eolais, tacaíocht a thabhairt d'údaráis áitiúla lena gcuid dualgas a chomhlíonadh agus aird a tharraingt ar an dea-chleachtas chun foghlaim roinnte a chothú.

**Riachtanas Reatha**

Le linn thréimhse an PCT reatha 2019 – 2024, tá géarchéim tithíochta na hÉireann méadaithe go leibhéal nach raibh coinne leis. Tá an t-éileamh ar soláthar tithíochta agus tithíochta sóisialta méadaithe go mór, i mí na Samhna 2023, bhí breis is 13,500 duine i gcóiríocht éigeandála, agus 4000 leanbh ina measc.[12]

Níl aon amhras ach go mbeadh na figiúir sin níos airde dá mbunófaí iad ar shainmhíniú ETHOS ar easpa dídine, lena n-áirítear róphlódú agus cónaí i dtithe difriúla de chuid teaghlaigh nó cairde. I mí na Nollag 2023, ní raibh ach 3% den chóiríocht ar cíos ar fáil trí ÍCT[13]. Tá tionchar díréireach ag an ngéarchéim tithíochta ar Thaistealaithe, a dtugann aghaidh ar leithcheal cheana agus iad ag fáil rochtana ar chóiríocht phríobháideach ar cíos. Tá gá ag breis is 8,000 Taistealaí le cóiríocht, lena n-áirítear 2000 teaghlach i soláthar róphlódaithe nó éigeandála, nó cois bóthair. Anuas air sin, Taistealaithe ab iad 13% de na daoine fásta gan dídean ar fud na tíre[14]. Má chuirtear é sin gcomparáid leis na fionnachtana náisiúnta faoi dhaoine gan dídean (leanaí agus daoine fásta), d'fhéadfadh gurbh ionann sin agus 1 Taistealaí as 5 gan dídean, mar mheastachán íseal.

**Treochtaí Seachadta na Tithíochta Sóisialta.**
Comparáidí idir Rátaí Seachadta: Rinneadh 10,263 teach sóisialta a sheachadadh faoi Thithíocht do Chách in 2022, tithe nua-thógtha a bhí i 7,433 díobh siúd, cuireadh 5,196 teach ar fáil in 2021 agus 5,073 in 2020. Níor soláthraíodh aon aonaid tógtha sonracha do Thaistealaithe faoin bPlean.
Nuair a dhéantar comparáid bhreise le haghaidh na tréimhse 3-bliana idir 2019-2022, as gach aonad nua-thógtha údaráis áitiúil le ráta na n-aonad údaráis áitiúil nua-thógtha do Thaistealaithe, tógadh 5,771 aonad in 2019, tógadh 2,230 aonad in 2020 agus tógadh 1,998 aonad in 2021; is ionann sin agus 9,999 san iomlán. Ar feadh na tréimhse 3-bliana céanna níor thóg údaráis áitiúla ach 44 aonad cóiríochta do Thaistealaithe.[15]

**An Gá le Tascfhórsaí um Easpa Dídine i measc Taistealaithe.**
An Coiste Gníomhaíochta Náisiúnta um Easpa Dídine (CGNED). Ní aon iniúchadh ná measúnú déanta ar an gá maidir le heaspa dídine Taistealaithe. Ní bhailíonn seirbhísí ná gníomhaireachtaí easpa dídine sonraí faoi Thaistealaithe. Tá údaráis áitiúla freagrach as glacadh le Pleananna Gníomhaíochta um Easpa Dídine lena dtugtar aghaidh ar na dúshláin go léir le haghaidh gach duine gan dídean lena n-áirítear Taistealaithe, ach le hiniúchadh ar 16 Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe de chuid údarás áitiúil (2014-2019) léiríodh nach mbailíonn ach roinnt údarás áitiúil sonraí dóibh siúd atá i gcóiríocht Éigeandála nó cóiríocht do dhaoine gan dídean, agus maidir le 12 de na 31 údarás áitiúil ní dhearna siad taifeadadh ar shonraí agus an dualgas fágtha do sheirbhísí gan dídean ag an gcuid is mó acu. Tá gá sonrach práinneach le Tascfhórsaí Áitiúla um Easpa Dídine Taistealaithe atá dírithe ar ghníomhaíocht, agus le Straitéis lárnach do Thaistealaithe lena ngabhann tosaíochtaí trasnacha bunaithe ar mhíchumas, leanaí, baol easpa dídine, tuismitheoireacht aonair agus foréigean tí.

**Treochtaí déimeagrafacha ón PCT is deireanaí**

Sonraí Daonra – Sa Daonáireamh deireanach cuirtear bonnlíne éigin ar fáil a chuireann patrúin déimeagrafacha phobail in iúl, ach ní comhaireamh ná measúnú náisiúnta é. Áiríodh ráta críochnaithe na ceiste eitní ag Taistealaithe in 2022 mar 32,949 duine[17]. Faightear an cuntas is cruinne sna figiúir arna tiomsú ag an Roinn Tithíochta / i meastacháin bhliantúla Údaráis Áitiúil (Samhain 2022) lena gcuirtear san áireamh thart ar 48,732 ar bhonn mhéid teaghlaigh de 4.

Léiríonn an comhaireamh náisiúnta reatha ar theaghlaigh Taistealaí (2022)[18] méadú de 381 teaghlach ón mbliain roimhe. Feictear tuilleadh méaduithe ar an ráta róphlódaithe agus 79 dTeaghlach breise ag Roinnt (828 go 907) agus (167 teaghlach breise ina chónaí ar Láithreáin Neamhúdaraithe (487 go 654). San iomlán, is é an ráta riachtanais sa deireadh ná thart ar 3,500 duine.

Tugann treochtaí contae rátaí fáis le tuiscint mar seo a leanas: Ráta fáis daonra de 6% ar fud na tíre, leis an bhfás is mó in Uíbh Fhailí (méadú 30%), Fine Gall (méadú 17%), Tiobraid Árann (méadú 17%), agus Corcaigh (méadú 11%). Chuaigh líon na dTaistealaithe a áiríodh i laghad i roinnt contaetha idir 2016 agus 2022, áfach, lenar áiríodh Longfort (laghdú 13%) agus Baile Átha Cliath Theas (laghdú 12%).[19]

**Comhairliúchán**

Tá sé fíorthábhachtach CCTanna a ullmhú agus a athbhreithniú le dóthain comhairliúcháin agus maoirseachta. I gCiorclán 35/2018[20] sonraíodh "Is bunriachtanach Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe a ullmhú ar bhealach comhairleach. Leis an Acht ceanglaítear ar údaráis tithíochta dul i gcomhairle le húdaráis tithíochta in aice, leis an FSS, le comhlachtaí tithíochta faofa, leis an gCoiste Comhairleach Áitiúil ar Chóiríocht do Thaistealaithe, le grúpaí ionadaíochta áitiúla eile do Thaistealaithe, le grúpaí pobail agus leasa agus leis an bpobal i gcoitinne. Le cuspóir an chomhairliúcháin leathain déantar cinnte go meastar leasanna iad siúd go léir lena mbaineann tograí um chóiríocht do Thaistealaithe nó a mbíonn éifeacht acu orthu agus freagairt phleanáilte agus chuimsitheach ag údaráis áitiúla ar riachtanais chóiríochta Taistealaithe a éascú'.

**An Próiseas Comhairliúcháin**

Molaimid go láidir cloí le treoirlínte an Choiste Chomhairligh Náisiúnta ar Chóiríocht do Thaistealaithe (CCNCT) maidir le comhairliúchán le Taistealaithe ar leibhéal áitiúil agus ar CCÁCTanna, agus PCTanna á bhforbairt agus á gcur i bhfeidhm chun comhairliúchán leis an bpobal agus lena gcuid grúpaí ionadaíocha a cheadú, laistigh de phleananna. Iarrtar ort breathnú ar Aguisín A um Feidhmiú agus ballraíocht an Choiste Comhairligh Áitiúil ar Chóiríocht do Thaistealaithe
Coistí (CCÁCTanna) bunaithe ar Threoirlínte an CCNCT.

Faoi Alt 42 (Aguisín B) d'Acht na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas 2014[21] tá freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, lena n-áirítear Údaráis Áitiúla, as comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse a chosc chomh maith le cearta daonna gach duine lena mbaineann a gcuid beartas agus pleananna. Oibleagáid dhlíthiúil í sin, Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna.

**Ráiteas Straitéise**

Ba cheart go mbeadh an 6ú CCT faoi cheangal Prionsabal SICRU, Sonrach, Intomhaiste, Comhaontaithe, Réalaíoch agus Uainithe. Ba cheart é sin a shonrú sa ráiteas straitéise agus a léiriú sa CCT. Is féidir é sin a bhaint amach trí spriocanna agus amfhrámaí a shocrú chun cóiríocht a sholáthar agus chun feabhsúcháin a dhéanamh ar sheirbhísí cóiríochta do Thaistealaithe.

**Measúnú Riachtanas**

Molaimid d'eagraíochtaí áitiúla Taistealaí ról a ghlacadh sa mheasúnú riachtanais. Sa chás go bhfuil go bhfuil a gcuid measúnaithe féin forbartha ag eagraíochtaí áitiúla Taistealaí, is gá don údarás áitiúil iad sin a chur san áireamh agus figiúir á dtiomsú. Ní mór an méid seo a leanas a chur san áireamh sa mheasúnú riachtanais: Láithreáin stad, Cóiríocht do theaghlaigh siúlacha - tá láithreáin stad sealadacha ábhartha do "phátrúin náisiúnta gluaiseachta i measc Taistealaithe", mar sin ní mór teaghlaigh. Ní mór riachtanais reatha agus riachtanais na todhchaí le linn shaolré an chláir a thógáil san áireamh sa mheasúnú chomh maith.

**Athbhreithniú Saineolaithe ar Chóiríocht do Thaistealaithe Mí Iúil 2019[22]**

Sa tuarascáil seo leagtar amach sraith chomhtháite de 32 mholadh atá ceaptha chun éifeachtacht na socruithe a fheabhsú chun cóiríocht a sholáthar do bhaill de phobal na dTaistealaithe, a bunaíodh le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil), 1998. Tá na moltaí seo a leanas ábhartha go háirithe d'fhorbairt Clár Cóiríochta do Thaistealaithe.

**Moladh A.8 ón Athbhreithniú Saineolaithe:**

"Taighde a choimisiúnú ar easpa dídine i measc Taistealaithe agus cinntiú go dtugtar aghaidh ar dhúshláin agus roghanna an ghrúpa seo i straitéisí ábhartha chun cur in aghaidh easpa dídine."

Chun ailíniú leis an gcuspóir beartais sin, ba cheart d'Údaráis Áitiúla an líon reatha Taistealaithe atá i gcóiríocht éigeandála agus an líon atá cláraithe mar gan dídean a chur isteach.

**Moltaí an Athbhreithniú Saineolaithe (A.3a agus 3b),**

Eolas faoi Thaistealaithe a bhfuil cóiríocht acu faoi láthair i dteaghaisí atá maoinithe leis an SCC, ÍCT nó leis an bhForlíonadh Cíosa. Chun é sin a bhaint amach ba ghá aitheantóir eitneach a chur sna hiarratais sin ar liúntais tithíochta agus sonraí a thiomsú atá taifeadta faoi láthair ag an Roinn Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí (i gcás an Fhorlíonadh Cíosa) agus ar 'liosta aistrithe' gach údaráis áitiúil (i gcás SCC agus ÍCT).

b. Suirbhé domhain ar fud na tíre ar shaintréithe dhaonra na dTaistealaithe, ar a n-ionad agus a gcóiríocht, agus é coimisiúnaithe ó sholáthraí saineolach neamhspleách. Leis an suirbhé sin thabharfaí eolas níos sonraí faoi phátrúin soghluaisteachta Taistealaithe, cruthú teaghlach, tionacht agus dálaí reatha cóiríochta, agus roghanna cóiríochta don todhchaí. D'fhéadfaí é a úsáid freisin mar bhonn eolais don athbhreithniú leanúnach ar chruinneas na Measúnuithe ar Thithíocht Shóisialta, mar a mholtar thuas.

**Cóiríocht Shonrach do Thaistealaithe**

D'aithin Oifig an Rialaitheora Pleanála mar dhea-chleachtas, gur gá d'Údaráis Áitiúla, agus iad ag pleanáil i gcomhair cóiríochta do Thaistealaithe:

- Aitheantas a thabhairt ar riachtanais chultúrtha ball de phobal na dTaistealaithe i ndáil le cóiríocht.
- Tosaíocht a thabhairt do lánpháirtíocht pobail, do rochtain ar sheirbhísí agus do thacú le bonneagar cultúrtha a bhaineann le cultúr na dTaistealaithe.

Maidir le cóiríocht shonrach do Thaistealaithe (scéimeanna grúpthithíochta, láithreáin stad agus láithreáin shealadacha) agus forbairtí atá beartaithe ba cheart an méid seo a leanas a aithint:

- Amlíne
- Líon na n-aonad
- Ba cheart an láithreán atá le forbairt a aithint agus a mhapáil.
- Riachtanais táscacha an bhuiséid

**Láithreáin Shealadacha a Fhorbairt**

Le Treoirlínte an RTRÁO agus Ciorclán 35/2018 tacaítear leis an moladh athbhreithniú a dhéanamh ar fhianaise ar an mbonn measúnaithe agus an mhodheolaíocht suirbhé a úsáidtear chun an gá le láithreán sealadach a shocrú, agus spriocanna seachadta sonracha um sholáthar sealadach a shocrú a sheasfaidh an aimsir, agus ar féidir iad a aithint agus a mhapáil sa PCT agus sa Phlean Forbartha araon. Oibleagáid reachtúil é sin faoi Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 Ba cheart Cóiríocht Shealadach a sholáthar ag an am céanna leis na cineálacha eile cóiríochta.

**Rannpháirtíocht Tionóntaí**

Tá an méid is atá Taistealaithe rannpháirteach i bhforbairt roghanna cóiríochta agus a dtugtar tacaíocht dóibh chun ról iomlán agus fiúntach a ghlacadh ina mbainistíocht, ríthábhachtach chun Straitéis rathúil Cóiríochta do Thaistealaithe a chruthú agus a choinneáil. I measc na dtairbhí a bhaineann le rannpháirtíocht tionóntaí tá níos mó úinéireachta a ghiniúint i bpobail, agus mar thoradh air sin ról níos mó a bheith ag tionóntaí in inbhuanaitheacht a dtimpeallachta cónaithe ar an iomlán; moltar idirphlé idir oifigigh an údaráis áitiúil agus cónaitheoirí; aistrítear an comhthéacs oibriúcháin ó ghearáin go plean gníomhaíochta atá bunaithe ar riachtanas, forbraítear tuiscint ar shaincheisteanna Taistealaí, agus cothaítear caidrimh nua eatarthu go léir atá rannpháirteach.

**Scéim na n-Iasachtaí Carbháin**

Cuirimid fáilte roimh chur i bhfeidhm Scéim na n-Iasachtaí Carbháin le haghaidh 2024 agus aithnímid an obair chrua atá déanta go dtí seo. Dearbhaíonn an Roinn go ndéanfar athbhreithniú ar an scéim in 2024, agus tugtar roinnt dearbhaithe d'eagraíochtaí Taistealaí náisiúnta agus áitiúla a leanann orthu ag ardú imní faoin luas a theastaíonn chun freastal ar an éileamh.

**Sábháilteacht Dóiteáin i gCóiríocht do Thaistealaithe**

Tugadh sainordú don Stiúrthóireacht Náisiúnta Bainistíochta Dóiteáin agus Éigeandála ceannaireacht agus maoirseacht a dhéanamh ar leibhéal náisiúnta ar chlár chun athbhreithniú a dhéanamh ar shábháilteacht dóiteáin i gcóiríocht Taistealaithe arna cur ar fáil ag údaráis áitiúla, tar éis gur cailleadh go tragóideach ar an 10 Deireadh Fómhair, 2015 deichniúr ball de theaghlach sínte Taistealaithe a raibh cónaí orthu i gcóiríocht do Thaistealaithe a bhí curtha ar fáil ag an údarás áitiúil i gCarraig Mhaighin, Baile Átha Cliath. Faoi stiúir na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála (NDFEM), thug údaráis áitiúla faoi chleachtas mór a bhí dírithe ar shábháilteacht dóiteáin a fheabhsú i gcóiríocht do Thaistealaithe in 2015/16.

Foilsíodh tuairisc don CCÁCT ar Bhearta Sábháilteachta Dóiteáin na n-Údarás Áitiúil le haghaidh na tréimhse ón 1 Meán Fómhair 2016 – 31 Lúnasa 2019 i mí Bhealtaine 2022. Ní dhearna údaráis áitiúla aon tuairiscí ina dhiaidh sin. Ní mór d'údaráis áitiúla tosaíocht a thabhairt do shábháilteacht dóiteáin, tuairiscí rialta a fhoilsiú ar bhearta sábháilteachta agus oiliúint nuashonraithe ar shábháilteacht dóiteáin a chur ar fáil. Ba cheart go mbeadh sábháilteacht dóiteáin mar chuid d'obair leanúnach an Choiste Chomhairligh Áitiúil ar Chóiríocht do Thaistealaithe (CCÁCT).

# Seicliosta Molta um fhorbairt ar Chláir Chóiríochta do

| Thaistealaithe 2025 - 2029 | |
|---|---|
| **Comhairliúchán** | • An ndearnadh plé leis an CCÁCT, le heagraíochtaí áitiúla taistealaí agus le páirtithe leasmhara ag gach céim den fhorbairt ar an gclár Cóiríochta do Thaistealaithe?<br>• Ar shínigh an CCÁCT an PCT tosaigh? |
| **Riachtanas Reatha** | • Cad é líon iomlán na n-aonad / na dteaghlach ag a bhfuil riachtanas?<br>• Cén mhodheolaíocht a úsáideadh chun é sin a mheasúnú agus an féidir é sin a fhíorú<br>• go neamhspleách<br>• Ar socraíodh an riachtanas reatha de réir chineál cóiríochta; an ndearnadh difreáil idir cóiríocht shonrach do Thaistealaithe, scéimeanna grúpthithíochta, láithreáin sealadacha, láithreáin stad, ÍCT/SCC, tithíocht shóisialta chaighdeánach, Comhlachtaí Tithíochta Faofa, tithíocht tuaithe aonair/aonuaire.<br>• Cén mhodheolaíocht a úsáideadh chun riachtanas Taistealaithe lena roghanna cóiríochta a mheasúnú?<br>• le cur síos faoi na chúiseanna le moill nó leis na leasuithe. (níltear cinnte céard atá i gceist leis sin)<br>• Ar mhéadaigh nó ar athraigh an riachtanas ó ceapadh an PCT agus an gá na spriocanna a athbhreithniú anois? |
| **Riachtanas na Todhchaí agus Riachtanas Tuartha** | • Cad é líon iomlán na n-aonad / na dteaghlach a mbeidh riachtanas acu sa todhchaí de réir an chineál cóiríochta agus cén seachadadh atá beartaithe um gach cineál in aghaidh na bliana?<br>• An léirítear an méadú ar fhás, i gcás ina bhfuil an measúnú tosaigh sáraithe ag an riachtanas, agus an dtugtar sonraí ar na haonaid tomhais le tacú leis na figiúir? |
| **Aitheantas ar Chultúr** | • An aithnítear leis an PCT an oibleagáid reachtúil atá ar an gComhairle faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí leithcheal a dhíbirt agus comhionannas a chur chun cinn?<br>• A ndearnadh riachtanais chultúrtha na dTaistealaithe a mheas agus a mheasúnú?<br>• An Ceanglas Dúchasach agus an Riail maidir le Nasc Áitiúil<br>• Má thagraítear do cheanglas dúchasach sa PCT, an ndearnadh é sin a athbhreithniú le cinntiú nach ann do leithcheal nuair a chuirtear i gcomparáid é le riachtanais an phobail i gcoitinne maidir le rochtain a fháil ar thithíocht shóisialta, i.e. áit ar cheart go mbeadh sé roghnach, seachas doshéanta, chun leithcheal mídhleathach féideartha in aghaidh Taistealaithe a chosc |
| **Easpa Dídine** | • An gcuirtear figiúir ar fáil maidir le líon na dTaistealaithe / na dteaghlach atá i gcóiríocht do dhaoine gan dídean? |
| **Buiséad agus Pleanáil** | • Ar aithníodh amlínte, ionaid láithreáin, aonaid sprice agus buiséid le haghaidh tionscadal um chóiríocht shonrach do Thaistealaithe agus ar tugadh tuairiscí ar dhul chun cinn ar gach ceann acu?<br>• An ndearnadh iad sin a mhapáil (nó an bhfuil siad leasaithe anois lena mapáil) ar aon dul le moltaí thuarascáil an OPR, sa PCT agus sa Phlean Forbartha araon?<br>• An ndearnadh measúnú ar agus pleanáil i gcomhair láithreán sealadach? |


NO 1

# AGUISÍNÍ

## Aguisín A

### Achoimre ar Cheanglais le haghaidh na gClár Cóiríochta do Thaistealaithe dá bhForáiltear i dTreoirlínte na RTRÁO maidir le Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029 de chuid Údarás Áitiúil a Ullmhú, a Ghlacadh agus a Chur i bhFeidhm[24]

- Faoi alt 6(1) d'Acht 1998, threoraigh an tAire d'údaráis tithíochta ábhartha, chun críocha Clár Cóiríochta do Thaistealaithe a ullmhú sa cheantar feidhmiúil atá i gceist, measúnú a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta Taistealaithe atá measúnaithe faoi A.20 d'Acht na dTithe (Forálacha Ilghnéitheacha) 2009 mar bheith cáilithe do thacaíocht tithíochta sóisialta.

- Thug an tAire treoir faoi alt 6(5) d'Acht 1998, lenar sonraíodh nach mór d'údaráis tithíochta ábhartha meastachán a dhéanamh ar riachtanais chóiríochta tuartha ag teaghlaigh Taistealaí a thiocfaidh chun cinn le linn thréimhse an chláir (1 Eanáir 2025 go 31 Nollaig 2029).

- Faoi alt 10(2)(b) den Acht, threoraigh an tAire go mbeadh an fhaisnéis i ndáil leis na riachtanais atá le comhlíonadh ag na cláir i bhfoirm achoimre ach go mbeadh neart sonraí inti leis an ngá le gach catagóir de chóiríocht Taistealaí a léiriú chomh maith leis an gceantar i gcoitinne ina bhfuil gá leis an gcóiríocht.

- Threoraigh an tAire faoi alt 10(2) d'Acht 1998 spriocanna bliantúla a chur san áireamh sna cláir i dtaobh chur i bhfeidhm na gclár. Ba cheart go gcuimseofaí leis na spriocanna sonraí faoi líon na n-aonad cóiríochta a bhfuil sé beartaithe a sheachadadh le haghaidh gach ceann de chúig bliana an chláir um chóiríocht shonrach do Thaistealaithe (grúpthithíocht, bánna ar láithreáin stad, lena n-áirítear láithreáin sealadacha) idir cóiríocht nua agus athchóirithe agus um thithíocht chaighdeánach.

- Faoi alt 7(4) den Acht, shonraigh an tAire an 31 Nollaig, mar an dáta is deireanaí nach mór cláir chóiríochta a ghlacadh faoi.

- Faoi alt 10(1) d'Acht 1998, threoraigh an tAire gur cheart go mairfeadh an chéad chlár cóiríochta eile ar feadh thréimhse 5 bliana agus nach mór an clár a thosú ar an 1 Eanáir 2025.

- Faoi alt 17(1) d'Acht 1998, threoraigh an tAire gur cheart athbhrithniú a dhéanamh ar an gcéad chlár cóiríochta eile tráth nach déanaí ná an 30 Meitheamh 2027.

# Aguisín B

## Oibriú agus ballraíocht ar Choistí Comhairleacha Áitiúla ar Chóiríocht do Thaistealaithe (CCÁCTanna)

1. Cuirfidh CCÁCTanna comhairle ar an údarás ceapacháin i ndáil le: Cóiríocht do Thaistealaithe a sholáthar agus a bhainistiú.

2. Is gá go mbeadh nósanna imeachta ainmniúcháin ionchuimsitheach agus trédhearcach agus maidir leis na hionadaithe Taistealaí a cheaptar ba cheart go mbeidís in ann ionadaíocht a dhéanamh ar dhaonra iomlán na dTaistealaithe i ngach ceantar. I gceantair ina bhfuil eagraíochtaí áitiúla um chóiríocht do Thaistealaithe, ba cheart do na grúpaí sin a n-ionadaithe féin a ainmniú, i gcás nach ann do ghrúpaí áitiúla, ba cheart go mbeadh eagraíochtaí náisiúnta Taistealaí mar phointe tagartha d'údaráis áitiúla.

3. Clár cóiríochta ar bith a ullmhú agus a chur i bhfeidhm le haghaidh cheantar feidhmiúil an údaráis áitiúil arna cheapadh. Níor cheart go mbeadh ceist na bainistíochta ar chóiríocht do Thaistealaithe ná plé ar chásanna cóiríochta aonair, laistigh de raon oibre CCÁCTanna.

4. Cleachtadh oibriúcháin: Ba cheart go mbeadh cruinnithe ag CCÁCTanna ceithre huaire sa bhliain ar a laghad, mar atá leagtha amach. I gcomhréir le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 agus treoirlínte an CCNCT.

5. Ba cheart don Stiúrthóir Seirbhísí tuairisciú i bpearsa do gach cruinniú den CCÁCT.

6. Is é cuspóir foriomlán na CCÁCTanna ná cinntiú go gcuirtear i bhfeidhm go hiomlán Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe. Chun go dtarlódh sé sin ba cheart do CCÁCT táscairí monatóireachta bliantúla a chumhdach agus iad cúitithe i gcoinne spriocanna bliantúla an CCT agus a phlean oibre féin. Ba cheart don CCÁCT monatóireacht a dhéanamh ar an bpróiseas, chomh maith leis an seachadadh.

7. Ba cheart don CCÁCT Tuarascáil Bhliantúil a chruthú lena n-áireofaí achoimre ar ghníomhaíochtaí i gcaitheamh na tréimhse. Ba cheart cóipeanna den Tuarascáil sin a thabhairt don Údarás Áitiúil ceapacháin agus ba cheart cóip a sheoladh freisin chuig an gCoiste Comhairleach Náisiúnta ar Chóiríocht do Thaistealaithe.

8. Ba cheart don CCÁCT tuairisciú go foirmiúil dhá uair sa bhliain do Bhainisteoir & do Stiúrthóir Seirbhísí an Údaráis Áitiúil cheapacháin. Ba cheart iarraidh go foirmiúil ar an mBainisteoir agus an Stiúrthóir Seirbhísí cruinniú a bheith acu leis an CCÁCT uair amháin sa bhliain, tar éis go gcuirtear i gcrích Tuarascáil Bhliantúil an CCÁCT.

9. Tá CCÁCTanna ríthábhachtach do rath PCTanna. I gcásanna nach bhfuil CCÁCTanna ag feidhmiú, tá oifigeach náisiúnta cóiríochta an ITM ar fáil le cabhrú leo.

10. 'Meabhráin Tuisceana' a chinntiú le bonn eolais a chur faoi chleachtais oibre CCÁCTanna agus cur chuige éifeachtach agus praiticiúil a chinntiú i dtreo oibriú i gcomhpháirtíocht le hoibleagáidí dearfacha dualgais i gcomhréir le 42 den Acht IHREC (2014) le haghaidh ball den CCÁCT.

# Aguisín C

## An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Chomhionannas 2014, A.42

**Comhlachtaí poiblí**

**42. (1)** I gcomhlíonadh a chuid feidhmeanna, tabharfaidh comhlacht poiblí aird ar an ngá le – (a) leithcheal a dhíbirt,

(b) comhionannas deise a chur chun cinn chomh maith le déileáil chomhionann lena chuid ball foirne agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí, agus

(c) cearta daonna a chuid ball, a chuid ball foirne agus na daoine dá soláthraíonn sé seirbhísí a chosaint.

**(2)** Chun críocha feidhm a thabhairt do fho-alt (1), agus aird tugtha aige ar fheidhmeanna agus chuspóir an chomhlachta agus ar a mhéid agus na feidhmeanna atá ar fáil dó seo a leanas a dhéanfaidh an comhlacht poiblí –

(a) leagfaidh sé amach ar bhealach atá inrochtana don phobal ina phlean straitéiseach (pé bealach a chuirtear síos air) measúnú ar na saincheisteanna ceart daonna agus comhionannais a mheasann sé a bheith ábhartha d'fheidhmeanna agus do chuspóir an chomhlachta nó na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm nó a bhfuil sé beartaithe a chur i bhfeidhm le haghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin, agus (b) tuairisciú ar bhealach atá inrochtana don phobal ar fhorbairtí agus éachtaí chuige sin ina thuarascáil bhliantúil (pé bealach a chuirtear síos orthu).

**(3)** Agus cabhair á tabhairt do chomhlachtaí poiblí lena gcuid feidhmeanna a chleachtadh ar bhealach atá ag teacht le fo-alt (1), féadfaidh an Coimisiún treoir a thabhairt do chomhlachtaí poiblí agus moladh dóibh beartais dea-chleachtais agus caighdeáin oibriúcháin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ndáil le cearta daonna agus comhionannas.

**(4)** Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (3), féadfaidh an Coimisiún –

(a) treoirlínte a eisiúint, nó

(b) cóid chleachtais a ullmhú i gcomhréir le halt 31, i dtaobh forbairt comhlachtaí poiblí ar bhearta feidhmíochta, chaighdeáin oibriúcháin agus straitéisí coisctheacha scríofa chun críocha leithcheal a laghdú agus cearta daonna agus comhionannas a chur chun cinn in ionad oibre na hearnála poiblí agus i soláthar seirbhísí don phobal.

**(5)** I gcás go measann an Coimisiún go bhfuil fianaise ann gur mhainnigh comhlacht poiblí a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh ar bhealach atá ag teacht le fo-alt (1) agus gur cuí ar na cúinsí go léir déanamh amhlaidh, féadfaidh an Coimisiún cuireadh a thabhairt don chomhlacht poiblí–

(a) athbhreithniú a dhéanamh i ndáil le comhlíonadh a chuid feidhmeanna ag an gcomhlacht sin agus aird tugtha ar fho-alt (1), nó

(b) plean gníomhaíochta a ullmhú agus a chur i bhfeidhm maidir le comhlíonadh a chuid feidhmeanna ag an gcomhlacht sin agus aird tugtha ar fho-alt (1), nó an dá cheann.

**(6)** D'fhéadfadh go mbainfeadh athbhreithniú nó plean gníomhaíochta faoi fho-alt (5) le – (a) comhionannas deise nó cearta daonna i gcoitinne, nó (b) le gné áirithe de chearta daonna nó de leithcheal sa chomhlacht poiblí atá i gceist.

**(7)** Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmiú fho-alt (1) agus déanfaidh sé amhlaidh má iarrann an tAire sin.

**(8)** Chun críocha cabhrú leis le hathbhreithniú a dhéanamh faoi fho-alt (7), rachaidh an Coimisiún i gcomhairle le cibé daoine nó comhlachtaí a mheasann sé a bheith cuí.

**(9)** I gcás go ndéanann an Coimisiún athbhreithniú faoi fho-alt (7) –

(a) féadfaidh sé, nó

(b) i gcás ina bhfuil an t-athbhreithniú iarrtha ag an Aire, tabharfaidh sé tuairisc ar an athbhreithniú don Aire agus cuimseoidh aon tuairisc den sórt sin moltaí de réir mar a mheasann an Coimisiún a bheith cuí.

**(10)** Cinnteoidh an Coimisiún go gcuirtear cóip den tuairisc os comhair an dá Theach Oireachtais.

**(11)** Ní fheidhmeoidh aon ní san alt seo ann féin chun bheith ina chúis le gníomh ar dhuine ar bith in aghaidh comhlachta poiblí i dtaca le feidhmiú a chuid feidhmeanna faoin bhfo-alt

# TAGAIRTÍ


[1] https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/43310/d7d54fbff0f4418982856e7dddaf 78c1.pdf#page=null

[2] Rialtas na hÉireann, An tAcht Pleanála agus Forbartha 2000, Baile Átha Cliath: Oifig Stáiseanóireachta Bhaile Átha Cliath https://www.irishstatutebook.ie/eli/2000/act/30/enacted/en/html

[3] https://www.google.com/url?q=https://www.gov.ie/en/publication/225d8-developmentplan-guidelines/&sa=D&source=docs&ust=1707408247122472&usg=AOvVaw239y7uBQNF2 EVARxdgxTFj

[4] https://www.gov.ie/en/publication/7e05d-programme-for-government-our-shared-future/

[5] https://www.gov.ie/en/publication/ef5ec-housing-for-all-a-new-housing-plan-for-ireland/

[6] https://www.irishstatutebook.ie/eli/2021/act/26/enacted/en/html

[7] https://www.gov.ie/en/publication/69597-youth-homelessness-strategy/

[8] https://www.gov.ie/en/press-release/6ab3a-government-counter-motion-on-the-privatemembers-business-motion-re-eviction-ban/

[9] https://www.housingagency.ie/publications/traveller-accommodation-expert-review-2019

[10] https://www.ihrec.ie/our-work/equalityreview/#:~:text=In%202019%2C%20the%20Commission%20 invited,obligations%20on%2 0Traveller%20specific%20accommodation.

[11] https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2021/10/Traveller-Accommodation-and-theLocal-Authority-Devlopment-Plan-Case-Study.pdf

[12] https://www.irishtimes.com/ireland/social-affairs/2024/01/05/number-of-peoplein-emergency-accommodation-hits-new-high-of-13514/

[13] https://www.simon.ie/e-publication/locked-out-executive-summary-december2023/

[14] https://fra.europa.eu/en/publication/2020/roma-travellers-survey(2020)

[15]https://www.gov.ie/en/collection/6060e-overall-social-housing-provision/#local-authoritybuild

[16] https://itmtrav.ie/wp-content/uploads/2021/08/PDF-ITM-Traveller-AccommodationProgramme-Analysis.pdf

[17] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp5/census2022profile5diversitymigrationethnicityirishtravellersreligion/irishtravellers/

[18] https://www.gov.ie/pdf/?file=https://assets.gov.ie/276539/9248d855-1f03-42c3-be31def188fdf7a8.pdf#page=null

[19] https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p-cpp5/census2022profile5diversitymigrationethnicityirishtravellersreligion/irishtravellers/

[20] https://www.wicklow.ie/Portals/0/Documents/Housing/Traveller- Accommodation/Circular%20 Housing%20%2035.2018%20%20%20%205th%20Traveller %20Accommodation%20Programme%20 2019%20-%202024.pdf

[21] Rialtas na hÉireann, An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, A.42, Baile Átha Cliath: Oifig Stáiseanóireachta Bhaile Átha Cliath.

[22] https://www.paveepoint.ie/wp-content/uploads/2019/07/Expert-Review-Group-TravellerAccommodation.pdf

[23] https://www.opr.ie/wp-content/uploads/2021/10/Traveller-Accommodation-and-the-Local-Authority-Devlopment-Plan-Case-Study.pdf

[24] DHLGH (2023) Treoirlínte maidir le Cláir Chóiríochta Údarás Áitiúil do Thaistealaithe 2025-2029

Oifig an Phríomhoifigigh
Cúram Sláinte Pobail Thoir

Bloc B, Lárionad Cathrach, An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin, A98 X329.

**Oifig Príomhoifigeach Chúram Sláinte Pobail an Oirthir**

Oifigí an FSS, Bloc B, Lárionad Cathrach, An tSráid Mhór, Bré, Co. Chill Mhantáin, A98 X329.

**www.hse.ie**
**@HSELive @Ch6East**
**t** 01 274 4151
**r** martina.queally@hse.ie

7th Feabhra 2024

**Chuig:** An tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe

**Ó:** Aishling Heffernan, Cathaoirleach Ghrúpa Náisiúnta Forfheidhmithe an FSS um Shláinte Taistealaithe

**Aighneacht ag an nGrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta um Shláinte Taistealaithe don phróiseas comhairliúcháin do Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029**

**Don té lena mbaineann**

Bunaíodh an Grúpa Forfheidhmithe Náisiúnta um Shláinte Taistealaithe (GFNST) chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte Taistealaithe 2022-2027 (PGNST). Sa phlean tugtar aghaidh ar dhul i ngleic le neamhionannas tromchúiseach i sláinte Taistealaithe thar an tréimhse cúig-bliana. Bíonn torthaí sláinte i bhfad níos measa ag Taistealaithe i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne, lena n-áirítear rátaí báis níos airde, rátaí níos airde de bhásmhaireacht naíonán, ionchas saoil níos ísle, rátaí féinmharaithe níos airde, agus rátaí níos airde de ghalar ainsealach. I Sprioc 3 de PGNST *'aghaidh a thabhairt ar chinntithigh shóisialta um shláinte na dTaistealaithe trí bhearta spriocdhírithe agus príomhshruthaithe'* áirítear sraith gníomhartha a bhaineann leis na tosca sóisialta a mbíonn éifeacht acu ar shláinte Taistealaithe. Tá an chóiríocht ina príomhchinntitheach sóisialta don tsláinte agus tá roinnt roghanna a bhaineann le cóiríocht sa PGNST, lena mbaineann obair i gcomhpháirt leis an údarás áitiúil ag an FSS.

Cuirimid fáilte roimh an deis aighneacht a dhéanamh don phróiseas comhairliúcháin don Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029. Chuirimis fáilte chomh maith roimh thuilleadh plé lenár gcomhghleacaithe Údaráis Áitiúil chun oibriú i gcomhpháirtíocht trí struchtúir áitiúla agus réigiúnacha maidir le haghaidh a thabhairt ar na cinntithigh shóisialta do Shláinte Taistealaithe a bhaineann leis an gcóiríocht mar chuid de chur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte Taistealaithe.

Go raibh maith agaibh roimh ré as an aighneacht seo a mheas.

Le dea-mhéin,

**Aishling Heffernan**
**Cathaoirleach an Ghrúpa Forfheidhmithe Náisiúnta um Shláinte Taistealaithe, Príomhoifigeach Cúram Sláinte Pobail an Oirthir**

## Stádas Sláinte Taistealaithe

Tugann Taistealaithe aghaidh ar neamhionannas mór sláinte mar thoradh ar na cinntithigh shóisialta don tsláinte. Bíonn rátaí báis i bpobal na dTaistealaithe 3.5 uair níos airde ná rátaí báis i measc daoine nach Taistealaithe iad agus bíonn an t-ionchas saoil 13.3 bliain níos ísle. Tá an ráta féinmharaithe i measc Taistealaithe 6 uaire níos airde ná an ráta sa daonra i gcoitinne agus is ionann é agus thart ar 11% de gach bás i measc Taistealaí. Bíonn rátaí báis naíonán sa phobal 4 huaire níos airde ná mar a bhíonn sa daonra i gcoitinne, agus cuireann reachtaí sláinte ainsealacha ag a mbíonn éifeacht dhíréireach ar Thaistealaithe go mór leis an mbearna básmhaireachta. Feictear é sin le rátaí níos airde de ghalar cardashoithíoch, de dhiaibéiteas agus hipirtheannas, (12% diagnóisithe le diaibéiteas agus os cionn 10% ar a bhfuil diaibéiteas ach nach bhfuil diagnóisithe).

## Cinntithigh Shóisialta don Tsláinte

Is iad na cinntithigh shóisialta don tsláinte (CSS) na tosca nach tosca leighis iad ach a mbíonn tionchar acu ar thorthaí sláinte. Is iad na dálaí ina rugtar, ina fhásann, ina n-oibríonn, ina gconaíonn agus ina dtéann daoine in aois, agus an tsraith níos leithne d'fhórsaí agus de chórais a mhúnlaíonn dálaí an tsaoil laethúil. Tá cóiríocht ina príomhchinntitheach don tsláinte. Fuarthas leis an AITHS dá fhearr an chóiríocht atá ag teaghlach Taistealaí is ea is fearr a stádas sláinte, rud a tharraingíonn aird ar thábhacht na cóiríochta agus na n-áiseanna dea-chaighdeáin ó thaobh tacú le dea-shláinte agus í a chothú. Ní féidir tábhacht na rochtana do chóiríocht dea-chaighdeáin chun sláinte dhearfach lena n-áirítear meabhairshláinte dhearfach a chumasú agus tacú leo a ghannmheas. Dóibh siúd a bhfuil cónaí orthu i gcóiríocht shonrach do Thaistealaithe, is gá cinntiú le PCTanna go ndéantar dea-chothabháil ar láithreáin, go bhfuil siad suite gar d'áiseanna áitiúla, le háiseanna sláintíochta cearta, tithe tíosacha ar fhuinneamh, neart spáis do theaghlaigh agus áiseanna spraoi do leanaí, toisc go bhfuil siad siúd bunriachtanach chun tacú le dea-thorthaí sláinte agus iad a chumasú.

## Oibriú i gComhpháirtíocht

Tá an PGNST tacaithe ag obair i gcomhpháirtíocht; cuimsítear leis sin Sláinte Phoiblí an FSS, struchtúir réigiúnacha um shláinte Taistealaithe agus foireann cuimsithe shóisialta an FSS a bheith ag obair taobh le húdaráis áitiúla agus le ranna rialtais, de réir mar is cuí, chun aghaidh a thabhairt ar na cinntithigh shóisialta do shláinte Taistealaithe (Gníomh 36). Cuirimid fáilte roimh leanúint ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht seo agus neartú a dhéanamh uirthi mar chuid den Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe. Dar linn tá ról tábhachtach ag an tSláinte Phoiblí ó thaobh tacaíocht agus comhairle a thabhairt don Údarás Áitiúil le cinntiú go gcumasaíonn agus go dtacaíonn cóiríocht do Thaistealaithe le dea-shláinte fhisiceach agus meabhrach ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear Measúnuithe Sláinte a sholáthar um Chóiríocht reatha agus bheartaithe do Thaistealaithe le linn shaolré na PCTanna.

## Monatóireacht ar Chomhioannas Eitneach

Gné lárnach maidir le soláthar leordhóthanach cóiríochta do Thaistealaithe a chinntiú is ea ná próisis daingne monatóireachta a chinntiú. Is féidir tacú leis na próisis sin trí chinntiú go gcuirtear i bhfeidhm monatóireacht ar chomhionannas eitneach, lena n-áirítear aitheantóir eitneach caighdeánaithe a thabhairt isteach ar aon dul leis an daonáireamh náisiúnta, thar gach tacar sonraí ábhartha de chuid an údaráis áitiúil. Áirítear leis sin tacair sonraí um thithíocht agus chóiríocht shóisialta, leithdháiltí tithíochta agus cóiríochta sóisialta, agus maidir le heaspa dídine. Cé go n-aithnímid go ndearnadh roinnt feabhsúchán maidir le bailiú sonraí, lena n-áirítear ceist a chur leis an bhfoirm iarratais um Thacaíocht Tithíochta sóisialta chun sonraí faoi Thaistealaithe a aimsiú, molaimid é sin a leasú agus a nuashonrú mar cheist uilíoch eitneachta (i gcomhréir leis an daonáireamh) ar aon dul le cur chuige atá bunaithe ar chearta daonna.

7. **Go dtabharfadh baill CCÁCT faoi oiliúint frithchiníochais agus feasachta cultúrtha mar bhaill foirne Údaráis Áitiúil i gcomhréir le hAlt 42, An tAcht um Chearta Daonna agus Comhionannas na hÉireann (2014).**

**Aguisín 1- Gníomhartha Ábhartha an PGNST**

| | | | |
|---|---|---|---|
| **35** | Comhdhlúthú a dhéanamh ar na bearta sláinte atá curtha i bhfeidhm chun tionchar COVID-19 agus galar tógálach eile ar Thaistealaithe a íoslaghdú, lena n-áirítear príomhchláir um imdhíonú leanaí, smacht ar ráigeanna mar heipitíteas A, agus vacsaínithe COVID-19. | **Sláinte Poiblí an FSS + Údaráis Áitiúla + gníomhaireacht aí ábhartha eile.** | NTRIS (Gníomh 79)<br><br>Éire Shláintiúil: Creat um Shláinte agus Fholláine Fheabhsaithe |
| **36** | Oibreoidh Ranna Sláinte Poiblí agus Struchtúir réigiúnacha um Shláinte Taistealaithe i gcomhpháirt le rialtais áitiúla agus le Ranna Rialtais, mar is cuí chun aghaidh a thabhairt ar na cinntithigh shóisialta do Shláinte Taistealaithe. | **Sláinte Phoiblí an FSS + gníomhaireacht aí ábhartha eile.** | Éire Shláintiúil: Creat um Shláinte agus Fholláine Fheabhsaithe |

---

[i] UCD (2010) Foireann an Staidéar Uile-Éireann ar Shláinte Taistealaithe. Staidéar Uile -Éireann ar Shláinte Taistealaithe: Achoimre ar Fhionnnachtana. https://www.ucd.ie/t4cms/AITHS_SUMMARY.pdf

**Seirbhísí Sláinte do Thaistealaithe**
Cúram Sláinte Pobail an FSS san Iarthar Láir
Campas Sláinte Sheosaimh,
An Sciathán Thoir Theas,
Sráid Mulgrave,
Luimneach.
V94 C8DV

12 Feabhra, 2024

An tAonad Cóiríochta do Thaistealaithe,
Seirbhísí Tacaíochta Tithíochta,
Comhairle Cathrach agus Contae Luimnigh,
Cé na gCeannaithe,
Luimneach
V94 EH90

Ms Philips, a chara,

Féach thíos, an aighneacht ó Sheirbhísí Sláinte do Thaistealaithe i Réigiún an Iarthair Láir don Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029, a mbeidh deis agat machnamh a thabhairt uirthi

San aighneacht seo, tá aird tarraingthe againn ar chúig phríomhréimse a mbíonn éifeacht acu ar shláinte Taistealaithe agus ar gealltanais bheartais reatha nár mhór a chuir san áireamh dár linn, agus an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe (CCP) 2024-2029 á fhorbairt. Is iad sin ná:

1. Seachadadh agus cuntasacht PCTanna
2. Tionchair an bheartais ar chóiríocht a bhíonn taobh thiar de chinntithigh shóisialta don tsláinte
3. Tionchar an scaipthe & an bheartais i ndáil le cóiríocht phríobháideach ar cíos
4. Ábhair imní i ndáil le sláinte phoiblí agus leis an timpeallacht
5. Sábháilteacht Leanaí Taistealaí

Measaimid gur ríthábhachtach go dtabharfaí aghaidh i ndáiríre ar na tionchair sláinte, lena n-áirítear ábhair imní maidir le sláinte phoiblí, a bhíonn ag an timpeallacht chónaithe agus PCTanna nua á bhforbairt.

Le meas

Marie Boyle,
Bainisteoir Ginearálta, Cuimsiú Sóisialta, Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir

**Aighneacht do Phleananna Cóiríochta do Thaistealaithe de chuid Údarás Áitiúil (Eanáir 2024)**

**Teagmhálaithe:**
Marie Boyle, Bainisteoir Ginearálta, Cuimsiú Sóisialta, Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir
marie.boyle@hse.ie

Judith Mulcahy, Oibrí Forbartha Pobail, Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir
judith.mulcahy@hse.ie

Therese Donnellan, SEO, Cuimsiú Sóisialta, Cúram Sláinte Pobail an Iarthair Láir
therese.donnellan@hse.ie

## Cúram Sláinte FSS an Iarthair Láir (MWCH) Bonneagar Réigiúnach um Shláinte Taistealaithe


I MWCH an FSS, tá an tSeirbhís Sláinte do Thaistealaithe suite laistigh de na Seirbhísí Cuimsithe Shóisialta i gCúram Príomhúil.

Tá an Bonneagar Réigiúnach um shláinte Taistealaithe déanta suas d’fhoireann lárnach um shláinte Taistealaithe, d’Aonad Sláinte do Thaistealaithe agus d’fhóghrúpaí gaolmhara, buiséad sláinte do Thaistealaithe agus naisc thar raon na stiúrthóireachtaí agus seirbhísí sláinte i MWCH agus le heagraíochtaí seachtracha chun sláinte agus folláine Taistealaithe ar an iomlán a chur chun cinn.

Clúdaíonn an tSeirbhís Sláinte Taistealaithe de chuid Chúram Pobail FSS an Iarthair Láir an Clár, Luimneach, agus Tiobraid Árann Thuaidh. Tacaítear le hobair na roinne seo ag an bPlean Forfheidmithe um Shláinte Taistealaithe (2023-2027) agus cuirtear i bhfeidhm é trí thionscnaimh réigiúnacha um Shláinte Taistealaithe; 5 Thionscadal Cúram Sláinte Príomhúil le haghaidh Taistealaithe (TCSPanna) agus tionscadail sláinte áitiúla i Luimneach, sa Chlár, agus i dTiobraid Árann Thuaidh, i gcomhpháirt lenár gcuid gníomhaireachtaí Alt 39.

Fostaíonn na TCSPanna Oibrithe Sláinte Pobail do Thaistealaithe, agus oibrithe eile ar bhonn páirtaimseartha, agus tugann siad faoi abhcóideacht sláinte i raon de réimsí sláinte, e.g. meabhairshláinte, oideachas sláinte; sláinte leanaí agus naíonáin; imdhíonú agus foláirimh sláinte; andúil; aiste bia agus aclaíocht; sláinte agus folláine; sláinte na mban; sláinte na bhfear; agus obair ar chinntithigh shóisialta lena n-áirítear cúrsaí cóiríochta agus sláinte timpeallachta. Is í an fhírinne ná go mbíonn sláinte fhisiceach agus mheabhrach ball de Phobal na dTaistealaithe i gcoitinne i bhfad níos measa i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne. Is é príomhchuspóir ár gcuid seirbhísí ná stádas sláinte Taistealaithe a fheabhsú, acmhainn na seirbhísí sláinte príomhshrutha chun freastal ar riachtanais Taistealaí a fheabhsú agus muid ag aithint ag an am céanna gurb iad na cinntithigh shóisialta don tsláinte atá ina mbunchúis le neamhionannas sláinte i measc Taistealaithe. Tá an obair sin tacaithe ag cur chuige comhpháirtíochta, atá ríthábhachtach chun tacú le freagairtí coiteanna agus comhordaithe i dtreo aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte Taistealaithe.

**Fig. 1 Struchtúir Náisiúnta, Réigiúnacha agus Áitiúla**



## Brollach

Cuireann an tSeirbhís Sláinte Taistealaithe de chuid Chúram Pobail an Iarthair Láir fáilte roimh an deis an aighneacht seo a dhéanamh chun bheith mar bhonn eolais do na Pleananna Cóiríochta do Thaistealaithe 2024-2029 atá á ndréachtú ag na hÚdaráis Áitiúla sa réigiún seo. Aithnímid go ndearnadh roinnt dul chun cinn ó thaobh cóiríocht a sholáthar do Thaistealaithe le linn an PCT is deireanaí agus obair an fhoireann Údaráis Áitiúil a chuir leis an méid sin a bhaint amach. Ba mhaith linn chomh maith an caidreamh dearfach idir foireann an FSS agus na húdaráis áitiúla sa réigiún seo a aithint agus iad ag obair go comhoibritheach in obair idirghníomhaireachta Taistealaí ar feadh na mblianta fada. Ba léir é sin ach go háirithe le linn COVID-19 nuair a d'oibrigh an FSS (Sláinte Phoiblí an FSS san áireamh), údaráis áitiúla agus an FSS go dearfach le chéile d'fhonn tionchar is measa an víris a mhaolú i measc Taistealaithe. Is ríthábhachtach go leanfaí ar aghaidh leis an bplé dearfach sin amach anseo agus tábhacht na cóiríochta i ndáil leis na cinntithigh shóisialta don tsláinte á cur san áireamh.

Bunaíodh Aonaid Sláinte Taistealaithe (AST) i ngach ceantar Bhord Sláinte mar a mhol an Tasfhórsa ar Thaistealaithe (1995). Nuair a bunaíodh an FSS ina dhiaidh sin, tugadh faoi athbhreithniú ar ASTanna, agus moladh leanúint ar aghaidh á bhfeidhmiú ar an mbonn limistéir gheografaigh a bhí acu cheana. Clúdaíonn an tSeirbhís Sláinte Taistealaithe i Réigiún an Iarthair Láir Luimneach, An Clár agus Tiobraid Árann Thuaidh.

Is í aidhm an tSeirbhís Sláinte Taistealaithe de chuid an FSS ná tosaíocht a thabhairt do shláinte Taistealaithe ar leibhéal áitiúil agus réigiúnach:

- Monatóireacht a dhéanamh ar sheachadadh seirbhísí sláinte do Thaistealaithe agus spriocanna réigiúnacha a shocrú ar féidir feidhmíocht a thomhas ina gcoinne;
- Cinntiú go gcuirtear béim ar shláinte Taistealaithe ar chlár oibre an FSS;
- Comhordú agus idirchaidreamh a chinntiú laistigh den FSS, agus idir an FSS agus comhlachtaí reachtúla agus deonacha eile, i ndáil le sláinte Taistealaithe;
- Sonraí a bhailiú faoi shláinte Taistealaithe agus faoi úsáid seirbhísí sláinte acu;
- Cinntiú go gcuirtear oiliúint chuí ar sholáthraithe seirbhíse sláinte i dtaca lena dtuiscint ar agus a gcaidreamh le Taistealaithe;
- Tacú le forbairt seirbhísí sonracha do Thaistealaithe, go díreach ag an FSS, nó go hindíreach trí heagraíochtaí deonacha cuí.

San aighneacht seo, leagaimid béim ar chúig réimse lárnach, a mbíonn éifeacht acu ar shláinte Taistealaithe, ar ghealltanais bheartais reatha a mheasaimid gur gá iad a chur san áireamh agus an Clár Cóiríochta do Thaistealaithe 2025-2029 á fhorbairt. Is iad sin ná:

1. Seachadadh agus cuntasacht PCTanna
2. Tionchair an bheartais ar chóiríocht a bhíonn taobh thiar de chinntithigh shóisialta don tsláinte
3. Tionchar an bheartais scaipthe agus an luas mall maidir le cóiríocht shonrach a fhorbairt do Thaistealaithe
4. Cúrsaí timpeallachta agus a n-éifeacht ar an tsláinte
5. Sábháilteacht Leanaí Taistealaí

**Moltaí do Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe**

**1. Tacú le PCTanna daingne a sheachadadh trí mheán na cuntasachta**
**Moltaí:**

- Cur le caidrimh a cothaíodh le linn COVID idir Údaráis Áitiúla agus Sláinte Phoiblí an FSS chun soláthar cóiríochta do Thaistealaithe a chumasú a thacaíonn le dea-shláinte fhisiceach agus mheabhrach Taistealaithe.
- Cinntiú go mbíonn ionadaíocht ar Thaistealaithe ar an CCÁCT, agus iad ainmnithe ag eagraíochtaí Taistealaí nó i gcás nach ann d'eagraíochtaí Taistealaí, tacóidh an CCNCT le hainmniúcháin. Íoslíon ionadaithe a shocrú le hionadaíocht fhiúntach a chinntiú.
- Ba cheart go mbeadh Measúnuithe Tionchair Sláinte ina réamhriachtanas agus cóiríocht á dearadh do Thaistealaithe. Ba cheart iad a dhéanamh ar chóiríocht atá ann cheana agus iad a athbhreithniú le linn shaolré an PCT.
- Ba cheart go léireofaí leis an gcumarsáid freastal ar leibhéil ísle litearthachta, agus ba cheart tacaí a thairiscint chun go mbeidh an chumarsáid fiúntach.
- Forbairt an PCT le bheith tacaithe ag creat daingean monatóireachta agus measúnaithe a chuimsíonn spriocanna agus buiséid bhliantúla.
- Forbróidh Údaráis Áitiúla tuairiscí bliantúla ar dhul chun cinn an PCT chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn; tuairiscí le cur faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.
- Ba cheart d'Údaráis Áitiúla oiliúint a chur ar fáil do bhaill den CCÁCT ar fhrithchiníochas i ndáil le Taistealaithe agus Feasacht Chultúrtha faoi Thaistealaithe.

**2. Dul i ngleic leis na Cinntithigh Shóisialta don tSláinte**
**Moltaí:**

- Ba cheart cóiríocht shonrach do Thaistealaithe atá oiriúnach go cultúrtha a fhorbairt, agus freastal ar riachtanais Taistealaithe siúlacha *trí láithreáin shealadacha a chur ar fáil mar a mholtar in Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.*
- Ba cheart go mbeadh ról díreach ag eagraíochtaí Taistealaí sna measúnuithe ar riachtanais chóiríochta chun na riachtanais reatha agus na riachtanais tuartha a ghabháil i gcomhréir leis na treoirlínte ar PCTanna. Ba cheart go gcuimseofaí leis sin teaghlaigh Taistealaí atá gan dídean agus a bhfuil cónaí orthu ar láithreáin neamhúdaraithe.
- Is gá riachtanais Taistealaithe breacaosta, Taistealaithe faoi mhíchumas agus leanaí Taistealaí a thógáil san áireamh go sonrach agus an PCT á fhorbairt.
- Ba cheart oiliúint inseirbhíse ar fhrithchiníochas agus leithcheal a chur ar bhaill fhoirne Údaráis Áitiúil chun cloí leis na hoibleagáidí dualgais dhearfaigh agus gealltanais a chomhlíonadh i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais.
- Is gá ról a thabhairt do sholáthraithe oideachais i bhforbairt PCTanna chun a chinntiú go dtuigtear riachtanais oideachais taistealaithe ina gceantar agus chun tacú le soláthraithe oideachais lena dtuiscint.

**3. Aitheantas ar thionchar an bheartais scaipthe & an bheartais ar chóiríocht phríobháideach ar cíos ar easpa dídine Taistealaithe**
**Moltaí:**

- Ba cheart soláthar a dhéanamh do chóiríocht shonrach do Thaistealaithe sa PCT.
- Ba cheart tosaíocht a thabhairt do líonraí teaghlaigh shínte de chuid Taistealaithe agus a chur san áireamh agus cóiríocht á leithdháileadh do Thaistealaithe, le hionchur ó na Taistealaithe féin.
- Aitheantóir eitneach uilíoch (ar aon dul le caighdeáin ar chearta daonna) le cur i bhfeidhm thar gach tacar sonraí riaracháin in Údaráis Áitiúla i gcomhréir le NTRIS.

**4. Cinntiú go nglactar cur chuige iomlánaíoch i dtreo riachtanais chóiríochta Taistealaithe, lena n-áirítear cúrsaí timpeallachta agus a n-éifeacht ar an tsláinte**

**Moltaí:**

- Ba cheart creat chun sláinte timpeallachta a fheabhsú i gcóiríocht do Thaistealaithe agus a chuimsiú sa PCT.
- Ba cheart leas a bhaint as an bhfoghlaim agus as meicníochtaí a úsáideadh chun tacú le soláthar cóiríochta do Thaistealaithe i rith COVID-19 agus a phríomhshruthú i bpróisis PCT.
- Is gá insiúltacht, sábháilteacht agus riachtanas iompair a chumhdach agus cóiríocht á dearadh do Thaistealaithe.
- Molaimid go gcinnteodh Údaráis Áitiúla go ndéanfadh soláthar le Scéimeanna Cíosa/Iasachta Carbháin do thithe soghluaiste caighdeáin chónaithe de réir Chaighdeán na Breataine BS3632.
- Is gá cúrsaí Timpeallachta agus Athraithe Aeráide a chur san áireamh agus Cóiríocht do Thaistealaithe á pleanáil.

  Ba cheart tosaíocht a thabhairt do Chóiríocht do Thaistealaithe um iarfheistiú fuinnimh agus ba cheart forbairtí nua a thógáil de réir na gcaighdeán fuinnimh is airde leis na teicneolaíochtaí fuinnimh is deireanaí chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fhuinnimh.

**5. Cearta leanaí Taistealaí a chinntiú agus féachaint chuige go seasfaidh siad an aimsir**

**Moltaí:**

- Ba cheart beartais náisiúnta i ndáil le leanaí, go háirithe Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile, a chur san áireamh agus cóiríocht á pleanáil le haghaidh Teaghlaigh Taistealaí.
- Ba cheart áiseanna súgartha a chur ar fáil i gcóiríocht shonrach do Thaistealaithe ar aon dul le Gníomh 61 i NTRIS.
- Ba cheart cearta cultúrtha leanaí Taistealaí a chur san áireamh agus cóiríocht do Thaistealaithe á pleanáil agus á soláthar.
- Is gá rochtain leanaí ar oideachas luathóige, agus ar oideachas príomhshrutha a mheas agus a phleanáil agus cóiríocht do Thaistealaithe á pleanáil.
- Is gá táscairí folláine leanaí a chur san áireamh sa PCT.


  Ba cheart measúnú a dhéanamh ar chóiríocht shonrach do Thaistealaithe ó thaobh a tionchair ar fholláine leanaí agus aghaidh a thabhairt ar na fionnachtana agus cóiríocht á huasghrádú; cothabháil nó forbairt.

## 1. Seachadadh agus Cuntasacht PCT

Is tábhachtach ón tús béim a chur ar an ngá go mbeadh PCTanna ar aon dul leis an mbeartas agus an reachtaíocht reatha, lena n-áirítear Dualgas Comhionannais agus Ceart Daonna na hEarnála Poiblí[1]; an Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Taistealaithe agus Romach (2017-2021)[2] agus an straitéis a thiocfaidh ina diaidh go luath; Tithíocht do Chách[3]; agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte Taistealaithe 2022-2027 (PGNST).[4] Leis an PGNST, a seoladh i mí na Samhna 2022 tugtar faoi aghaidh a thabhairt ar neamhionannas suntasach i ndáil le sláinte Taistealaithe trí bhearta spriocdhírithe agus príomhshrutha, le straitéis fhorfheidhmithe shoiléir. Cuid den straitéis sin í obair an FSS i ndlúthpháirt le comhlachtaí poiblí eile a sholáthraíonn seirbhísí a mbíonn tionchar acu ar shláinte agus fholláine Taistealaithe.

Tá an chóiríocht ina príomhchinntitheach shóisialta don tsláinte agus éifeacht aici ar mheabhairshláinte agus ar shláinte fhisiceach araon. Le Sprioc 3 den PGNST *'Aghaidh a thabhairt ar na cinntithigh shóisialta don tsláinte trí bhearta spriocdhírithe agus príomhshruthaithe'* féachtar chuig 'Cur chuige uile-rialtais atá bunaithe ar chinntithigh shóisialta a chinntiú i dtreo aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte ar aon dul le NTRIS, Éire Shláintiúil agus Sláintecare'.

**Fig. 2 Cinntithigh Shóisialta don tSláinte, PGNST**




[1] I gcomhréir le hAlt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas (IHREC) 2014 tá sé socraithe go bhfuil dualgas dearfach ar chomhlachtaí na hearnála poiblí maidir le:
- leithcheal a dhíbirt
- comhionannas deise agus déileáil chomhionann a chur chun cinn
- cearta daonna a chosaint

Ciallaíonn sé sin go bhfuil freagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn, Údaráis Áitiúla san áireamh, comhionannas a chur chun cinn, leithcheal a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí agus úsáideoirí seirbhíse a chosc chomh maith le cearta daonna gach duine lena mbaineann a gcuid beartas agus pleananna. Oibleagáid dhlíthiúil í sin, ar a dtugtar Dualgas na hEarnála Poiblí maidir le Comhionannas agus Cearta Daonna.

[2]An Straitéis Náisiúnta um Chuimsiú Taistealaithe agus Romach (2017-2021) https://www.gov.ie/en/publication/c83a7d -national-traveller-and-roma-inclusion- strategy-2017-2021/

[3]I [3]Tithíocht do Chách aithnítear go bhfuil ró-ionadaíocht ar Thaistealaithe i measc dhaonra na ndaoine gan dídean in Éirinn agus tugtar gealltanas chun roinnt gníomhartha lena n-áirítear oibriú le hÚdaráis Áitiúla agus le CTFanna chun feabhas a chur ar cháilíocht agus chainníocht ó thaobh cóiríocht shonrach do Thaistealaithe a sheachadadh.

[4] An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte Taistealaithe 2022-2027: https://www.hse.in/eng/services/publications/socialinclusiory/ national-traveller-health-action-plan-2022-2027.pdf

Tá an PGNST tacaithe ag obair i gcomhpháirtíocht; cuimsítear leis sin, Sláinte phoiblí an FSS agus struchtúir réigiúnacha um shláinte Taistealaithe a bheith ag obair taobh le húdaráis áitiúla agus le ranna rialtais, de réir mar is cuí, chun aghaidh a thabhairt ar na cinntithigh shóisialta do shláinte Taistealaithe (Gníomh 36). Ní féidir tábhacht na rochtana do chóiríocht dea-chaighdeáin chun sláinte dhearfach lena n-áirítear meabhairshláinte dhearfach a chumasú agus tacú leo a ghannmheas. Braitheann plé Taistealaithe le seirbhísí sláinte príomhshrutha, agus go háirithe a gcumas glacadh le comhairle ó ghairmithe sláinte ar fud sheirbhísí an FSS ar rochtain ar chóiríocht dhea-chaighdeáin. Mar shampla, bhí cloí le bearta sláinte poiblí i rith phaindéim COVID-19 ag brath ar chóiríocht oiriúnach a bheith ar fáil, agus spás ann um bearta leithlisithe agus áiseanna sláintíochta cuí. Agus muid ag tógáil ar an obair chomhpháirtíochta a rinneadh idir Údaráis Áitiúla agus Sláinte Phoiblí an FSS i rith COVID, cuirimid fáilte roimh leanúint ar aghaidh leis an gcomhpháirtíocht seo agus lena neartú ar chuid den Chlár Cóiríochta do Thaistealaithe. Ba cheart tionchar na cóiríochta reatha agus beartaithe do Thaistealaithe ar an tsláinte a mheasúnú.

Bhí forbairt an PGNST bunaithe ar phróiseas comhairliúcháin lenar cuimsíodh 5 chomhairliúchán réigiúnach (a chuimsigh ionadaithe ar Údaráis Áitiúla). Admhaíodh leis an bpróiseas nach bhfuil a n-acmhainn á comhlíonadh ag na struchtúir reatha um chóiríocht do Thaistealaithe (i.e.) CCÁCT; gur minic nach mbíonn ionadaíocht fhiúntach ag Taistealaithe orthu, nach ndéantar neart freastail orthu agus nach mbíonn cumhachtaí forfheidhmithe acu. Anuas air sin, teachtaireacht sheasmhach ó gach comhairliúchán ab ea go raibh PCTanna á gcur i bhfeidhm go dona agus go mall, d’ainneoin na mbuiséad a bhí leithdháilte agus na spriocanna.

Tá na leibhéil litearthachta íseal i measc dhaonra na dTaistealaithe, agus mar sin, ba cheart go léireofaí leis an gcumarsáid, tuiscint air sin, agus d’fhéadfadh go n-áireofaí leis oibrithe tacaíochta chun cumarsáid a sheiceáil.

Le doiciméad comhairliúcháin an PGNST leagtar béim ar an ngá go gcinnteofaí le PCTanna reatha go gcaithfí buiséid chun na críche sin, agus go mbainfí lánúsáid astu, lena n-áirítear cóiríocht nua a fhorbairt ina dtógtar san áireamh an riachtanas measta. Ina theannta sin, tugtar tosaíocht do chuntasacht as cóiríocht do Thaistealaithe a sheachadadh trí chreat láidir monatóireachta agus measúnaithe.

Bíonn éifeacht ag ciníochas agus leithcheal in aghaidh Taistealaithe chomh maith le heaspa feasachta cultúrtha faoi Thaistealaithe ar mheabhairshláinte Taistealaithe agus féadann sé dul i bhfeidhm ar phleanáil agus sheachadadh na cóiríochta do Thaistealaithe, trí chur in aghaidh forbairtí beartaithe. Dar leis an PGNST tá soláthar na hoiliúna frithchiníochais agus feasachta cultúrtha ríthábhachtach chun cur in aghaidh an chiníochais agus chun cinntiú go dtugtar freagairtí cultúrtha cuí chun dul i ngleic le neamhionannas sláinte i measc Taistealaithe. Táimid ag tacú le hoiliúint frithchiníochais agus feasachta cultúrtha a fhorbairt i seirbhísí an FSS le linn shaolré an PGSNT. Molaimid do chomhairlí cur chuige den chineál sin a ghlacadh agus oiliúint fhrithchiníochais agus feasachta cultúrtha a chur ar fáil i dtosach do bhaill de CCÁCTanna. Ina theannta sin, bhainfeadh CCTanna leas as gníomhartha chun aghaidh a thabhairt ar an gciníochas in aghaidh Taistealaithe sa phobal i gcoitinne chun tacú le lánpháirtíocht agus chun meabhairshláinte agus sláinte fhisiceach Taistealaithe a fheabhsú.

**Moltaí:**

- Cur le caidrimh a cothaíodh le linn COVID idir Údaráis Áitiúla agus Sláinte Phoiblí an FSS chun soláthar cóiríochta do Thaistealaithe a chumasú a thacaíonn le dea-shláinte fhisiceach agus mheabhrach Taistealaithe.
- Cinntiú go mbíonn ionadaíocht ar Thaistealaithe ar an CCÁCT, agus iad ainmnithe ag eagraíochtaí Taistealaí nó i gcás nach ann d’eagraíochtaí Taistealaí, tacóidh an CCNCT le hainmniúcháin. Íoslíon ionadaithe a shocrú le hionadaíocht fhiúntach a chinntiú.
- Ba cheart go mbeadh Measúnuithe Tionchair Sláinte ina réamhriachtanas agus cóiríocht á dearadh do Thaistealaithe. Ba cheart iad a dhéanamh ar chóiríocht atá ann cheana agus iad a athbhreithniú le linn shaolré an PCT.
- Ba cheart go léireofaí leis an gcumarsáid freastal ar leibhéil ísle litearthachta, agus ba cheart tacaí a thairiscint chun go mbeidh an chumarsáid fiúntach.
- Forbairt an PCT le bheith tacaithe ag creat daingean monatóireachta agus measúnaithe a chuimsíonn spriocanna agus buiséid bhliantúla.
- Forbróidh Údaráis Áitiúla tuairiscí bliantúla ar dhul chun cinn an PCT chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn; tuairiscí le cur faoi bhráid na Roinne Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

An tSeirbhís Sláinte Taistealaithe, Cúram Pobail FSS an Iarthair Láir, Campas Slainte Sheosaimh, An Sciathán Thoir Theas,
Sráid Mulgrave, Luimneach V94 C8DV

- Ba cheart d'Údaráis Áitiúla oiliúint a chur ar fáil do bhaill den CCÁCT ar fhrithchiníochas i ndáil le Taistealaithe agus Feasacht Chultúrtha faoi Thaistealaithe.

## 2. Cinntithigh Shóisialta don tSláinte

Is féidir le cóiríocht fheabhsaithe beatha a shábháil, galar a chosc, cáilíocht bheatha a fheabhsú agus bochtaineacht a laghdú. Léiríonn ár n-aighneacht, ar aon dul le beartas an rialtais, cur chuige bunaithe ar chinntithigh shóisialta i dtreo na sláinte lena n-aithnítear gurb ann do roinnt príomhchinnitheach sóisialta don tsláinte lasmuigh d'earnáil an chúram sláinte. Aithnítear leis an gcur chuige seo go mbíonn tionchar ag cúrsaí mar dhálaí maireachtála, ghnóthachtáil oideachasúil, stádas fostaíochta, ciníochas, leithcheal agus bochtaineacht ar shláinte mar atá léirithe i Sláintecare, Tithíocht do Chách agus an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte do Thaistealaithe. Is í an fhís atá i gceist leis an Straitéis Éire Shláintiúil *'go mbeidh Éire againn ina mbainfidh gach duine leas as sláinte agus folláine fhisiceach agus mheabhrach an oiread is féidir, ina leagfar luach ar an bhfolláine agus ina thacaítear léi ag gach leibhéal den tsochaí agus freagracht ar gach duine aisti.'*

Leis an bPlean Forfheidhmithe is deireanaí um Éire Shláintiúil le haghaidh 2023-2027 dearbhaítear an fhís sin agus tugtar gealltanas láidir chun aghaidh a thabhairt ar neamhionannas sláinte trí chur chuige uile-rialtais. Cuirtear chun cinn leis an Straitéis freisin comhpháirtíochtaí agus obair thrasearnála lena n-áirítear níos mó comhair idir seirbhísí sláinte agus Údaráis Áitiúla

Sa Staidéar Uile-Éireann ar Shláinte Taistealaithe (SUEST) (2010) tugadh taifead ar rátaí arda báis agus ionchas saoil íseal fós i measc Taistealaithe. Fuarthas leis an staidéar go bhféadfaí ionchas saoil phobal na dTaistealaithe sa lá atá inniu ann a chur i gcomparáid le hionchas saoil an phobail i gcoitinne ag deireadh na 1940í le haghaidh na bhfear agus ag tús na 1960í le haghaidh na mban. Seo a leanas roinnt príomhfhionnachtana maidir le rátaí báis agus ionchas saoil:

- Tá Ionchas Saoil ag am na breithe le haghaidh Taistealaithe fir fós ag leibhéal 1987 arb ionann sin agus 15.1 bliain níos lú ná fir sa phobal i gcoitinne.
- Tá ionchas saoil le haghaidh na mban 11.5 bliain níos lú an t-ionchas saoil le haghaidh na mban sa phobal i gcoitinne.
- Tá ráta báis Taistealaithe fir 3.7 uaire níos airde ná ráta báis na bhfear sa phobal i gcoitinne agus i gcás Taistealaithe mná tá an ráta báis 3.1 uaire níos airde.
- Meastar go bhfuil básmhaireacht naíonán i measc Taistealaithe 3.6 uaire níos airde ná mar atá sa phobal i gcoitinne.
- Tá an ráta féinmharaithe i measc Taistealaithe 6 huaire níos airde ná an ráta féinmharaithe i measc an phobail i gcoitinne.

Cé gurbh in 2010 a foilsíodh fionnachtana an Staidéar Uile-Éireann ar Shláinte Taistealaithe, tacaítear le cruinneas a chuid fionnachtana le roinnt suirbhéanna Stáit agus tuairiscí taighde ina dhiaidh sin, lenar áiríodh ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha ina Staidéar ó 2019 ar Thaistealaithe in Éirinn, agus níos deireanaí, ag an daonáireamh náisiúnta inar thug 15% de Thaistealaithe tuairisc ar riocht nó deacracht mharthanach amháin a bheith acu a chuir isteach orthu den chuid is mó nó go mór i gcomparáid le 8% de na daoine go léir a bhfuil cónaí orthu in Éirinn.[5] Ina theannta sin, tugadh le fios i nDaonáireamh 2022:

- As na leanaí go léir faoi bhun 15 bliana d'aois a bhfuil cónaí orthu sa Stát, thuairiscigh 4% go raibh riocht nó deacracht mharthanach amháin ar a laghad acu a chuir isteach go mór orthu, i gcomparáid le 7% de leanaí Taistealaí.
- Bhí an cion de Thaistealaithe 15-29 mbliana d'aois in Éirinn a raibh riocht nó deacracht mharthanach amháin acu ar a laghad a chuir isteach go mór orthu (13%) níos mó ná dhá uaire níos airde ná an cion de na daoine go léir sa chohórt aoise céanna (6%).

[5]https://www.cso.ie/en/releasesandpublications/ep/p -cpp5/census2022profile5-diversitymigrationethnicityirishtravellersreligion/irishtravellers/#:~:text=Census%20202 2%20Results&text=The%20number%20of%20rish%20 Travellers,per%201%20000%20of%20the%20population.

- Idir 30 agus 59 mbliana d'aois, bhí an cion den daonra a raibh riocht nó deacracht mharthanach amháin acu a chuir isteach go mór orthu, níos mó ná trí huaire níos airde le haghaidh Thaistealaithe na hÉireann (21%) ná an daonra i gcoitinne (6%)

Thug an staidéar le tuiscint go raibh an rochtain ar raon d'áiseanna seirbhíse poiblí go dona. Daonra an-óg iad Taistealaithe agus 63% de Thaistealaithe faoi bhun 25 bliana agus díreach 3% os cionn 65 bliana, ba é an ráta coibhéiseach don daonra i gcoitinne ná 13 3%.[6] Tá an meánteaghlach Taistealaí déanta suas de lánúin a bhfuil páistí acu agus ba é an méan ná 4 in aghaidh an teaghlaigh i gcomparáid le 2.7 don phobal i gcoitinne. Thug Daonáireamh 2022 le fios go bhfuil cónaí ar fhormhór na dTaistealaithe i gcóiríocht chaighdeánach, a thógtar ar cíos ó Údarás Áitiúil go príomha.

Tugaimid faoi deara, áfach, sna figiúir is deireanaí atá foilsithe ag an Roinn Tithíochta[7], go dtugtar tuairisc ar mhéadú 18% ar theaghlaigh Taistealaí atá ag roinnt tithíochta nó a bhfuil cónaí orthu cois bóthair, ar láithreáin neamhúdaraithe, gan rochtain ar áiseanna bunúsacha. Tá sé sin i gcomhthéacs róphlódaithe thromchúisigh; agus róphlódú i measc Taistealaithe seacht n-uaire níos airde ná an ráta náisiúnta agus go bhfuil rátaí díréireacha d'easpa dídine i measc Taistealaithe.

I gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais, aithnítear go dtéann an ciníochas córasach i bhfeidhm ar sheirbhísí poiblí, agus leis sin go mbíonn dúshláin bhreise ag Taistealaithe, atá ag lorg tacaíocht chuí agus soláthairtí tithíochta óna n-Údarás Áitiúil. Mar sin, ba cheart príomhshruthú ar oiliúint inseirbhíse ar fhrithchiníochas agus leithcheal le haghaidh ball foirne a chuimsiú i bpróisis Údaráis Áitiúil.

Tá an t-oideachas ina phríomhchinntitheach sóisialta don tsláinte. Agus Cóiríocht Shonrach do Thaistealaithe á pleanáil, ba cheart aird a thabhairt ar an gcaoi ar féidir le leanaí agus aosaigh Taistealaí rochtain a fháil ar thairiscintí oideachais sa cheantar áitiúil. Ba cheart soláthairtí oideachais i gceantar áitiúil na bhforbairtí beartaithe a chur san áireamh sa phróiseas comhairliúcháin um fhorbairt ar chóiríocht shonrach do Thaistealaithe d'fhonn feasacht a ardú i measc na soláthraithe sin ar riachtanais phobal na dTaistealaithe, agus cinntiú go ndéantar freastal ar na riachtanais sin sa cheantar áitiúil.

**Moltaí:**

- Ba cheart cóiríocht shonrach do Thaistealaithe atá oiriúnach go cultúrtha a fhorbairt, agus freastal ar riachtanais Taistealaithe siúlacha *trí láithreáin shealadacha a chur ar fáil mar a mholtar in Acht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998.*
  - Ba cheart go mbeadh ról díreach ag eagraíochtaí Taistealaí sna measúnuithe ar riachtanais chóiríochta chun na riachtanais reatha agus na riachtanais tuartha a ghabháil i gcomhréir leis na treoirlínte ar PCTanna. Ba cheart go gcuimseofaí leis sin teaghlaigh Taistealaí atá gan dídean agus a bhfuil cónaí orthu ar láithreáin neamhúdaraithe.
  - Is gá riachtanais Taistealaithe breacaosta, Taistealaithe faoi mhíchumas agus leanaí Taistealaí a thógáil san áireamh go sonrach agus an PCT á fhorbairt.
    Ba cheart oiliúint inseirbhíse ar fhrithchiníochas agus leithcheal a chur ar bhaill fhoirne Údaráis Áitiúil chun cloí leis na hoibleagáidí dualgais dhearfaigh agus gealltanais a chomhlíonadh i gcomhréir leis an bPlean Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais.
  - Is gá ról a thabhairt do sholáthraithe oideachais i bhforbairt PCTanna chun a chinntiú go dtuigtear riachtanais oideachais taistealaithe ina gceantar agus chun tacú le soláthraithe oideachais lena dtuiscint.

[6] https://www.cso.ie/en/releasesan dpublications/ep/p-cp8iter/p8iter/p8itd/
[7] https://www.gov.ie/en/collection/29c76 -traveller-accommodation-statistics/#2022

## 3. Tionchar an scaipthe & an bheartais i ndáil le cóiríocht phríobháideach ar cíos

Tugadh taifead sa SUÉST go bhfuil coincheap na dTaistealaithe mar phobal ag croílár a dtuisceana ar a stádas sláinte. Tugann Taistealaithe faoi fhéinaithint, roinneann siad cultúr, agus córais luacha, roghnaíonn siad bualadh lena chéile agus bailiú le chéile agus leagann siad luach ar líonraí neasghaolta agus teaghlaigh shínte. Faightear go bhfuil an 'caipiteal sóisialta' sin go maith don tsláinte.

Tá sé ag tarlú níos mó go bhfuil cóiríocht á tabhairt ag Údaráis Áitiúla do theaghlaigh Taistealaí in earnáil na cóiríochta príobháidí ar cíos - i dtithe nó in árasáin, agus nach bhfuil mórán cóiríochta sonraí do Thaistealaithe á tógáil. Fadhb eile atá ag teacht chun cinn do Thaistealaithe í easpa daingne tionachta agus cóiríocht á tabhairt do líon teaghlach Taistealaí a éiríonn níos mó i gcónaí trí hearnáil na cóiríochta príobháidí ar cíos agus úsáid á baint as an Íocaíocht Cúnaimh Tithíochta (ÍCT) agus an Scéim um Chóiríocht ar Cíos (SCC). Bíonn teaghlaigh Taistealaí a dtugtar cóiríocht dóibh ar an gcaoi sin dofheicthe fós toisc go mbailítear i bhfoirmeacha Tacaíochta/Measúnaithe Tithíochta Sóisialta na n-Údarás Áitiúil faisnéis faoi iarratais ar chóiríocht shonrach do Thaistealaithe, iarratas nach dóchúil go ndéanfaidh Údaráis Áitiúla freastal air go luath. Cé go n-aithnímid go bhfuil roinnt dul chun cinn déanta maidir le sonraí eitneachta a bhailiú ag Córas Cóiríochta agus Tacaíochta Slí Abhaile (PASS), trí haitheantóir uilíoch eitneach a chur i bhfeidhm, tá imní ann nach gcuirtear an cheist sin i bhfeidhm san iarratas ar Thacaíocht Tithíochta ach maidir le Taistealaithe, agus go bhfuil sé sin i gcoinne cuir chuige atá bunaithe ar chearta daonna.

I gcás go bhfuil cóiríocht á tabhairt do Thaistealaithe in earnáil na cóiríochta príobháidí ar cíos, i gceantair tuaithe ach go háirithe, is minic go leithdháiltear cóiríocht do theaghlaigh Taistealaí i mbailte difriúla agus go ngabhann deacrachtaí leis sin maidir le rochtain ar bhaill den teaghlach sínte. Féadann na cleachtais sin cur le leithlisiú méadaithe i measc theaghlaigh Taistealaí agus le deacrachtaí maidir le rochtain a fháil ar thacaíocht ó bhaill den teaghlach sínte le leanaí a thógáil, feighlíocht leanaí, tacaíocht obair bhaile, cabhrú le gaolta breoite, mná a chosaint i gcás go bhfuil foréigean ar siúl ina n-aghaidh. Is féidir leo chomh maith teaghlaigh Taistealaí a scaradh amach agus iad a fhágáil leochaileach d'ionsaí in amanna coinbhleachta pobail. Féadann siad chomh maith leanaí a nochtadh do leithcheal ó chomharsana 'socraithe' ag aois luath. Mar a tugadh le fios i nDaonáireamh 2022 tá teaghlaigh Taistealaí á mbrú amach ó mhargadh na cóiríochta príobháidí ar cíos agus á gcur i suíomhanna leochaileacha, lena n-áirítear easpa dídine, agus é tuairiscithe de réir na bhfigiúr go raibh cónaí ar 14% de Thaistealaithe "i gcóiríocht shealadach", rud a chiallaíonn go bunúsach go bhfuil cónaí ar theaghlaigh agus leanaí Taistealaí cois bóthair, gan rochtain acu ar áiseanna bunúsacha. Cosúil le gach teaghlach, bíonn an suíomh sin thar a bheith strusmhar do theaghlaigh Taistealaí, agus bíonn tionchar diúltach aige ar a sláinte.

Tá ról lárnach ag na PCTanna maidir le haghaidh a thabhairt ar ghéarchéim na cóiríochta agus ar thionchar díréireach an easpa dídine i measc Taistealaithe. Meastar go bhfuil 39% de Thaistealaithe gan dídean i gcomhréir le sainmhíniú ETHOS. Léirítear leis na figiúirí ón Roinn Tithíochta go bhfuil cónaí ar 1,561 teaghlach Taistealaí, nó thart ar 6,244 Taistealaí cois bóthair nó go bhfuil cóiríocht á roinnt acu. Is tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuirtear san áireamh sa tacar sonraí seo cásanna ina bhfuil dhá nó trí theaghlach Taistealaí ag roinnt bá, clóis agus áiseanna agus mar sin go ndéantar méid na géarchéime a ghannmheas leis na figiúir sin. Grúpa leochaileach atá i mbaol easpa dídine iad mná ach go háirithe, agus is ionann iad agus méid measta de 50% de dhaonra na ndaoine gan dídean, figiúr atá i bhfad níos airde ná an meán náisiúnta. Téann an easpa dídine i bhfeidhm go mór ar mhná agus leanaí Taistealaí; fulaingíonn siad leithcheal ar leibhéil éagsúla agus bíonn deacrachtaí breise acu maidir le rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí, agus mar sin féadann siad bheith ina ndream ceilte i measc daoine gan dídean.

Tacaíonn an IHREC leis an anailís ar easpa dídine Taistealaithe, agus é sonraithe gurb iad "baill de phobal na dTaistealaithe is mó atá i mbaol bheith gan dídean" agus go dtugann siad aghaidh ar chiníochas agus leithcheal anuas air sin agus iad ag iarraidh rochtain a fháil ar thithíocht in earnálacha na cóiríochta poiblí agus príobháidí ar cíos[8]. Mar an t-eadránaí um chóiríocht atá oiriúnach go cultúrtha

[8] IHREC Leithcheal agus neamhionannas sa Tithíocht in Éirinn, 2018

tá ról lárnach ag Údaráis Áitiúla maidir le heaspa dídine a chosc chomh maith leis an liosta fada deacrachtaí sláinte a ghabhann léi sin le haghaidh Taistealaithe, ó leithlisiú, andúil agus foréigean tí go baol méadaithe drochshláinte agus riochtaí ainsealacha.

Aithnítear níos mó anois go mbraitheann an fholláine mheabhrach ar fholláine fhisiceach agus shóisialta. Fadhb mhór ab ea leithcheal braite do gach Taistealaí a ndearnadh taifead orthu i SUÉST. Tugann sé sin, i dteannta le fianaise ar ráta féinmharaithe atá sé uaire níos airde ná an meán ábhartha (agus seacht n-uaire níos airde do Thaistealaithe fir), chomh maith le líon ard na dTaistealaithe a dúirt nach raibh a meabhairshláinte go maith agus go raibh dúlagar orthu, le tuiscint go bhfuil soláthar cóiríochta ina idirghabhálaí lárnach i meabhairshláinte Taistealaithe, agus ní mór an méid sin a chur san áireamh i PCTanna.

**Moltaí:**

- Ba cheart soláthar a dhéanamh do chóiríocht shonrach do Thaistealaithe sa PCT.
- Ba cheart tosaíocht a thabhairt do líonraí teaghlaigh shínte de chuid Taistealaithe agus a chur san áireamh agus cóiríocht á leithdháileadh do Thaistealaithe, le hionchur ó na Taistealaithe féin.
- Aitheantóir eitneach uilíoch (ar aon dul le caighdeáin ar chearta daonna) le cur i bhfeidhm thar gach tacar sonraí riaracháin in Údaráis Áitiúla i gcomhréir le NTRIS.

## 4. Ábhair imní timpeallachta agus a dtionchar ar an tsláinte

Leis an bPlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Shláinte Taistealaithe aithnítear tábhacht na timpeallachta ina bhfuil cónaí ar Thaistealaithe ó thaobh a gceangail le torthaí sláinte. Tá cónaí ar go leor Taistealaithe fós i ndrochdhálaí cóiríochta agus i dtimpeallacht fhisiceach mhíshábháilte lena nochtar teaghlaigh do ghalair thógálacha mar an bhfliú, an rinivíreas agus ionfhabhtuithe. Is minic go mbíonn leibhéal ard de róphlódú; d'fhadbanna taise; d'inmhíolú péisteanna agus easpa áiseanna bunúsacha mar shéarachas, iompar poiblí, bóithre pábháilte, cosáin do choisithe agus soilse leictreacha. Fadhbanna a dtarraingíonn Taistealaithe aird orthu iad dumpáil mhídhleathach agus bailiú eadrannach bruscair. Ábhair imní do chónaitheoirí Taistealaí iad droch-dhearadh láithreáin agus fadhbanna draenála chomh maith le guaiseacha timpeallachta ó thalamh taobh le cóiríocht do Thaistealaithe. Tugadh taifead sa SUÉST nach bhfuil mórán Taistealaithe ina n-úinéirí ar a dtithe (níos lú ná 13% i gcomparáid le 70% de shealbhóirí eile cárta leighis). Bíonn roinnt Taistealaithe i mbaol díbeartha i gcónaí. Dar le ceathrú de theaghlaigh bhí cónaí orthu in áit a bhí míshláintiúil nó thar a bheith míshláintiúil agus mheas 26.4% gurbh míshábháilte a n-áit chónaithe.

Chuaigh an díothú ainsealach a fheictear i gcóiríocht Taistealaithe agus na fadhbanna sláinte poiblí a tháinig chun cinn ó sin chun donais i rith phaindéim COVID-19. I gcás go leor Taistealaithe a raibh cónaí orthu i ndálaí róphlódaithe agus nach raibh teacht acu ar uisce reatha níorbh fhéidir leo cloí le teachtaireachtaí bunúsacha sláinte poiblí maidir le ní na lámh, scaradh sóisialta agus féinleithlisiú chun iad féin a chosaint in aghaidh COVID-19. Bhí na rátaí d'ionfhabhtú Covid-19 níos airde i measc dhaonra na dTaistealaithe i rith na paindéime. Cuireadh soláthar uisce, leithreas, athchóiriú, oibreacha láithreáin agus cóiríocht agus spás soghluaiste breise ar fáil áit ina raibh róphlódú mar gheall ar obair na ASTanna, na n-eagraíochtaí Taistealaí, Sláinte Phoiblí an FSS agus na n-Údarás Áitiúil. Rinneadh soláthar chomh maith d'áiseanna féinleithlisithe, lenar áiríodh cistiú a chur ar fáil do gach Údarás áitiúil chun leantóirí breise (aonaid leithlisithe) a sholáthar áit ba ghá. Mar gheall ar an meicníocht sin agus oibreacha dá barr i gcomhpháirt le hÚdaráis Áitiúla agus leis na hAonaid Sláinte Taistealaithe sna ceantair áitiúla, baineadh amach go leor athruithe dearfacha, ach léirítear leis na sonraí deireanacha fós go bhfuil róphlódú agus easpa dídine ag dul i méid mar ábhar imní, d'ainneoin na n-idirghabhálacha sin. I gcás aon ghéarchéimeanna sláinte poiblí eile beidh tionchar díréireach acu fós ar Thaistealaithe i gcás go bhfuil fachtóirí maolaithe mar chóiríocht oiriúnach fós ina n-ábhar imní.

Nuair a chónaítear ar láithreáin leithlisithe, níos faide ná fad siúil ó sheirbhísí, d'fhéadfadh nárbh fhéidir taisteal chuig coinní sláinte i rith an lae. Is amhlaidh sin freisin ó thaobh deiseanna oideachais agus fostaíochta. Le haghaidh na dteaghlach úd nach bhfuil áit údaraithe le fanacht acu, d'fhéadfadh gurbh mó an tosaíocht áit stad a aimsiú ina bhfuil sláintíocht agus uisce seachas déileáil le saincheisteanna coisctheacha leighis. Le soghluaisteacht éigeantach, mar gheall ar dhíbirt nó easpa áiteanna stad, laghdaítear go mór deiseanna freastal ar choinní, cúram leantach a fháil agus rochtain a fháil ar raon de chúram sláinte coisctheach. Ní mór measúnuithe tionchair sláinte a thabhairt isteach agus cóiríocht do Thaistealaithe á dearadh, le cinntiú, ar a lú, go bhféadann teaghlaigh cónaí i dtimpeallacht a chuirfidh chun cinn a sláinte agus a bhfolláine i gcoitinne. Ní mór insiúltacht agus iompar a mheas agus Cóiríocht do Thaistealaithe á dearadh.

I gcás Taistealaithe a bhfuil cónaí orthu ar láithreáin stad, i leantóirí agus iad siúd a bhfuil cónaí orthu i dtithe nó i ngrúpscéimeanna tithíochta nach bhfuil tíosach ar fhuinneamh, is fadhb í an bhochtaineacht fhuinnimh agus baineann fadhbanna sláinte leis. I nDaonáireamh 2022 fuarthas gurbh é cion na dTaistealaithe Éireannacha a raibh cónaí orthu i dteaghlaigh phríobháideacha agus iad ina gcónaí i leantóirí, (carbháin, tithe soghluaiste, nó cóiríocht shealadach eile) ná 8% in 2022. Thabharfaí figiúr i bhfad níos airde (níos gaire d'fhigiúr SUÉST) le fios leis an gcomhaireamh bliantúil ar theaghlaigh Taistealaí a dhéanann Údaráis Áitiúla le haghaidh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta. Tugtar le fios go bhfuil cónaí ar 12% de theaghlaigh ar láithreáin stad agus go bhfuil cónaí ar 7.6% eile ar láithreáin neamhúdaraithe (leantóirí nach bhfuil ar láithreáin atá faofa go poiblí nó atá ar thalamh príobháideach).

Is tábhachtach sin toisc gurb eol dúinn nach bhfuil na leantóirí (tithe soghluaiste/carbháin) a bhfuil cónaí ar Thaistealaithe iontu de chaighdeán cónaithe, gur gnách go mbíonn siad 15 bliana nó níos sine, go mbíonn an

t-insliú agus an t-aerú go dona iontu, agus go bhfuil cónaí ar 77% atá i dtithe soghluaiste/i gcarbháin i mbochtaineacht fhuinnimh[9]. Go dtógfaí cóiríocht shonrach do Thaistealaithe ar aon dul le rialacháin chaighdeánacha tógála, lena n-áirítear scéimeanna grúpthithíochta agus láithreáin stad. Níl aon cheanglas go mbeadh leantóirí/tithe soghluaiste a bhfuil cónaí ar Thaistealaithe iontu de chaighdeán cónaithe. Molaimid d'Údaráis Áitiúla a chinntiú go soláthraíonn scéimeanna Iasachta/ Cíosa Carbháin do thithe soghluaiste caighdeán chónaithe de réir Chaighdeán na Breataine BS3632.

> *'Cuireann teochtaí fuara laistigh strus teirmeach ar an gcorp agus féadann siad dul i bhfeidhm ar an gcóras imdhíonachta, ar an gcóras imshruthaithe agus ar an gcóras cardashoithíoch. Gintear múscán, taise agus míolta dusta i dtithe fuara agus féadann siad siúd dul i bhfeidhm ar riochtaí riospráide agus ailléirgeacha. Bíonn drochthionchar ag an mBochtaineacht Fhuinnimh ar chuma daoine rochtain a fháil ar sheirbhísí bunriachtanacha agus cuireann sí teorainn lena gcuid roghanna maidir le bualadh le daoine, rochtain ar an idirlíon, roghanna bia shláintiúil, freastal ar shaoráidí oideachais agus obair. Aithníodh leanaí atá i mbaol bochtaineachta breosla mar ghrúpa atá leochaileach ach go háirithe le haghaidh impleachtaí sláinte san fhadtéarma.'*[10].

Is eol dúinn go mbíonn tionchar ag an athrú aeráide ar ghrúpaí faoi mhíbhuntáiste, ar Thaistealaithe Éireannacha ach go háirithe. Mar sin ní mór cinntiú le Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe go gcuirtear cúrsaí athraithe aeráide san áireamh go cuimsitheach sa phróiseas pleanála um chóiríocht shonrach do Thaistealaithe. Ba cheart cúrsaí timpeallachta mar a bhaineann le meabhairshláinte agus sláinte fhisiceach dhearfach a choinneáil, a chur san áireamh sa phróiseas pleanála freisin. Mar sin, ba cheart forbairtí a mheas ó thaobh ionad agus leagan amach láithreán agus ba cheart an méid sin a mheas agus aonaid chóiríochta aonair á dtógáil. Is tábhachtach go gcuimseofaí measúnuithe timpeallachta agus fuinnimh i gClár Chóiríochta do Thaistealaithe agus go ndéanfaí a gcuid fionnachtana a chumhdach i CCTanna. Mar chuid den phróiseas sin, ba cheart tosaíocht a thabhairt i bpleananna do chóiríocht shonrach do Thaistealaithe i ndáil le bearta maolaithe aeráide agus éifeachtúlacht fuinnimh le cinntiú go bhfuil cóiríocht de chaighdeán maith agus gur féidir léi drochiarmhairtí an athraithe aeráide a sheasamh. Ba cheart tosaíocht a thabhairt do chóiríocht do Thaistealaithe um bearta éifeachtúlachta fuinnimh.

**Moltaí:**

- Ba cheart creat chun sláinte timpeallachta a fheabhsú i gcóiríocht do Thaistealaithe agus a chuimsiú sa PCT.
- Ba cheart leas a bhaint as an bhfoghlaim agus as meicníochtaí a úsáideadh chun tacú le soláthar cóiríochta do Thaistealaithe i rith COVID-19 agus a phríomhshruthú i bpróisis PCT.
- Is gá insiúltacht, sábháilteacht agus riachtanas iompair a chumhdach agus cóiríocht á dearadh do Thaistealaithe.
- Molaimid go gcinnteodh Údaráis Áitiúla go ndéanfadh soláthar le Scéimeanna Cíosa/Iasachta Carbháin do thithe soghluaiste caighdeáin chónaithe de réir Chaighdeán na Breataine BS3632.
- Is gá cúrsaí Timpeallachta agus Athraithe Aeráide a chur san áireamh agus Cóiríocht do Thaistealaithe á pleanáil.
- Ba cheart tosaíocht a thabhairt do Chóiríocht do Thaistealaithe um iarfheistiú fuinnimh agus ba cheart forbairtí nua a thógáil de réir na gcaighdeán fuinnimh is airde leis na teicneolaíochtaí fuinnimh is deireanaí chun aghaidh a thabhairt ar bhochtaineacht fhuinnimh.

## 5. Riachtanais Leanaí Taistealaí

Ba é teideal an chreat náisiúnta beartais do leanaí agus dhaoine óga 2014 – 2020 ná Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile. I gcomhréir leis an mbeartas seo, seo a leanas na cúig thoradh náisiúnta a theastaíonn uainn le haghaidh ár gcuid leanaí agus daoine óga:

1. Go bhfuil siad gníomhach agus sláintiúil, agus folláine fhisiceach agus mheabhrach acu.
2. Go bhfuil an n-acmhainn iomlán á comhlíonadh acu i ngach réimse dá bhfoghlaim agus dá bhforbairt.
3. Go bhfuil siad sábháilte agus cosanta ar dhochar.
4. Go bhfuil slándáil agus deiseanna eacnamaíocha acu.
5. Go bhfuil siad nasctha, go léirítear meas orthu, agus go bhfuil siad rannpháirteach ina ndomhan.

Agus Pleananna Cóiríochta do Thaistealaithe á meas, is tábhachtach na haidhmeanna sin a choinneáil i gcuimhne agus tithíocht agus cóiríocht a phleanáil a chabhraíonn le Leanaí Taistealaí na spriocanna sin a chomhlíonadh.

Bíonn teaghlaigh Taistealaí níos mó ná teaghlaigh sa phobal i gcoitinne, ach bíonn níos lú seomraí ag Taistealaithe ina dtithe i gcomparáid lena macasamhlacha socraithe (SUÉST & Daonáireamh 2022) agus an toradh a bhíonn air sin ná gur minic go mbíonn cónaí ar leanaí Taistealaithe i ndálaí róphlódaithe. D'ainneoin go mbíonn teaghlaigh níos mó acu, tugadh taifead sa SUÉST nach raibh aon áiteanna spraoi sábháilte ag 77.5% do leanaí Taistealaí ar a gcuid láithreán ná scéimeanna grúpthithíochta. Is minic gur cuireadh sábháilteacht leanaí Taistealaí i mbaol mar gheall ar easpa áiseanna súgartha. I nGníomh 61 den Straitéis Náisiúnta ar Chuimsiú Taistealaithe agus Romach (NTRIS) ceanglaítear ar Údaráis Áitiúla a chinntiú go bhfuil rochtain ar fáil ar áiteanna súgartha sábháilte agus cuí, agus cóiríocht shonrach á dearadh do Thaistealaithe. Anuas air sin, baol ann ar ábhar imní é chomh maith ná gaire go leor láithreáin Taistealaí do dhébhealaí agus easpa soilse do choisithe; cuirtear Taistealaithe óga i mbaol agus iad ag siúl chun na scoile, chuig na siopaí nó chuig áiseanna caithimh aimsire mar gheall ar easpa cosán nó soilse.

Féadann cónaí i gcóiríocht droch-chaighdeáin agus róphlódú cur le deacrachtaí sláinte do leanaí. Tá sé léirithe ag an taighde go bhféadann róphlódú cur le méadú ar ghalar tógálach i measc leanaí go háirithe gaistreintríteas, neamhoird chraicinn agus ionfhabhtuithe craicinn. Tá fianaise ann freisin go bhféadann cónaí i ndálaí gan mórán spáis agus i ndroch-chóiríocht bac a chur ar fhorbairt leanaí. Féadann drochshláinte fhisiceach bheith mar thoradh air lena n-airítear méadú ar tharlú asma i measc leanaí. Tugadh taifead sa SUÉST ar ráta asma i leanaí de 70% i leanaí Taistealaí agus fadhb sláinte reatha tuairiscithe. Tugadh tuairisc ann freisin go raibh fadhbanna éisteachta, radharc na súl agus urlabhra níos coitianta i measc leanaí Taistealaí i gcomparáid leis an bpobal i gcoitinne-tá sé sin ag teacht leis an bhfianaise idirnáisiúnta.

Is gá rochtain ar oideachas luathóige do leanaí Taistealaí a mholadh, agus a mheas agus ionaid á bpleanáil le haghaidh cóiríochta do Thaistealaithe. Mar thoradh ar rátaí ísle de ghlacadh le hoideachas luathóige bíonn leanaí chun deiridh ar a gcuid piaraí ó thús na scolaíochta, agus is deacair an bhearna sin a chlúdach. Is gá rochtain ar Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna a chur san áireamh freisin.

Le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh cosnaítear cearta cultúrtha leanaí a bhaineann le grúpaí dúchasacha agus mionlaigh, leanaí Taistealaí san áireamh. Baineann easpa sholáthar na cóiríochta sonraí do Thaistealaithe agus easpa cur i bhfeidhm i ndáil leis an Acht um Fhorálacha Ilghnéitheacha de chearta leanaí Taistealaí i ndáil lena gcultúr a chleachtadh agus deis a bheith acu leanúint ar aghaidh le roinnt traidisiún dá cuid lena n-áirítear an ceart bheith siúlach. Má scaiptear teaghlaigh Thaistealaí ar fud cheantair Údaráis Áitiúil agus má dhéantar leanaí Taistealaí a leithlisiú i dtithe agus in árasáin phríobháideacha ar cíos baintear an bonn de chultúr na dTaistealaithe agus léirítear tionchair dhiúltacha ar an tsláinte i bhfadhbanna meabhairshláinte, i mí-úsáid substainte agus i mbriseadh síos teaghlach. Bíonn éifeacht ag an droch-chóiríocht freisin ar rannpháirtíocht leanaí Taistealaí sa chóras oideachais agus a gcuid torthaí uaidh.

**Moltaí:**

- Ba cheart beartais náisiúnta i ndáil le leanaí, go háirithe Torthaí Níos Fearr, Todhchaí Níos Gile, a chur san áireamh agus cóiríocht á pleanáil le haghaidh Teaghlaigh Taistealaí.
- Ba cheart áiseanna súgartha a chur ar fáil i gcóiríocht shonrach do Thaistealaithe ar aon dul le Gníomh 61 i NTRIS.
- Ba cheart cearta cultúrtha leanaí Taistealaí a chur san áireamh agus cóiríocht do Thaistealaitheá pleanáil agus á soláthar.
- Is gá rochtain leanaí ar oideachas luathóige, agus ar oideachas príomhshrutha a mheas agus a phleanáil agus cóiríocht do Thaistealaithe á pleanáil.
- Is gá táscairí folláine leanaí a chur san áireamh sa PCT.
- Ba cheart cóiríocht shonrach do Thaistealaithe a mheasúnú i ndáil lena tionchar ar fholláine leanaí agus aghaidh a thabhairt ar na fionnachtana le huasghrádú; cothabháil nó forbairt.

Le Comhaontas na hÉireann chun Deireadh a chur le hEaspa Dídine i measc Daoine Óga, a bunaíodh i Meán Fómhair 2017, déantar comhdhlúthú ar obair eagraíochaí éagsúla a oibríonn i réimse daoine óga, tithíochta agus easpa dídine[13] agus ball é den Ghrúpa Stiúrtha a bhunaigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta um Dhaoine Óga gan Dídean 2023-25.

Le hAcht na dTithe (Cóiríocht don Lucht Siúil) 1998 déanfar foráil d'ionchur poiblí i agus comhairliúchán poiblí maidir le Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe a ullmhú agus a chur i bhfeidhm.

Iarrann Comhaontas na hÉireann chun Deireadh a chur le hEaspa Dídine i measc Daoine Óga ar gach Údarás Áitiúil, agus cláir Chóiríochta do Thaistealaithe á n-ullmhú acu cinntiú go n-aithnítear easpa dídine i measc daoine óga, ar aon dul leis an mbeartas náisiúnta faoi Thithíocht do Chách, agus an Straitéis Náisiúnta um Dhaoine Óga gan Dídean 2023-25. Sa Straitéis um Dhaoine Óga gan Dídean aithnítear baill óga de phobal na dTaistealaithe mar chohórt lena mbaineann leochaileacht mhéadaithe d'easpa dídine.

Maidir le Cláir Chóiríochta do Thaistealaithe, ceanglaíonn an Straitéis um Dhaoine Óga gan Dídean ar gach Údarás Áitiúil gníomhartha sonracha a chur san áireamh i gClár Chóiríochta do Thaistealaithe amach anseo chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine i measc daoine óga. [14]

**Moltaí um Fhorbairt an Chláir Chóiríochta do Thaistealaithe 2025 – 2029**

Tarraingíonn an Comhaontas aird freisin ar na gníomhartha gaolmhara thíos faoin Straitéis um Dhaoine Óga gan Dídean dá bhfuil Údaráis Áitiúla ina n-úinéirí/ina gcomhúinéirí ainmnithe.

- Cláir chun easpa dídine a chosc a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm le haghaidh daoine óga. [15]
- Nascacht a fheabhsú idir údaráis áitiúla agus Tusla, le cinntiú gur féidir tacaí cuí a sholáthar. [16]
- Oibriú leis na CCÁCTanna le haon tacaí breise a mheas agus a chur i bhfeidhm ar leibhéal áitiúil a theastaíonn chun cabhrú le Taistealaithe atá i mbaol easpa dídine a bheith acu.[17]
- Cinntiú go gcuimsítear go sonrach daoine óga i bPleananna Gníomhaíochta Réigiúnacha um Easpa Dídine, agus aird tugtha orthu siúd a aithníodh sa Straitéis mar chohóirt leochaileacha.[18]
- Cláir Tacaíochta do Thionachtaí Óige a bhunú. [19]

Chun an nasc idir beartais náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla i ndáil le tithíocht agus le heaspa dídine a chinntiú, ba cheart do gach Údarás Áitiúil na gníomhartha sin a mheas chun cinntiú go sainítear go cuimsitheach an riachtanas, agus go gcuirtear tacaíocht chuí ar fáil le freastal ar an riachtanas sin.

---

[13] Tá an Comhaontas déanta suas de; Barnardos, Belong To, Clúid Housing, Cope na Gaillimhe, Crosscare, Depaul, EPIC, Focus Ireland, Foróige, Gluaiseacht Taistealaithe na hÉireann, Comhairle Náisiúnta na nÓg, Novas, Iontaobhas Peter McVerry, Pobail Shíomóin, Cumann Naomh Uinseann de Pól, Spunout, An Clár Tacaíochta um Thuismitheoirí sna Déaga, Threshold, Aontas Náisiúnta na Mac Léinn.

[14] An Straitéis Náisiúnta um Dhaoine Óga gan Dídean Gníomh 21: Gníomhartha sonracha a áireamh i gCláir Chóiríochta do Thaistealaithe (CCTanna) amach anseo, chun aghaidh a thabhairt ar easpa dídine i measc daoine óga.

[15] Gníomh 2.

[16] Gníomh 4.

[17] Gníomh 8.

[18] Gníomh 15.

[19] Gníomh 23.





Comhairle Cathrach
& Contae **Luimnigh**

**Limerick** City
& County Council

ATLANTIC EDGE
LIMERICK
EUROPEAN EMBRACE